



Bus Éireann Tuarascáil Bhliantúil 2023



Iompar Inbhuanaithe do Chách



Clár na nÁbhar

Buaicphointí	2
Maidir le Bus Éireann	4
Ár gCuid Luachanna	5
Éachtaí i dtaobh Cheann Scríbe 2023	5
Príomhpháirtithe Leasmhara	5
Ráiteas ón gCathaoirleach	6
Tuarascáil an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin 2023	10
Súil Siar ar an mBliain	15
Inbhuanaitheacht	28
Athbhreithniú Airgeadais	34
Faisnéis faoin gCuideachta	38
An Fhoireann Ardcheannaireachta	39
An Bord Stiúrthóirí	41
Tuarascáil na Stiúrthóirí	43
Ráiteas um Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí	52
Tuarascáil na n-iniúcháirí neamhspleácha do chomhaltaí Bhus Éireann	53
Cuntas Brabúis agus Cailteanais	56
Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach	57
Clár Comhardaithe	58
Ráiteas um Athruithe ar an gCaipiteal Gnáthscaireanna	59
Ráiteas um Shreabhadh Airgid	60
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	61

Buaicphointí

Ioncam

€583.7 milliún

(+14%)

Brabús agus Cailteanas

€-0.7 milliún



(vs -€1.5m in 2022)

Laghdú ar Astaíochtaí CO₂

Níos mó ná 400,000kg seachanta

Seirbhísí Saor ó Astaíochtaí

Níos mó ná 530,000 ciliméadar

Líon na nAistear Paisinéara

107 milliún

(+19.5%)

Líon na bPáistí ar Sheirbhísí Iompair Scoile

162,500

(+8%)

Líon na Seirbhísí Sceidealta a Oibríodh

97.9%

Scór maidir le Sásamh Custaiméirí

93%

Iompar Scoile

166.4 milliún
ciliméadar

(+7%)

Seirbhísí Bóthair do Phaisinéirí

70.4 milliún
ciliméadar

(+3%)

Bealaí OSP

216

Bealaí Expressway

14

Bealaí Iompair Scoile

9,765

(+9%)

Aistir Phaisinéara le Expressway

4.1 milliún

(+14%)



Fostaithe

2,932

Náisiúnachtaí

51

Príomhláithreacha

18

Uaireanta an Chloig Oiliúna

10,000+

Bearna Phá idir Fir agus Mná (i bhFabhar na mBan)

-11.8%

Earcaithe Nua in 2023 (Mná)

15.8%

Maidir le Bus Éireann

Is é an misean atá againn ná daoine agus pobail a nascadh le chéile ar bhealach inbhuanaithe, chun feabhas a chur ar an saol.

Is é an fhís atá againn an cháil a bheith orainn gur ceannairí domhanda muid i réimse an iompair phoiblí inbhuanaithe, líon na n-aistear paisinéara a dhúbailt trí sheirbhísí nua a bhunú, a bheith sármhaith ó thaobh oibríochtaí agus seirbhís do chustaiméirí de, agus an t-aistriú chun gnó atá neodrach ó thaobh astaíochtaí de a chur chun cinn.



Ár gCuid Luachanna



Sábháilteacht



Tús Áite do Chustaiméirí



Comhoibriú agus Meas



Feidhmíocht



Pleanáil Chun Cinn



Cleachtas Inbhuanaithe

Éachtaí i dtaobh Cheann Scríbe 2023

Sásamh Custaiméirí: Scór 93% a baineadh amach i leith sásamh custaiméirí, rud a sháraigh sprioc straitéiseach 90% maidir le heispéireas custaiméara den scoth a chur ar fáil ag gach pointe tadhaill.

Rannpháirtíocht Fostaithe: Baineadh amach scor 72% maidir le rannpháirtíocht fostaithe, rinneadh tréith na ceannaireachta a fhorbairt ar gach leibhéal agus cothaíodh cultúr feidhmíochta ionas gur áit iontach muid le bheith ag obair.

Inbhuanaitheacht ó thaobh Airgeadais de: Baineadh amach méadú 50% go €583.7m ar ioncam i gcomparáid le leibhéal 2018, rud a chinntíonn go bhfuil Bus Éireann lánchistithe anois agus don tréimhse amach romhainn, agus go bhfuil na heasnaimh thar cúig bliana laghdaithe ó €6.4 milliún go €0.7 milliún in 2023.

Soláthar Seirbhíse: Baineadh amach méadú 28% ar líon na n-aistear paisinéara go dtí 107 milliún aistear in aghaidh na bliana, agus gach seirbhís á feidhmiú go slán sábháilte, in am agus de réir an tráthchláir, lena n-áirítear an Scéim Iompair Scoile, faoina n-iompraítear suas le 162,500 páiste in aghaidh an lae, méadú 38% ó bhí 2018 ann.

Gnéithe Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais: Clúdaíodh os cionn 530,000 ciliméadar saor ó astaíochtaí, lenar seachnaíodh breis agus 400,000kg d'astaíochtaí CO₂ ón sceithphíopa agus muid ag díriú ar bheith ar cheann de na cuideachtaí náisiúnta iompair phoiblí is glaise san Eoraip.

Príomhpháirtithe Leasmhara



An Roinn Iompair
Department of Transport



An Roinn Oideachais
Department of Education



An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection



Ráiteas ón gCathaoirleach

Bhí an t-athrú i réim i mBus Éireann in 2023. Den chéad uair, sháraíomar an uasteorainn de 100 milliún aistear paisinéara in aghaidh na bliana.

Tá an-áthas orm ár dtuarascáil bhliantúil i leith 2023 a chur i láthair – bliain chinniúnach inar fhágamar paindéim Covid-19 inár ndiaidh agus inar bhaineamar amach méadú tapa ar líon na paisinéirí, méadú níos mó ná riamh, ar gach seirbhís de chuid Bhus Éireann, agus ina ndearnamar an-dul chun cinn i dtaobh cur leis an tsoghluasteacht inbhuanaithe ar fud na hÉireann.

An misean atá againn i dtaobh daoine agus pobail a nascadh le chéile ar bhealach inbhuanaithe chun feabhas a chur ar an saol, tá sé ailínithe go tréan le haidhm an Rialtais spriocanna gníomhaíochta aeráide a bhaint amach, tacú le fás geilleagrach, agus cuimsiú sóisialta a éascú. Tá gach ceann de na spriocanna sin ina gcuid lárnach den chuspóir atá ag an eagraíocht seo.

Níorbh fhéidir díriú ar an uaillmhian sin murach nuálaíocht agus dúthracht ár bhfostaithe i mBus Éireann agus murach an cumas atá acu dul in oiriúint d'athruithe. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt dóibh agus buíochas a ghabháil leo thar ceann an Bhoird, as a gcomhoibriú díograiseach le páirtithe leasmhara agus a bpobail, ní hamháin i dtaobh seirbhísí nua a chur ar bun, ach i dtaobh freagra éifeachtach a thabhairt ar na dúshlán a bhíonn ag gabháil le fás úr agus bealaí nua oibre in eagraíocht ar bith. Agus iad ag glacadh go fonnmhar le hathrú, tá ár bhfostaithe ag foghlaim scileanna nua san aistriú ón inneall dócháin inmheánaigh go dtí an teicneolaíocht leictreach agus tá siad ag obair go dian dícheallach chun seirbhísí phoiblí a sholáthar, lena chinntiú go mbeidh na seirbhísí taistil slán sábháilte agus go bhfuiltear ag freastal ar na daoine is mó a bhíonn ag brath ar na seirbhísí iompair phoiblí.

Bliain Chinniúnach

Bhí an t-athrú i réim i mBus Éireann in 2023. Den chéad uair, sháraíomar an uasteorainn de 100 milliún aistear paisinéara in aghaidh na bliana. Sheolamar an chéad ghréasán bus leictreach in Éirinn i mBaile Átha Luain – agus ba é an chéad tionscadal a cuireadh ar bun faoi Chlár 'Treo-Aimsitheoir' (*Pathfinder*) an Rialtais, a chuirfidh bonn eolais faoi sheoladh gréasán busanna leictreacha eile dár gcathracha agus dár mbailte réigiúnacha. Mar gheall ar na cúinsí oibriúcháin eisceachtúla, dúshlánacha a bhí i réim i dtaobh seirbhísí a sholáthar agus mar gheall ar leibhéal an bhoilscithe, ní dhearnamar brabús ach d'éirigh linn ár staid airgeadais a chobhsú. Thuairiscíomar feabhas beag i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin le toradh airgeadais -€0.7m. Chun muid féin a chur in oiriúint don fhás sa todhchaí, threisiomar ár bhfócas ar an earcaíocht agus mheallamar beagnach 500 duine nua chuig an ngnólacht cé go raibh an geilleagar faoi lánseol. Agus in ainneoin na ndúshlán a bhaineann le seirbhísí a sholáthar mar gheall ar an drochphlódú tráchtá agus méadú leanúnach a bheith ag teacht ar an daonra, bhaineamar amach na leibhéil is airde le cúig bliana anuas ó thaobh sásamh custaiméirí de faoi dheireadh 2023. Bhí ár gcustaiméirí sásta le seirbhísí nua, minicíocht mhéadaithe, táillí ísle agus tabhairt isteach feithiclí inrochtana nua, ar féidir níos mó daoine a iompar orthu, inár mbailte agus ár gcathracha, agus chuir na nithe sin go léir leis an scór.

A leithéid de leathnú chun freastal ar an méadú ar líon na n-aistear paisinéara agus líon na seirbhísí, ar mhaithe le soghluasteacht inbhuanaithe, ní bheadh sé indéanta



gan tacaíocht ón Roinn Oideachais agus ón Údarás Náisiúnta Iompair go háirithe. Is é an tÚdarás atá ag íoc as leathnú na seirbhísí sin.

Ba mhó ná riamh an borradh a bhí faoin Scéim Iompair Scoile in 2023, lenar áiríodh cabhrú le freastal ar na riachtanais a bhí ag pobail nua agus teaghlaigh atá ag lorg tearmainn ó thíortha atá buailte ag cogadh, riachtanas atá ag dul i méid. Rinneadh leathnú freisin ar bhealaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP) faoin bPlean Soghluaisteachta Tuaithe ‘Éire á Nascadh’, chomh maith leis an gclár um Oscailt an Mhargaidh Bus atá á fheidhmiú ag an Údarás Náisiúnta Iompair.

Maidir leis an gclár sin, is fianaise iontach ar an dul chun cinn é gur éirigh le Bus Éireann tairiscint a dhéanamh agus conarthaí a bhuachan chun seirbhísí Chonair Chomaitéireachta an Oirthir agus Bhaile Cheatharlach a oibriú in 2023. Cuireadh in iúl dúinn freisin go gcuirfí síneadh bliana le conradh Chathair Phort Láirge nuair a rachaidh an conradh in éag ag deireadh 2024 agus gur shonraigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair go rachaidh sé i mbun Conradh Dírdhámhachtana eile le Bus Éireann ón 1 Nollaig 2024 ar feadh tréimhse cúig bliana.

Is gnéithe tábhachtacha iadsan den dul chun cinn a rinneadh in 2023, rud a thugann an-mhuinín don Bhord go n-éireoidh go geal le Bus Éireann, agus go mbeidh ról tábhachtach ag an gcuideachta ó thaobh leanúint ar aghaidh ag soláthar seirbhísí iompair phoiblí agus soghluaisteacht inbhuanaithe do mhuintir na hÉireann, agus muid ag díriú i gcónaí ar chaighdeán ár seirbhíse. Tá áthas orm go bhfuil ár gcéad Ráiteas Inbhuanaitheachta 2023 ullmhaithe ag an gcuideachta,

mar chuid den obair ullmhúcháin atá ar bun chun ailíniú leis an Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach.

Rialachas agus Dearbhú

Agus an chuideachta ag fás, leanann an Bord ar aghaidh ag déanamh maoirseacht láidir ar bhainistíocht riosca lena chinntiú go gcomhlíontar gach ábhar, go háirithe iad siúd a bhaineann le maoiniú, sábháilteacht, comhlíonadh agus oibleagáidí conarthacha. Tá an Bord ag coinneáil súil ghéar fós ar dhá rud i ndáil le bainistíocht riosca airgeadais. Is iadsan an fheidhmíocht in aghaidh ár bplean dár seirbhís tráchtála Expressway (nach bhfaightear aon fhóirdheontas Stáit ina leith) agus íoslaghduithe a dhéanamh ar an asbhaint i ndáil le leibhéal seirbhíse i gcás conarthaí a fheidhmímid don Údarás Náisiúnta Iompair.

Lean Expressway ag teacht chuige féin i ndiaidh na paidéime agus comhlíonadh an plean ioncaim a bhí againn ina leith don bhliain 2023. Tá na costais ag méadú, áfach, agus is é an réamh-mheastachán airgeadais is déanaí atá againn ná nach go dtí 2025 a dhéanfar brabús ar na seirbhísí sin, arb ionann iad agus thart ar 8% dár ngnó iomlán. Tá an brabús ríthábhachtach i gcás na seirbhísí sin ionas gur féidir infheistíocht a dhéanamh sa fhlít feithiclí agus sa teicneolaíocht sa chaoi agus go gcoinneofar an tseirbhís ar bun agus go mbeidh sí inbhuanaithe.

I ndáil le hoibleagáidí conarthacha, tá an Bord agus an Fhoireann Fheidhmiúcháin ag díriú go tréan ar

phoncúlacht agus iontaofacht a fheabhsú chun asbhaintí i ndáil le leibhéal seirbhíse agus aon tionchar ar ár gcustaiméirí a íoslaghdú. Ós rud é gur toibhíodh asbhaintí nach beag faoinár gconarthaí in 2023, tá sé ríthábhachtach gur féidir na spriocanna seirbhíse a comhaontaíodh a bhaint amach agus go ndéanfar amhlaidh. Beidh an gnólacht ag díriú go tréan air sin agus muid ag forbairt ár bpleananna maidir le feabhas a chur ar an bponcúlacht agus ar phleananna earcaíochta i gcomhair 2024 agus ina dhiaidh sin.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis na Stiúrthóirí agus leis an bhfoireann ceannaireachta as an obair chrua gan staonadh a dhéanann siad agus as díriú in 2023 ar na saincheistanna sin agus ar na saincheistanna tábhachtacha eile. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le duine dár n-iarStiúrthóirí, Richard Manton, a d'fhág an ról i mí na Nollag 2023. Bhí Richard ina chathaoirleach ar ár gCoiste Inbhuanaitheachta, agus táimid buíochas as an obair iontach a rinne sé agus é ar an mBord, agus as an tacaíocht a thug sé dúinn.

Thug an Bord faoi mheastóireacht sheachtrach ar rialachas in 2023, i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú, agus leanfaidh sé ar aghaidh ag cinntiú go bhfuil maoirseacht láidir á déanamh ar gach ceann dár gcoistí: an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca, an Coiste Tráchtála agus Nuálaíochta, an Coiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta, an Coiste Inbhuanaitheachta agus an Coiste Luacha Saothair.

Fís Úr

Bhí áthas orm gur fhreastail an tAire Iompair, Eamon Ryan, ar ár gcruinniú boird i mí an Mhárta 2023 chun labhairt linn faoi uaillmhian an Rialtais maidir le cur le líon na n-aistear inbhuanaithe. Mar gheall ar an treoht fáis agus an timpeallacht oibriúcháin ina bhfuilimid ag feidhmiú, tá béim níos mó agus níos mó á leagan ar an inbhuanaitheacht, ar dhíriú ar na custaiméirí, agus ar an dul chun cinn ó thaobh na teicneolaíochta de.

Tacaímid go hiomlán le beartais an Rialtais atá dírithe ar shoghluaisteacht inbhuanaithe a mhéadú agus tuigimid go bhfágann riachtanais aeráide agus chomhshaoil go bhfuil gá práinneach le réitigh iompair níos glaise agus níos éifeachtaí. Tá cúrsaí iomaíochais ag athrú go tréan freisin, agus tá iomaíocht níos déine ann anois ó ghníomhaithe idirnáisiúnta agus seirbhísí soghluaisteachta nuálacha atá ag tabhairt dúshlán na samhla seanbhunaithe iompair phoiblí.

In 2023, thugamar faoi aistear straitéiseach nua chun treo Bhus Éireann amach anseo a shainiú. Ba mhór an onóir dúinn gur roghnaíodh Bus Éireann le bheith rannpháirteach i gclár 'Ceannaireacht le haghaidh Fáis' Fhiontraíocht Éireann in 2023, faoinar tugadh cúnamh dár bhFoireann Feidhmiúcháin le cás-staidéir, tagarmharcanna agus imeachtaí a bhí dírithe ar neartú na foirniúlachta chun cuidiú linn straitéis a fhorbairt. Is í ár straitéis nua, Fís 28, an toradh atá ar an taighde fairsing, ar an gcomhairliúchán le príomhpháirtithe leasmhara, agus ar an machnamh a rinneamar féin maidir le cosán a leagan amach atá i gcomhréir lenár misean seanbhunaithe i leith na seirbhíse poiblí, agus, an tráth céanna, lena dtapaítear deiseanna agus lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin an lae inniu agus ar dhúshláin na todhchaí.

Bainfear amach fás inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de i ndlúthchomhar lenár bpríomhpháirtithe leasmhara agus, i ndáil leis sin, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire Eamon Ryan TD, leis an Aire Norma Foley TD, leis an Roinn Iompair agus an Roinn Oideachais, leis an Údarás Náisiúnta Iompair, agus le Grúpa CIÉ as an tacaíocht leanúnach a thug siad do Bhus Éireann le bliain anuas. Táimid ag tnúth lenár bhfís nua a bhaint amach mar a leagtar amach in 'Fís 28', i gcomhréir le beartais agus pleananna an Rialtais do 2024 agus do na blianta ina dhiaidh sin.



Miriam Hughes
Cathaoirleach



Tuarascáil an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin 2023

Ár ndaoine, a leas, a gcumas spreagtha, a muinín asainn, agus a gcuid luachanna – tá na nithe sin go léir ríthábhachtach ionas go mbainfidh Bus Éireann barr a chumais amach.

Is príomhthéamaí de chuid Bhus Éireann le blianta beaga anuas iad bainistíocht fáis agus ullmhú don todhchaí. In 2023, bhí áthas orainn a thuairisciú gur leanadh den treocht faoina bhfuil méadú ag teacht ar líon na bpaisinéirí: rinneadh 107 milliún aistear paisinéara ar fud na seirbhísí go léir, an méid is mó riamh agus méadú 19.5% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Leis sin, cuireadh bailchríoch chuí ar an straitéis cúig bliana a bhí againn roimhe seo, *Ceann Scríbe 2023*, ar chuireamar tús léi leis an bhfís uileghabhálach a bheith ar an gcuideachta iompair is inbhuanaithe agus is dírithe ar an gcustaiméir in Éirinn, fíis a bhí á cur i ngníomh ag daoine a chreideann gur áit iontach oibre é Bus Éireann.

Le linn na tréimhse sin, bhaineamar go leor éachtaí móra amach, in ainneoin na ndúshlán a bhain le paidéim Covid-19, dúshlán a d'fhág gurbh éigean dúinn leasú a dhéanamh ar na pleananna arís agus arís eile. Leanamar ar aghaidh ag díriú ar ár n-uailmhian mhór, cur le líon na bpaisinéirí, agus muid ag obair i ndlúthpháirt lenár bpríomhpháirtithe leasmhara agus ag cinntiú go rabhamar fós tiomanta do thionscadail inbhuanaithe nua amhail leictriú ár seirbhísí cathrach agus baile, tionscadail a chuideodh le Bus Éireann a chur sa riocht ceart le go mbeidh borradh fúinn sna blianta amach romhainn.

Bhí deacrachtaí nua le sárú in 2023 freisin, agus measaimid go mbeidh cuid acu sin fós linn in 2024, ach táimid ag súil gur ag dul i laghad a bheidh siad. Táthar ag súil go dtiocfaidh maolú in 2024 ar an mboilsciú a tharla mar gheall ar an gcogadh san Úcráin, ach chosain fuinneamh níos mó ná riamh le bliain anuas, agus bhí tionchar boiscithe ag na costais sin ar chostais eile. Ní mór dúinn leanúint ar aghaidh ag bainistiú costais go tréan, mar a rinneamar in 2023, toisc gur gnó an-iomaíoch é an gnó seo againne agus go mbíonn corrlach íseal i gceist ann.

I rith na bliana freisin, dámhadh conarthaí nua ar Bhus Éireann i gcomórtas oscailte do Chonair Chomaitéireachta an Oirthir agus do sheirbhís Bhaile Cheatharlach, agus cuireadh síneadh lenár gconradh ar Ghréasán Chathair Phort Láirge. Is fianaise é an méid sin ar an leathnú agus cabhróidh sé linn ár gcuspóir a bhaint amach. Ina theannta sin, fáiltímid roimh dheimhniú ón Údarás Náisiúnta Iompair go bhfuil sé ar intinn aige Conradh Dírdhámhachtana a shíniú le Bus Éireann an 1 Nollaig 2024, a chlúdóidh tréimhse cúig bliana, maidir le seirbhís Phort Láirge. Is iontach an dul chun cinn é sin, mar aon leis an bhfógra ón Roinn Oideachais go bhfuil sé beartaithe 100,000 páiste breise a iompar faoin scéim iompair scoile faoi 2030, agus fágann sé go bhfuil an-ghealladh faoi Bhus Éireann don tréimhse amach romhainn. Gabhann riosca le hoibríochtaí nua, áfach, agus baineann costas leis an bhfás. De réir mar a thagann borradh faoi sheirbhísí tráchtála agus seirbhísí ar bhonn tairisceana freisin, caithfidh an-aird a thabhairt ar na costais atá orainn chomh maith le líon na n-aistear paisinéara, lena chinntiú gur féidir linn an fás sin a bhainistiú agus na bealaí nua a rith ar shlí inbhuanaithe.

Gabhann dúshlán eile leis an mbainistíocht fáis: ní raibh sé furasta tiománaithe agus meicneoirí a fhostú, rud a chuir srian ar ár gcumas fáis le linn 2023, agus aithnítear anois gur fadhb struchtúrach sa tionscal é an ganntanas tiománaithe agus meicneoirí, fadhb a mbeidh am, tionscnaimh agus tacaíocht de dhíth lena réiteach i gcomhar leis na páirtithe leasmhara go léir ionas gur féidir linn ár n-uailmhian i dtaobh fáis a chomhlíonadh, rud is eol dúinn atá indéanta.



Feidhmíocht

Ba chúis bhróid againn é roinnt éachtaí a bhaint amach in 2023 lena n-áirítear méadú níos mó ná riamh a bheith tagtha ar líon na gcustaiméirí, mar gheall ar chúinsí éagsúla amhail seirbhísí nua, táillí níos ísle, lánfhostaíocht sa gheilleagar, an ghéarchéim costais mhaireachtála agus feasacht níos mó i measc an phobail ar chóir iompair níos inbhuanaithe a roghnú.

Eispéireas na gCustaiméirí a Fheabhsú

Baineadh amach an ráta ab airde maidir le Sásamh Custaiméirí, ráta 93%, i Ráithe 4 2023. Sin méadú ó 84% in 2019 nuair a thosaíomar ag cur i bhfeidhm ár straitéis maidir le heispéireas na gcustaiméirí. Molann ár gcustaiméirí ár seirbhísí nua, an mhinicíocht fheabhsaithe, cairdiúlacht agus slacht ár dtiománaithe, sábháilteacht, luach níos fearr ar airgead, an infheistíocht in áiseanna, agus caighdeán ár bhfeithiclí. Is léir anois go bhfuil feabhas tagtha ar an eispéireas a bhíonn acu ar fud ár gcathracha agus ár mbailte.

Is é cinneadh an Rialtais cloí leis na táillí laghdaithe in 2023 (20% agus 50% do Dhaoine Fásta Óga ar ár mbealaí OSP) is cúis leis an dearcadh a bheith ag teacht i réim go bhfuil luach maith ar airgead le fáil ar sheirbhísí iompair phoiblí. Tugadh an laghdú sin isteach mar bheart chun déileáil le costais mhaireachtála, agus is maith an tionchar a bhí aige i dtaobh cur leis an úsáid a bhaintear as na seirbhísí iompair phoiblí, agus cur leis an iarracht na spriocanna náisiúnta um ghníomhaíocht aeráide a bhaint amach. Anuraidh, tháinig méadú 25%

ar an úsáid a baineadh as na seirbhísí sin de chuid Bhus Éireann i gcomparáid leis an méadú breis is 20% a tháinig ar aistir OSP sa tír ar fud na n-oibreoirí go léir.

Ar an gcaoi chéanna, spreagadh éileamh de bharr chinneadh an Rialtais táillí iompair scoile a laghdú don scoilbhliain 2023/24, mar aon le bearta níos cuimsithí a ghlac an Roinn Oideachais maidir le rochtain ar oideachas. In 2023, bhí éileamh níos mó ná riamh ar sheirbhísí faoin Scéim Iompair Scoile, agus iompraíodh suas le 162,500 páiste in aghaidh an lae ar níos mó ná 9,000 bealach. As na 107 milliún aistear paisinéara a thaifead Bus Éireann in 2023, ba faoin scéim scoile a rinneadh suas le 55 milliún acu.

Tá infheistíocht déanta ag Bus Éireann i bhfeabhsuithe bonneagair ó thaobh na hinrochtaineachta de agus i bhfeithiclí inrochtana le hurláir ísle a fháil le blianta beaga anuas, agus mar sin bhí an-áthas orm gur éirigh linn cuidiú le gach aistear a rinneadh i gcathaoir rothaí nuair a iarradh sin in 2023. De bharr gur éirigh go geal leis an Scéim Cúnaimh Taistil a cuireadh i bhfeidhm do Chorcaigh, tá an-teimpléad againn chun an cumas taistil chuimsithigh céanna a chur i bhfeidhm i gcathracha agus bailte eile.



Seirbhís bus lán-leictreach seolta ag Bus Éireann i mBaile Átha Luain

Seirbhísí Nua, Fócas ar Chaighdeán Seirbhíse

Ba bhliain eisceachtúil í 2023 ó thaobh líon na bpaisinéirí de, lena n-áirítear an iliomad teaghlach ón Úcráin a bhí ag lorg tearmainn in Éirinn ón gcogadh, rud a chuir leis an éileamh ar sheirbhísí nua ar an Scéim Iompair Scoile. Cuireadh na seirbhísí sin ar fáil do níos mó na 11,000 páiste breise i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Chuidigh ár bhfeachtais mhargaíochta do Expressway leis an mborradh ba mhó a bhí faoi líon na n-aistear paisinéara ó thosaigh paidéim COVID-19, agus rinneamar leathnú ar na seirbhísí ó Dhún na nGall agus áiteanna eile ionas go raibh breis agus 150 bus ag dul gach lá chuig Aerfort Bhaile Átha Cliath agus ar ais uaidh ar sheacht mbealach tráchtála, lena chinntiú go rabhamar in ann freastal ar an líon mór turasóirí de réir mar a thosaigh an pobal ag taisteal arís.

Tá infheistíocht mhór beartaithe sna blianta amach romhainn faoi BusConnects agus Éire Á Nascadh, rud a chuirfidh leis an acmhainneacht iompair. Tá srianta éagsúla ar an acmhainneacht ar fud na tíre faoi láthair, áfach, agus beidh réitigh eatramhacha ag teastáil go dtí go mbeidh na tionscadail sin tugtha chun críche.

Dúshlán mór ó thaobh na soghluaisteachta inbhuanaithe de in Éirinn is ea daoine a mhealladh ón gcarr. Teastaíonn athrú meoin agus infheistíocht mharthanach sa bhonneagar ós rud é nach gcuirtí béim mhór ar an mbusiompar sa tír seo lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Mar gheall ar mhéid an tráchta, brú tráchta, agus patrúin nua taistil, cuireadh srian ar ár gcumas spriocanna poncúlachta a shocraigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair a bhaint amach ar go leor conairí taistil, agus bhí ár bponcúlacht ar an leibhéal le tamall anuas, go háirithe i mí na Nollag. Mar gheall ar an easpa poncúlachta

sin, ghearr an tÚdarás Náisiúnta Iompair asbhaintí i ndáil le feidhmíocht orainn, rud a rinne dochar dár bhfeidhmíocht airgeadais in 2023.

Bhí an fócas ar asbhaintí agus ar spriocanna seirbhíse a bhaint amach ina cheist ghnó rithábhachtach i rith na bliana mar gur beag nach ndearnadh an brabús réasúnta dá bhforáiltear faoin gConradh Dírdhámhachtana a fhritháireamh de bharr asbhaintí, in ainneoin méadú a bheith ar líon na n-aistear paisinéara. Tá an chuideachta dírithe go mór in 2024 ar spriocanna feidhmíochta a bhaint amach agus ar dhreasachtaí a thuilleamh, seachas pionóis a thabhtú, ós rud é go meastar go leanfaidh an borradh atá faoi líon na bpaisinéirí.

Béim mhór ar an tsábháilteacht

Is é an cuspóir criticiúil is tábhachtaí atá ag an ngnólacht seo ná ár seirbhísí a oibriú agus a fheidhmiú ar bhealach slán sábháilte. Is cúis bhróid againn é a bheith inár gcomhpháirtithe de chuid an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre agus táimid tiomanta dár gcion féin a dhéanamh i ndáil le huailmhian an domhain Fís Nialais a bhaint amach faoi 2050. Cé go bhfuil dul chun cinn nach beag á dhéanamh ar thionscnaimh nua shábháilteachta, ar an drochuair bhí an treoht aníos maidir le timpistí bóthair sa tír in 2023 le brath sa chuideachta seo freisin i rith na bliana. Ar an drochuair, tharla trí thimpiste mhóra, inar cailleadh triúr – duine dár dtiománaithe féin agus beirt choisithe. Ag ár gcomhdháil náisiúnta sábháilteachta i bPort Laoise, leag an chuideachta béim air arís gurb amhlaidh, cé gur leanamar ar aghaidh ag fás agus gur chlúdaíomar 12.5 milliún ciliméadar breise in 2023, nach mór dúinn díriú i gcónaí ar thionscnaimh chun tacú leis an bPlean Náisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre agus leis an bhFís Nialais. Thar aon rud eile, tá sé ina

thosaíocht againn imbhualtí a sheachaint agus a laghdú, agus úsáideoirí soghonta bóithre a chosaint, agus muid ag baint an leas is fearr is féidir as teicneolaíocht nua sna feithiclí chun cabhrú lenár dtiománaithe.

An staid airgeadais a chobhsú

In 2023, dhíríomar ar bhreis ioncaim a dhéanamh agus chuireamar rialuithe dochta costais i bhfeidhm, go háirithe i gcomhthéacs an bhoilscithe a bhí i réim, chun ár staid airgeadais a chobhsú. Ba é an toradh feabhas 55% i gcomparáid le cuntas brabúis agus caillteanas na bliana 2022, le toradh – €0.7m ar ioncam iomlán €583.7 milliún. Ina theannta sin, méadaíodh an caiteachas caipitil 60% go €21.1m in 2023 de réir mar a chuireamar lenár mbainistíocht acmhainní agus tionscadail chun tionscadail nua atá dírithe ar an todhchaí a chur i bhfeidhm, lena spreagfar an dícharbónú agus lena bhfeabhsófar cur i bhfeidhm na seirbhísí chun cur lenár n-acmhainneacht.

Cé nach raibh an toradh brabúis agus caillteanais chomh maith agus a rabhtas ag súil leis, ní mór dúinn a aithint go bhfuil costais – pá, páirteanna breise, árachas, fuinneamh – ag méadú i gcomhthéacs an chúlra mhaicreacnamaíoch. De cheal fóirdheontas, bíonn tionchar ag na costais sin ar ár ngnó tráchtála. Bhí an fás ar ioncam Expressway ag brath ar an méadú ar líon na n-aistear paisinéara, ar chistiú leanúnach i leith an tsaorthaistil ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus ar chistiú nua do thionscnaimh táillí amhail an lascaine do Dhaoine Fásta Óga a thug an tÚdarás Náisiúnta Iompair isteach. Ina theannta sin, bhíothas ag brath ar bhainistíocht toraidh fheabhsaithe agus ar ardú táillí chun cabhrú linn íoc as na seirbhísí a soláthraíodh.



Stephen Kent, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Bhus Éireann

Beidh sé riachtanach leanúint ar aghaidh ag oiriúnú do thimpeallacht iomaíoch, bhoilscitheach in 2024 nuair a bheidh praghas níos airde fós le hóc againn ar bhreosla, mar gheall ar an tréimhse rollach 18 mí ina ndéanaimid luach an bhreosla a fhálú. Ina theannta sin, beidh orainn díriú níos mó ar dhreasachtaí a fháil, seachas asbhaintí a thabhu i leith ár bhfeidhmíochta conartha, ionas go seasfaidh an gnó an fód sa tréimhse atá romhainn.

Athrú á Spreagadh

In 2023, thugamar cothrom le dáta ár straitéis inbhuanaitheachta – Athrú á Spreagadh – chun an mhóruaillmhan atá againn a áireamh ann i dtaobh a bheith inár gceannairí domhanda i réimse an iompair phoiblí inbhuanaithe. Tá ár Ráiteas Bonnline Tosaigh maidir leis an Inbhuanaitheacht do 2023 ullmhaithe againn freisin, agus táthar á ailíniú sin leis na ceanglais dearbhaithe i ndáil le tuairisciú faoin Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, ceanglais a bheidh ina gceanglas dlí ar an gcuideachta seo in 2026. Táimid lán-tiomanta don Bheartas Soghluaisteachta Inbhuanaithe Náisiúnta a d'fhoilsigh an Roinn Iompair agus atá bunaithe ar na trí phrionsabal seo a leanas: soghluaisteacht shábháilte, ghlas, soghluaisteacht atá dírithe ar dhaoine, agus soghluaisteacht chomhtháite

níos fearr. In 2023, bhíomar bródúil as an gcéad tionscadal de chuid an Rialtais faoin gclár 'Treo-Aimsitheoir' a chur i bhfeidhm, nuair a sheolamar an chéad ghréasán bus baile uile-leictreach in Éirinn, i mBaile Átha Luain. Le linn na chéad bhliana seirbhíse, chlúdaigh 11 fheithicil leictreach níos mó ná 530,000 ciliméadar saor ó astaíochtaí agus tháinig méadú 25% ar líon na bpaisinéirí. An méid a foghlaimíodh ó thionscadal Bhaile Átha Luain, chuidigh sé linn bonn eolais a chur faoi sheoladh níos fairsinge i Luimneach agus gheofar faisnéis rithábachtach uaidh le haghaidh a leithéid a dhéanamh i gcathracha réigiúnacha eile ó 2024 ar aghaidh.

Bhí lúcháir orainn freisin gur thug piaraí tionscail aitheantas neamhspleách don gharspíoc náisiúnta thábhachtach sin i rith na bliana nuair a bhuamar Gradam Iompair Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), gradam sa chatagóir iompair agus an *Grand Prix* ag Gradaim Gnó Inbhuanaíthe PwC agus an *Business Post*.

Fís 28 – Ár bhFís don Fhás Glas

Mar gheall ar neart ár gcomhoibrithe agus ár gcomhpháirtíochtaí, d'éirigh linn cuspóirí sóisialta agus geilleagracha níos leithne a bhaint amach agus beartas an rialtais a chur i bhfeidhm, amhail cabhrú le pobail a choinneáil nasctha le chéile, cabhrú le geilleagair áitiúla fás agus cabhrú timpeallachtaí níos glaine agus níos glaise a chothú sna háiteanna ina mbímid ag feidhmiú. Ba thábhachtaí ná riamh an cur chuige é sin agus nuair a bhí muid ag obair go dian dícheallach i rith na bliana lenár mBord agus lenár bpríomhpháirtithe leasmhara chun cosán a leagan amach don tréimhse i ndiaidh 2023 trí straitéis nua cúig bliana a fhorbairt chun ár gcinntí gnó a threorú agus iad a ailíniú lenár sainordú agus le beartais an rialtais. 'Fís 28 – Ár bhFís don Fhás Glas' a thugamar ar an bplean nua sin.

Ár ndaoine, a leas, a gcumas spreagtha, a muinín asainn, agus a gcuid luachanna – tá na nithe sin go léir rithábachtach ionas go mbainfidh Bus Éireann barr a chumais amach. Táimid tar éis teacht chun cinn ionas gur gnólacht muid ina bhfuil buíon 3,000 duine a bhfuil scileanna den scoth acu i réimse an iompair, mar aon le heolas líonraithe atá gan sárú sa tír seo, dar liomsa.

Tá caidreamh oibre an-láidir againn le hAíré Rialtais, leis na Ranna, leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le CIÉ chun cabhrú linn an deis seo a thapú chun dul chun cinn mór a dhéanamh maidir le gníomhú aeráide, agus cur le líon na n-aistear inbhuanaíthe. Gabhaim mo bhuíochas go háirithe leis na daoine atá ar an bhfoireann ardcheannaireachta, leis an mBord agus lenár gCathaoirleach, Miriam Hughes, a spreagann muid chun barr ár gcumais a bhaint amach. Tá muinín agam gur féidir linn líon na n-aistear paisinéara a dhúbailt agus aistriú go staid ghlan-nialasach ó thaobh astaíochtaí de, agus go bhfuil cóir ghaoithe linn anois.



Stephen Kent

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Súil Siar ar an mBliain

Forléargas ar an nGnó

Dhá théama uileghabhálacha a bhí chun fóir in 2023, bliain ina raibh borradh mór faoi líon na bpaisinéirí agus méadú mór ar na costais le himeacht na bliana. Sa timpeallacht sin, d'fhág an chuideachta agus ár gcustaiméirí paindéim COVID-19 inár ndiaidh.

Tús mall a bhí leis an mbliain, ach tháinig méadú mór ar líon na n-aistear paisinéara faoi mhí an Mhárta, tháinig méadú breis is 10% ar líon na bpaisinéirí OSP agus bhí an líon paisinéirí ar Expressway beagnach chomh hard le leibhéal na bliana 2019. I ndeireadh na dála, bhí sé ina thoradh ar chinneadh an Rialtais in 2022 táillí a laghdú 20%, agus 50% i gcás Daoine Fásta Óga, gur tháinig méadú ar an éileamh ar sheirbhísí iompair phoiblí, méadú a lean ar aghaidh in 2023. Leis an mborradh sin faoin ngnó i rith na bliana, d'éirigh le Bus Éireann an leibhéal is airde riamh paisinéirí a bhaint amach: 107 milliún aistear paisinéara.

Ar an iomlán, mhéadaigh Bus Éireann úsáid ár seirbhísí OSP faoi 25% i gcomparáid le méadú 20% ar líon na n-aistear ar fud na n-oibreoirí go léir, rud a chuidigh linn soghluaisteacht inbhuanaithe a chur ar fáil do níos mó daoine ná riamh.

Ag an am céanna, thosaigh na brúnna boilscithe de bharr an chogaidh san Úcráin agus tosca eile ag dul i bhfeidhm ar ár ngnó. In 2023, bhí costais fuinnimh ar leibhéal nach bhfacthas le blianta fada anuas, agus bhí tionchar boilscithe ag na costais sin ar chostais eile. Mar fhreagra air sin, chuir an chuideachta rialuithe dochta costais i bhfeidhm chun ár staid airgeadais a chobhsú ar bhealach éifeachtach.

Bhí dúshlán ag gabháil leis an mborradh mór a bhí faoin éileamh freisin agus, tráth a raibh níos mó feithiclí ná riamh ar na bóithre, bhí fadhb ag gach cuideachta iompair leis an bplódú tráchta. Bhí sampla den tionchar sin le sonrú i gcás ár bhfeidhmíochta poncúlachta: in olcas a chuaigh an leibhéal poncúlachta i rith na bliana, agus ansin d'fheabhsaigh sé arís nuair a cuireadh bearta nua i bhfeidhm, lena n-áirítear Plean Feabhsaithe Poncúlachta a ghlacadh. Mar gheall ar an easpa poncúlachta sin, d'fhorchuir an tÚdarás Náisiúnta Iompair asbhaintí feidhmíochta orainn, rud a chuir isteach ar ár bhfeidhmíocht airgeadais in 2023.

Le linn 2023, rinne Bus Éireann dul chun cinn mór ó thaobh ullmhú don todhchaí, chuireamar fíis úr i láthair inár ndoiciméad straitéise nua 'Fís 2028', agus rinne an chuideachta nuashonrú freisin ar a straitéis inbhuanaitheachta, 'Athrú á Spreagadh 2024-2030'. Leis an dá straitéis sin, tá an chuideachta á hullmhú don Fhás Glas sna blianta amach romhainn.

Buaicphointí i leith Seirbhísí OSP

I mí Eanáir 2023, bhain Bus Éireann garsprioc mhór amach nuair a seoladh an chéad seirbhís bus uile-leictreach in Éirinn, gan astaíochtaí ar bith ón sceithphíopa, i mBaile Átha Luain. I rith na bliana seirbhíse, chlúdaigh an 11 fheithicil leictreach sa tseirbhís baile 530,000 ciliméadar saor ó astaíochtaí, lenar seachnaíodh níos mó ná 400,000 kg astaíochtaí CO2 ón sceithphíopa i gcomparáid leis na feithiclí díosail a bhíodh in úsáid roimhe sin. Ba mhór an spreagadh dúinn é éileamh an phobail áitiúil ar na seirbhísí nua, agus tháinig méadú 25% ar líon na bpaisinéirí i rith na bliana.

Rinneadh an tionscadal a chistiú le hinfheistíocht €10 milliún ón Údarás Náisiúnta Iompair, agus ba é an chéad tionscadal a seoladh faoi chlár 'Treo-Aimsitheoir' an Rialtais – liosta de thionscadail iompair eiseamláireacha a bheidh le cur i bhfeidhm ag údarais áitiúla agus gníomhaireachtaí Stáit ar fud na tíre laistigh de thrí bliana.

Chuir foireann tiománaithe agus meicneoirí de chuid Bhus Éireann na seirbhísí ar fáil, tar éis dóibh páirt a ghlacadh i gclár oiliúna cuimsitheach níos mó ná 500 uair an chloig chun foghlaim conas na busanna a thiomáint, a chothabháil agus a oibriú. Aon chineál amháin busanna atá sa fhliot: busanna ceallra-leictreacha aon urláir Enviro200 EV, a ceannaíodh ón monaróir bus Alexander Dennis sa Bhreatain. Tá an cineál céanna bus sin in úsáid freisin i roinnt cathracha móra sa Ríocht Aontaithe.

Tá an-chuid ceachtanna a foghlaimíodh ó sheoladh agus oibriú na seirbhíse i mBaile Átha Luain á gcur i bhfeidhm sula seolfar seirbhísí leictreacha i Luimneach, i gCorcaigh agus i gcathracha réigiúnacha eile ó 2024 ar aghaidh.

I rith na bliana, bhuaigh Bus Éireann tairiscint ar an margadh oscailte do sheirbhísí ar Chonair Chomaitéireachta an Oirthir agus i mBaile Cheatharlach. Cuireadh tús le Seirbhísí Chonair Chomaitéireachta an Oirthir in 2023 faoi chonradh cúig bliana chun seirbhísí OSP a sholáthar don Údarás Náisiúnta Iompair le haghaidh seirbhísí 101/101X idir Droichead Átha agus Baile Átha Cliath, 133 idir Cill Mhantáin agus Baile Átha Cliath, agus 131 idir Cill Mhantáin agus Bré. Is cúis bhróid againn é gur oibríocht nuathionscanta é seirbhís Bhaile Cheatharlach, chun an chéad seirbhís riamh a sholáthar don bhaile sin agus don cheantar máguaird. Maidir le Gréasán Chathair Phort Láirge, chuir an tÚdarás Náisiúnta Iompair síneadh bliana eile lenár gconradh ar bhonn na tairisceana sin, conradh a bheith i bhfeidhm go dtí deireadh 2024.



Feachtas 'Éire á Nascadh' maidir le feabhas ar sheirbhísí

Agus tacaíocht á tabhairt do phlean soghluaisteachta tuaithe an Údaráis Náisiúnta Iompair, 'Éire á Nascadh', rinneadh dul chun cinn nach beag i rith na bliana nuair a cuireadh 3.3 milliún ciliméadar leis ar fud 12 chonair. Díriodh go háirithe ar chur leis an acmhainneacht agus ar leasuithe a dhéanamh chun an phoncúlacht a fheabhsú ar phríomhbhealaí lena n-áirítear: Bealach 115 idir an Muileann gCearr agus Baile Átha Cliath (cúigear tiománaithe nua); Bealach 360/A idir Port Láirge agus Trá Mhór (16); Trá Lí 272/279 (5); Gaillimh 424 An Cheathrú Rua, 419, 423, 425A (12); 458 agus Seirbhís Baile S2 (9); Seirbhís 100 (6); Bealach 329 (Cill Fhionáin/ Luimneach) agus Cathair Luimnigh (12); agus Bealach 170 idir an Cabhán agus Dún Dealgan (4).

Tá infheistíocht mhór beartaithe sna blianta amach romhainn faoi BusConnects agus Éire Á Nascadh, a chuirfidh go mór leis an acmhainneacht iompair. Tá srianta éagsúla ar an acmhainneacht ar fud na tíre faoi láthair, áfach, agus beidh réitigh eatramhacha ag teastáil go dtí go mbeidh na tionscadail sin tugtha chun críche. Samplaí de sin is ea an gá atá le níos mó acmhainneachta agus fad ama breise ar ár mbealach traschathrach i gcathair Chorcaí, ionas gur fearr a bheifear in ann brath ar an tseirbhís, agus an gá atá ann freastal ar an mborradh faoin éileamh i gceantair Ráithín agus Chaladh an Treoigh i Luimneach agus ar na conairí comaitéireachta isteach go Baile Átha Cliath, go háirithe ón Muileann gCearr, Droichead Átha agus an Uaimh. Leanfaimid ar aghaidh ag dul i gcomhairle leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus ag comhoibriú leis chun iarracht a dhéanamh an t-éileamh a mheaitseáil leis an soláthar nuair a bhíonn gá le seirbhísí, ag glacadh leis go bhfuil cistiú ar fáil.

Buaicphointí Tráchtála

Is é Expressway an tseirbhís cóistí idir-réigiúnach is mó sa tír, agus freastalaíonn sé ar 14 bhealach lena nasctar 238 pobal, agus ar cheithre aerfort. In 2023, tháinig méadú beagnach 14% ar líon na n-aistear paisinéara ar an ngréasán Expressway agus iompraíodh breis agus 4 mhilliún paisinéir, an leibhéal fáis is láidre ó bhí paidéim COVID-19 ann.

Gné den fhilleadh ar an bhfás a bhí san aistriú i dtreo áiríthintí ar líne, á spreagadh ag ár bhfeachtais mhargaíochta. Tháinig méadú mór ar líon na réamháiríthintí ar líne anuraidh: cuireadh beagnach 40% de na haistir in áirithe ar líne roimh ré, agus céatadán 75% a bhí i gceist ar ár mbealaí ardéilimh. Ar an iomlán, bhí méadú 18% ar dhíolacháin ar líne i gcomparáid le 2022, ar bhonn iarracht nuálaíochta na cuideachta lenar áiríodh béim mhór ar SEO agus margaíocht dhigiteach, chomh maith le gníomhaireachtaí taistil nua ar líne a bheith ina gcomhpháirtithe againn.

Mar chuid den fheachtas fáis, leathnaigh Expressway a raon seirbhísí ó Dhún na nGall agus áiteanna eile. Gach lá anois, imíonn busanna dá chuid breis agus 150 uair chuig Aerfort Bhaile Átha Cliath agus ar ais uaidh, ar sheacht mbealach tráchtála atá dírithe ar fhreastal ar na margaí turasóireachta agus fóillíochta, margaí a bhfuil borradh fúthu faoi láthair.

I gcás na seirbhísí eile, lean an borradh a bhí faoin tseirbhís ‘Coach & Sail’ a ritheann Expressway agus Eurolines idir Baile Átha Cliath agus Birmingham/Londain, agus d’iompair ár ngnó imeachtaí níos mó ná 50,000 paisinéir chuig imeachtaí móra amhail cuairt an Uachtaráin Joe Biden ar Éirinn, Rásaí na Gaillimhe, Craobhchomórtas Oscailte Gailf na hÉireann, an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta agus cheolchoirm Harry Styles ag Caisleán Shláine.

Buaicphointí na Seirbhíse Iompair Scoile

Le breis agus 56 bliain anuas, is cúis bhróid ag Bus Éireann é an Scéim Iompair Scoile a fheidhmiú thar ceann na Roinne Oideachais. Is í an scéim is mó dá leithéid san Aontas Eorpach í, a thugann luach sóisialta nach beag do chuid de na daoine is tábhachtaí inár sochaí.

Feidhmíonn an scéim iompair scoile ar 9,765 bealach, le 7,300 feithicil, chun seirbhísí rithábhachtacha iompair a chur ar fáil ina lán ceantair thuaithe do dhaltaí a bhfuil cónaí orthu níos mó ná 3.2 ciliméadar ón mbunscoil is gaire dóibh nó níos mó ná 4.8 ciliméadar ón iar-bhunscoil is gaire dóibh, ag féachaint d’éiteas agus d’Alt 4B d’Acht na dTeangacha Oifigiúla. Chomh maith leis an rochtain ar oideachas a leathnú, éascaíonn na seirbhísí do rannpháirtíocht tuismitheoirí sa lucht saothair, agus ag an am céanna tá ról rithábhachtach acu maidir le líon iomlán na n-aistear cairr a dhéantar in Éirinn a laghdú.

Tá méadú mór tagtha ar an éileamh ar na seirbhísí tábhachtacha sin ó chinn an Rialtas i mí Iúil 2022 na táillí iompair scoile a tharscaoileadh don scoilbhliain dár gcionn mar bheart chun brú na méaduithe costais mhaireachtála a mhaolú. Mar thoradh ar chinneadh na Roinne Oideachais i mí an Mhárta 2023 laghdú mór ar tháillí a chur i bhfeidhm don scoilbhliain 2023-2024, tháinig méadú leanúnach ar an éileamh ar sheirbhísí iompair scoile. Tá 11,197 dalta sa bhreis á n-iompar ag Bus Éireann ar na seirbhísí sin anois.

In 2023, d’fhreastail an scéim ar líon níos mó daltaí ná riamh, agus iompraíodh suas le 162,500 dalta in aghaidh an lae scoile, sin méadú 8% i gcomparáid le 2022. Áiríodh leis na huimhreacha sin 19,900 dalta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, an méid is mór riamh agus méadú 13.5% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Ina measc siúd, cúis bhróid a bhí ann dúinn seirbhís iompair a chur ar fáil do bhreis is 7,000 dalta ón Úcráin, agus muid ag obair leis an ngrúpa REALT chun cabhrú leo na daltaí sin a thabhairt ar scoil agus ar ais abhaile.

Chuiqe sin, bhí ar Bhus Éireann acmhainneacht bhreise a phleanáil, a eagrú, agus a chur ar fáil chun freastal ar an éileamh iomlán nua. San iomlán anois, tá os cionn 7,300 feithicil ar an mbóthar faoin scéim scoile ar fud na tíre.

Feidhmíonn Scéim Iompair Scoile Bhus Éireann ar 9,765 bealach





Iompraítear 162,500 dalta in aghaidh an lae scoile

Chun an scéim a éascú a thuilleadh, cheapamar soláthraí chun lárionad glaonna iompair scoile a rith dúinn, chun ár n-amanna freagartha a fheabhsú agus feabhas a chur ar an tseirbhís do na custaiméirí. D'fheidhmigh an t-ionad glaonna custaiméirí sin ó Bhealtaine go Samhain agus rinneadh 62,207 babhta teagmhála le custaiméirí, lena n-áirítear buaiclón de níos mó ná 20,000 glao i mí Lúnasa agus an líon ab airde glaonna a rinneadh in aon seachtain amháin, 7,800 glao. Reáchtáladar feachtas cumarsáide fairsing freisin chun feachtas sábháilteachta a chur chun cinn.

In 2023, lean an Roinn Oideachais lena hathbhreithniú ar an Scéim Iompair Scoile. Thacaigh Bus Éireann leis an athbhreithniú sin trí shonraí oibriúcháin a sholáthar ar phróifílí daltaí agus bealaí chun cabhrú leis an Roinn aon anailís bhreise a dhéanamh mar chuid den phróiseas athbhreithnithe.

Nuair a críochnaíodh an t-athbhreithniú go luath in 2024, moladh inti an rochtain ar an scéim a leathnú ionas go bhféadfar 100,000 dalta breise a iompar faoi 2030. Aithníodh san athbhreithniú go bhféadfaí astaíochtaí carbóin a laghdú trí líon na ndaltaí a thiomáintear chun na scoile i gcarranna príobháideacha a laghdú.

Sábháilteacht

Tá sábháilteacht ár gcustaiméirí, ár bhfostaithe agus úsáideoirí bóithre ríthábhachtach dár misean chun daoine agus pobail a nascadh le chéile ar bhealach inbhuanaithe. Le blianta beaga anuas, cé gur tháinig laghdú ar ár ráta mórthimpistí, tá méadú mór tagtha ar úsáid bóithre sa tír, rud a fhágann gur measa an brú tráchta ná riamh agus go bhfuil méadú tagtha ar líon na n-imbhuailtí bóthair.

Cúis bhróin dúinn is ea go ndeachaigh an méadú ar líon na dtimpistí bóthair ar fud na tíre i bhfeidhm ar Bhus Éireann chomh maith in 2023. Tharla trí thimpiste mhóra inar maraíodh triúr – duine dár dtiománaithe féin agus beirt choisithe a fuair bás de bharr imbhuailtí le feithiclí de chuid Bhus Éireann.

Ar an iomlán, bhí céatadán na dtimpistí a tharla do phaisinéirí in aghaidh gach milliún aistear paisinéara 3% níos airde ná mar a bhí in 2022, cé go raibh sé fós níos ísle ná mar a bhí sa tréimhse roimh phaindéim na bliana 2019. Ina theannta sin, bhí an ráta imbhuailtí 29% níos airde anuraidh ná mar a bhí in 2022, in aghaidh an chiliméadair a clúdaíodh.

Cuid den chúis leis na méaduithe is ea an tionchar a bhí ag COVID-19 sa chéad leath de 2022 nuair a bhí níos lú feithiclí ar na bóithre, rud a d'fhág gur bonn comparáide níos ísle a bhí i gceist. Bhí rudaí eile ann a raibh tionchar diúltach acu ar an ráta freisin, áfach, amhaíl céatadán níos airde de thiománaithe nua gan taithí agus feithiclí níos faide a bheith á gcur leis an bhflít. Rátaí timpiste níos airde a bhí i gceist i ndáil lenár seirbhísí cathrach, de bharr méadú ar an líon ciliméadar a clúdaíodh sa deighleog sin agus oibríochtaí conartha nua i gCeatharlach agus i limistéar comaitéireachta an Oirthir.

Mar fhreagra ar na cúinsí sin, bunaíodh tascfhórsa um athbhreithniú ar imbhuailtí agus ullmhaíodh moltaí i dtaobh bearta breise chun na treochtaí a aisiompú. Chomh maith leis sin, d'fhorbraíomar pleananna gníomhaíochta a chuireann leis an Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030 de chuid an Údaráis Sábháilteachta ar Bóithre – 'Fís Nialais' – agus rinneamar faireachán orthu.

Anuas air sin, cuireadh plean fairsing gníomhaíochta sábháilteachta i bhfeidhm in 2023 lena n-áirítear doiciméid sábháilteachta a thabhairt cothrom le dáta agus deais nua chun tuairisciú a dhéanamh ar imbhuailtí agus teagmhais sábháilteachta. I mí Iúil, d'eagraíomar seimineár gréasáin faoin tsábháilteacht, agus thionóladar comhdháil fíorshaoil i bPort Laoise i mí Eanáir 2024. I measc na dtionscnamh sábháilteachta eile bhí triail seachanta imbhuailte a rinne an soláthraí bogearraí Mobileye ar 16 bhus i gcathair Chorcaí, agus tiomsaíodh sonraí i leith na bliana iomláine.



Seirbhís Bhus Éireann i mBóthar na Trá

Ghlac ár seirbhís iompair scoile páirt i bhfeachtas cumarsáide réamhghníomhaí chun feachtas sábháilteachta a chur chun cinn do dhaltaí, do thuismitheoirí agus do scoileanna. Mar chuid den fheachtas sin cuireadh teachtaireachtaí sábháilteachta ar an ríomhphost chuig 97,000 duine a bhí cláraithe leis an tseirbhís. Rinneadh 150,000 bileog shábháilteachta a phriontáil, chomh maith le póstaer shábháilteachta, agus scaipeadh iad ar bhreis is 2,600 scoil.

Bhí an ráta timpistí i measc na bhfostaithe ar ais ar an leibhéal a bhíodh ann roimh COVID-19, tar éis dó laghdú le linn na paidéime nuair a cuireadh isteach ar phatrúin oibre. Ar an iomlán, bhí méadú 20% ar na laethanta a cailleadh, rud a bhain go príomha le tiománaithe a bheith as láthair tar éis imbhualtí bóthair.

I rith na bliana, chuireamar 54 tionscadal feabhsúcháin i bhfeidhm i leith saoráidí, agus cuireadh feabhas ar ghnéithe sábháilteachta inár n-ionaid oibre agus i limistéir phoiblí faoina lán acu sin. Ina theannta sin, chuireamar feabhas ar shlándáil ag stáisiúin bhus trí chur le líon na n-uaireanta slándála statacha agus feabhas a chur ar chórais CCTV.


Rinneamar iniúchtaí sábháilteachta ag 19 láthair i rith na bliana, agus cuireadh tacaíocht measúnaithe sábháilteachta ar fáil do 180 fostaí a bhíonn i mbun cianoibre. Cuireadh ár bpróiseas bliantúil i bhfeidhm chun athbhreithniú a dhéanamh ar an measúnú riosca agus níor tharla aon teagmhais sábháilteachta in 2023.

Maidir leis na seirbhísí iompair scoile, rinne ár rannóg grinnfhiosrúcháin agus ár rannóg um chosaint leanaí i mBus Éireann próiseáil ar níos mó ná 8,000 duine a chuir isteach ar phost mar thiománaí.

Seoladh ár dtionscadal nua feithiclí leictreacha i mBaile Átha Luain, an chéad cheann dá leithéid in Éirinn. Bhí na busanna sin ar an mbóthar ar feadh na bliana, tugadh tacaíocht sábháilteachta dóibh agus níor tuairiscíodh aon teagmhas sábháilteachta.

I rith 2023, leanadh le tástáil randamach alcóil agus drugaí 'ar bhonn cúise' ar fhostaithe agus rinneadh an líon tástálacha a bhí beartaithe. Táimid ag pleanáil an tástáil a chur i bhfeidhm ar chonraitheoirí freisin i Ráithe 2 2024.

Bhí áthas orainn a thuairisciú gur lean an laghdú ar líon na gcásanna den damáiste mailíseach sa bhliain go dtí seo. Ar an iomlán, tuairiscíodh 376 teagmhas d'iompraíocht fhrithshóisialta i rith na bliana.



Lá 'Delight the Customer'
i mBusáras, 2023

Na Custaiméirí

Tá ár bhfócas ar an gCustaiméir ar cheann de na cúig phríomhchuspóir straitéiseacha atá ag Bus Éireann, atá dírithe ar an eispéireas custaiméara is fearr a sholáthar agus áitiú ar ár bpáirtithe leasmhara infheistíocht a dhéanamh inár n-aistir inbhuanaithe agus cur lena líon.

In 2023, chuireamar i gcrích ár straitéis cúig bliana 'Ceann Scríbe 2023', faoina raibh sé ina fhís ag Bus Éireann a bheith ar an gcuideachta iompair is inbhuanaithe agus is dírithe ar chustaiméirí in Éirinn. Chun cabhrú linn an méid sin a bhaint amach, leagadh síos sprioc uailmhianach 90% i leith sásamh custaiméirí. Díorthaítear an leibhéal feidhmíochta ó thaighde margaidh neamhspleách a rinneadh ar 1,600 custaiméir in aghaidh na ráithe, inar léiríodh rátáil sástachta custaiméirí 93% i Ráithe 4 2023. Ba é seo an dara bliain as a chéile inar sháraíomar ár sprioc.

Ar an iomlán, dhéileáil ár ngníomhairí cúraim custaiméirí le 200,794 ceist anuraidh. Cheapamar soláthraí chun lárionad glaonna iompair scoile a rith dúinn, chun ár n-amanna freagartha agus eispéireas an chustaiméara a fheabhsú. Cuireadh 62,207 ceist ar an ionad sin.

I gcomhar leis an Roinn Oideachais, comhaontaíodh an spriocdháta íocaíochta do sheirbhísí iompair scoile a thabhairt ar aghaidh go dtí tús mhí an Mheithimh 2023. Reáchtáladh feachtais fhairsing sna meáin áitiúla agus náisiúnta chun dátaí deiridh a fhógairt i leith iarratas agus íocaíochtaí. D'éirigh go geal leo sin, agus fuaireamar os cionn 42,000 iarratas don scoilbhliain nua faoin dáta deiridh, méadú breis agus 80% ar an mbliain roimhe sin. D'fhág na spriocdhátaí níos luaithe go bhféadfaí próiseáil níos tráthúla a dhéanamh ar iarratais agus bhí breis agus 132,000 ticéad príomhshrutha eisithe ag Bus Éireann faoi dheireadh Lúnasa 2023.

I rith na bliana, leanamar ag cur i bhfeidhm an tionscnamh *Delight the Customer*, a bunaíodh in 2022. Faoin tionscnamh sin, reáchtáladh 15 lá oscailte in iostaí ar fud na tíre, ionas go mbeadh ár mbaill foirne in ann teagmháil dhíreach a dhéanamh lenár gcustaiméirí agus go mbeadh an deis ag ár gcustaiméirí bualadh leis na foirne agus na bainisteoirí cuí agus ár seirbhísí a phlé. D'éirigh go geal leis an tionscnamh agus beidh níos mó laethanta *Delight the Customer* á gur ar bun in áiteanna eile in 2024.

In 2023, bhain Bus Éireann amach an líon is mó riamh aistear paisinéara – 107 milliún, sin méadú 19.5% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Baineadh amach an buaicleibhéal i mí Dheireadh Fómhair nuair a d'iompraíomar níos mó ná 2.77 milliún paisinéir in aon seachtain amháin. I measc na mbealaí is gnóthaí atá againn tá Bealaí 208 agus 220 i gCathair Chorcaí, 409 i gCathair na Gaillimhe, 109 ó Bhaile Átha Cliath go Ceanannas agus 304 i gCathair Luimnigh. Mar gheall ar na leibhéil mhóra fáis sin tá sé ríthábhachtach a bheith i dteagmháil lenár gcustaiméirí, leanúint ar aghaidh ag labhairt leo agus éisteacht lena n-aiseolas faoinár seirbhísí.

Tá Bus Éireann tiomanta d'inrochtaineacht uilíoch, chuimsitheach ar ár seirbhísí go léir agus le dhá bhliain anuas tá dul chun cinn mór déanta againn i dtreo feabhas a chur ar ár mbonneagar inrochtaineachta. Fuaireamar cistiú ón Údarás Náisiúnta Iompair in 2022 le haghaidh mórchlár feabhsuithe inrochtaineachta sna stáisiúin bhus, a chuirfear i bhfeidhm i dtréimhse cúig bliana. Anuas ar an infheistíocht i bhfeithiclí inrochtana le hurláir ísle, tá feabhsuithe móra curtha i bhfeidhm dóibh siúd a bhíonn ag brath ar inrochtaineacht den scoth chun seirbhísí iompair phoiblí a úsáid agus is ráta 100% atá againn faoi láthair i dtaobh na n-aistear ina dtugtar cúnamh do dhaoine i gcathaoirí rothaí. Cuireadh in áirithe 307 babhta cúnamh dá leithéid in 2023.

Anuraidh, chuireamar leis an rath a bhí ar an Scéim Cúnamh Taistil a cuireadh i bhfeidhm i gCorcaigh in 2022, an chéad cheann dá leithéid lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. A bhui le tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair, tá an scéim leathnaithe anois go Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge. Chuidigh ár bhfoireann oile cúntóirí taistil le breis agus 500 custaiméir a n-aistear a phleanáil agus a dhéanamh gan iad a bheith buartha faoi. Faoi scéim, tacaítear le taisteal cuimsitheach agus tugtar cúnamh do dhaoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta agus daoine eile a dteastaíonn tacaíocht uathu chun seirbhísí iompair phoiblí a úsáid.

Leanadh leis an infheistíocht inár mbonneagar stáisiún bus anuraidh, agus tá an fhorbairt ar acomhal Stáisiún Bus Luimnigh le hoscailt go luath in 2024, rud a chuirfidh feabhas mór ar na saoráidí dár gcustaiméirí sa chathair sin. Thug an Údarás Náisiúnta Iompair cistiú €21 milliún ina leith sin.

Ina theannta sin, feidhmíonn Bus Éireann ag níos mó ná 5,000 stad bus ar fud na tíre agus rinneadh feabhsuithe móra anuraidh chun ár mbonneagar stadanna bus a uasghrádú.



Thug Cúntóirí Taistil tacaíocht do bhreis agus 500 custaiméir in 2023

In 2023, chun tionchar na gcostas ardaithe a fhritháireamh, d'fhógair Expressway ardú 5% ar an meán ar tháillí ar fhorhóir na mbealaí, ardú a tháinig i bhfeidhm ón 31 Iúil. Bhí bealaí ann freisin ar ar laghdaíodh na táillí nó ar fágadh iad mar a bhí. Níor athraíodh na táillí a gearradh ar dhaoine fásta óga idir 19-23 bliana d'aois agus ar mhic léinn 24+, áfach, rud a d'fhág nach raibh ar na custaiméirí sin ach 50% den táille chaighdeánach a íoc ach a gcuid ticéid a cheannach acu ar líne agus Cárta Leap bailí Duine Fásta Óig nó Mic Léinn a bheith acu. Leathnaíodh an tairiscint sin chuig díolacháin ar bord trí chárta dochair nó creidmheasa.

Nuair a fógraíodh na táillí sin, tugadh isteach lascaine nua 33% do chustaiméirí a chuireann ticéad in áirithe níos mó ná seacht lá roimh thaisteal dóibh. Coinníodh leis an treocht aníos maidir le haistear a chur in áirithe roimh ré i rith na bliana, agus roghnaigh 56% dár gcustaiméirí fásta suíochán a chur in áirithe roimh ré lena chinntiú go mbeadh áit ar an mbus dóibh.

I rith na bliana, sheol Expressway feachtas chun daoine a bhfuil Pas Saorthaistil acu a spreagadh chun suíocháin a chur in áirithe ionas go bhféadfaidís taisteal saor in aisce ar fud a ghréasáin. Bhí an rogha acu fós a bpas a thaispeáint don tiománaí (ach áit a bheith ar an mbus). Tháinig ardú 70% anuraidh ar líon na n-aistear inrochtana do dhaoine i gcathaoirí rothaí, aistear ar féidir iad a chur in áirithe ar líne 24 uair an chloig roimh imeacht.

Feidhmíocht

Is é Bus Éireann cuideachta náisiúnta bus na hÉireann agus anuraidh d'fheidhmíomar an gréasán iompair phoiblí is fairsinge sa tír, lena n-áirítear 216 bealach ar na seirbhísí cathrach do Chorcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge, seirbhísí baile do Bhaile Átha Luain, Baile Brigín, Ceatharlach, Droichead Átha, Dún Dealgan, an Uaimh agus Sligeach, agus bealaí réigiúnacha agus tuaithe. Bhí na seirbhísí sin go léir á bhfeidhmiú faoi chonradh leis an Údarás Náisiúnta Iompair. Is é Expressway an t-oibreoir cóiste tráchtála is mó in Éirinn, a chlúdaíonn 14 bhealach idir-réigiúnacha. In 2023, thiomáineamar 2.1 milliún ciliméadar breise ar na seirbhísí sin do phaisinéirí, sin méadú 3%. Tháinig méadú 825 nó 9% ar an líon bealaí scoile a bhí againn go 9,765.

Tá éileamh níos mó ná riamh ar sheirbhísí Bhus Éireann agus chun cabhrú linn na seirbhísí sin a sholáthar agus freastal ar an méadú mór ar líon na n-aistear agus ar sheirbhísí nua atá beartaithe a bhunú sa tréimhse deich mbliana atá romhainn, d'fhostaíomar 338 tiománaí nua anuraidh.

Agus níos mó seirbhísí nua á gcur ar bun againn, dúshlán mór a bhí sa phlódú tráchtála a bhí ag dul in olcas ar fud na tíre agus bhí drochthionchar aige ar ár bhfeidhmíocht ó thaobh na poncúlachta de. Bhí an plódú tráchtála ba mheasa i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus i gCorcaigh go háirithe, áit a bhfuil an daonra is mó, agus chuaigh sé i bhfeidhm ar chaighdeán na seirbhíse a d'fhéadfaimis a sholáthar dár gcustaiméirí, go háirithe sa dara leath den bhliain.

Mar gheall ar an easpa poncúlachta sin, d'fhorchuir an tÚdarás Náisiúnta Iompair asbhaintí i ndáil le poncúlacht orainn, rud a chuir isteach ar ár bhfeidhmíocht airgeadais i leith na bliana. Faoi théarmaí ár gconartha leis an Údarás Náisiúnta Iompair, sainmhínítear gurb é is brí le 'poncúil' gan a bheith níos mó ná nóiméad amháin luath ná sé nóiméad déanach ag fágáil gach stad bus ar an mbealach.

An chéad seirbhís bus baile mhóir á seoladh ag an Aire Ryan i gCeatharlach





Bus Expressway ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin

D'fhreagair an chuideachta trí phleananna agus bearta nua a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear tráthchláir nuashonraithe agus méadrachtaí cáilíochta seirbhíse eile, ionas go bhféadfaí spriocanna feidhmíochta a bhaint amach in 2024 seachas pionóis a thabhtú, ós rud é go meastar go mbeidh líon na bpaisinéirí fós ag dul i méid.

Cuireadh 57 feithicil nua san iomlán lenár bhflít anuraidh, a bhuí le tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair. Toisc fáil a bheith ar fheithiclí nua le caighdeán níos airde sofaisticiúlachta, compoird agus sábháilteachta, is fearr a bheidh muid in ann díriú ar an sprioc atá againn maidir le hastaíochtaí fuinnimh, agus cloífeadh le hardleibhéil iontaofachta dár gcustaiméirí. Chun cur leis an éifeachtúlacht sna hiostaí, bhí an-áthas orainn cistiú a fháil in 2023 chun tús a chur le hathrú ó bhonn ar an gcothabháil a dhéantar inár ngaráistí. Déanfar digitiú ar ár bpróisis agus ár ngníomhaíochtaí agus tabharfar tús áite do chothabháil choisctheach na bhfeithiclí ar an sceideal ionas go mbeidh an fháil is fearr is féidir orthu, go mbeidh eispéireas den scoth ag na custaiméirí, agus go mbeidh na haistir níos sábháilte.

Rinneadh os cionn 80 athbhreithniú ar thráthchláir i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair in 2023, agus tugadh isteach 12 bhealach agus seirbhís fheabhsaithe faoin bPlean Soghluaisteachta Tuaithe, 'Éire á Nascadh'. Dul chun cinn thar a bheith tábhachtach a bhí ansin, chun cabhrú linn pobail a nascadh trí sheirbhísí nua agus seirbhísí feabhsaithe dár gcustaiméirí i mBaile an Bhuinneánaigh, sa Chlochán, sa Chreagán, in Uachtar Ard, i dTrá Mhór agus i gCathair na Mart, i measc eile, i rith na bliana. Ba i mí na Nollag a cuireadh i bhfeidhm cuid mhaith de na hathruithe sin.

In 2023, rinne Expressway éacht nuair a baineadh amach ráta soláthair seirbhíse 98% ar fud an ghréasáin in ainneoin patrúin tráchta dhinimiciúla sa ré tar éis na paidéime. Bíonn an luaineacht sin i gceist fós, rud a fhágann nach bhfuil sé éasca a bheith in am i gcónaí ag na stadanna go léir.

Bíonn Expressway i gcónaí ag déanamh faireachán ar fheidhmíocht an tráthchláir agus bíonn deiseanna á lorg chun ionchais na gcustaiméirí a ailíniú le tráthchlár ar féidir cloí leis. I mí Feabhra 2023, rinneadh athbhreithniú nach beag ar Bhealach 100X, agus cuireadh i bhfeidhm tráthchlár dhinimiciúla fheabhsaithe. Ó cuireadh na feabhsuithe sin i bhfeidhm, tá méadú 16% tagtha ar an éileamh ar Bhealach 100X i gcomparáid le 2022, rud is cúis mhisnigh dúinn.

Idir an dá linn, tá feabhas fiúntach ar an bponcúlacht de bharr na dtráthchlár nua agus na n-athruithe ar na seirbhísí. Mar shampla, i dtréimhse 9 de 2023, i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2022, bhí na busanna níos poncúla ag níos mó ná 3,000 stad feadh Bhealach 100X.

Mar fhreagra ar an éileamh ó phaisinéirí maidir le haistir chuig Aerfort na Sionainne i rith an tsamhraidh, sheol Expressway ceithre sheirbhís bhreise idir Aerfort na Sionainne agus Gaillimh, lena n-áirítear 16 seirbhís fillte in aghaidh an lae leis an mbealach sin.

Thaifead Expressway méadú 70% ar áirithintí inrochtaineachta i gcomparáid le 2022, rud atá ag teacht lenár dtiomantas leanúnach i dtaobh ár seirbhísí a bheith níos inrochtana agus níos cuimsithí. Choinníomar taifead oibríochta gan locht freisin maidir le háirithintí inrochtana ar Expressway: i gcás 100% de na haistir, níor tuairiscíodh aon teip le linn 2023.

In 2023, ráta foriomlán 92% a bhí ag Expressway i ndáil le sásamh custaiméirí, figiúr a bhí chun tosaigh ar sprioc 90% na cuideachta.



Tiománaithe Bhus Éireann – ag nascadh pobal agus daoine

Daoine

Tá Daoine agus Cultúr ar cheann de na cúig phríomhchuspóir straitéiseacha atá ag Bus Éireann. Teastaíonn uainn dul i bpáirt le daoine agus cur lenár bhfórsa saothair chun cultúr feidhmíochta a chothú lenár féidir freastal ar an mborradh atá faoin éileamh ar ár seirbhísí agus ar riachtanais i dtaobh scileanna amach anseo.

Creidimid go bhfuil sé rithábhachtach d'inbhuanaitheacht na cuideachta dálaí oibre sábháilte agus obair chuibhiúil a bheith ag ár bhfostaithe.

Mar sin, le bliain anuas d'fhorbraíomar straitéis nua, Straitéis Daoine agus Cultúir 2024-2028, ina leagtar amach ár n-uailmhian a bheith inár bhfostóir céadrogha, rud a bhainfear amach toisc gur fostaithe oile atá againn, a théann in oiriúint d'athruithe agus a bhíonn ag obair i dtimpeallacht oibre chuimsitheach, thacúil.

D'éirigh linn ráta rannpháirtíochta fostaithe 72% a bhaint amach in 2023. Léiriú is ea an ráta sin ar an gcaidreamh idir eagraíocht agus a cuid fostaithe, agus ar an gceangal a bhraitheann fostaithe le spriocanna agus luachanna na cuideachta.

Geilleagar lánfhostaíochta atá sa tír seo faoi láthair agus díriodh go mór ar an earcaíocht anuraidh chun cabhrú linn freastal ar an éileamh atá ar sheirbhísí agus chun an chuideachta a chur i riocht fáis amach anseo. Tá an margadh fostaíochta do thiománaithe agus do mheicneoirí éirithe níos srianta le blianta beaga anuas, mar sin bhí ríméad orainn 338 tiománaí agus 17 meicneoir a earcú (ceapadh 12 acu nuair a chríochnaigh siad a bprintíseach) agus timpeall 450 duine san iomlán a earcú ar fud na heagraíochta.

Chun an earcaíocht sin a éascú, chuireamar laethanta oscailte ar siúl do thiománaithe ar fud na hÉireann, rud a thug deis d'iaratasóirí féideartha bus a thiomáint go sábháilte agus blaiseadh a fháil den ról, chun muinín a chothú agus cur i gcoinne na tuairime go bhféadfadh sé gur rud ró-dheacair é bus a thiomáint.

A bhuí le clár oiliúna Bhus Éireann chun daoine a bhfuil ceadúnas B acu faoi láthair a ullmhú i gcomhair cheadúnas D (atá riachtanach chun bus a thiomáint) d'éirigh le 60 tiománaí ceadúnas D a fháil agus teacht ag obair linn.

Tá a fhios againn go measann ár bhfostaithe gur áit mhaith oibre é Bus Éireann, ach mar sin féin rinneamar tuilleadh taighde domhain chun léargas a thabhairt dúinn ar na luachanna ar leith atá de dhíth chun tiománaithe a mhealladh agus a choinneáil. Chuidigh sé sin linn tairiscint luacha a ullmhú do thiománaithe, agus seolfaimid an tairiscint sin i mí an Mhárta 2024. Ina theannta sin, chuireamar teicneolaíocht agus anailísíocht sonraí i bhfeidhm chun cur chuige níos stuama a ghlacadh maidir le bainistíocht tinrimh. Is amhlaidh anois go sainaithnítear fostaithe a bhféadfadh níos mó tacaíochta nó cúram sláinte a bheith de dhíth orthu.

Tá oiliúint agus forbairt rithábhachtach chun cur ar a chumas do Bhus Éireann leanúint ar aghaidh ag fás agus ag forbairt mar eagraíocht den scoth. Dá réir sin, in 2023 chuireamar beagnach 10,000 uair an chloig oiliúna ar fáil. I mBaile Átha Luain, tugadh isteach cláir nua chun ár seirbhísí a athrú ó bhonn ionas go mbeadh ar ár gcumas an chéad seirbhís leictreach bus a chur ar bun i mbaile mhór sa tír. Chun cur lenár bhfeidhmíocht mar chuideachta shofhreaigrúil, d'fhreastail 54 ardbhainisteoir ar sheisiún oiliúna de chuid Toyota maidir le Bainistíocht Bharainneach, sa Bhreatain Bheag.

Táimid tiomanta don tsláinte agus don fholláine, agus mar sin leathnaíomar ár líonra garchabhrach meabhairshláinte, sheolamar Tairseach *Wellhub* agus chuireamar clár sláinte agus folláine ar fáil do thiománaithe. Ina theannta sin, thionólamar ceardlanna ar fholláine airgeadais agus tionscnaimh eile chun tacú lenár gcolúin folláine: folláine choirp, meabhairfholláine, folláine ó thaobh airgeadais de agus folláine shóisialta.

In 2023, d'fhoilsíomar ár ndara tuarascáil faoin mbearna phá idir fir agus mná, inar léiríodh gur bearna phá 11.8% ar an meán atá ag Bus Éireann i bhfabhar na mban, i gcomparáid le meán na hÉireann, 9.6% i bhfabhar na bhfear. Is é an t-airmheán i mBus Éireann 9.8% i bhfabhar na mban.

Aithnítear sa bhearna phá idir fir agus mná an éagthroime atá ann faoi láthair: is fearr an ionadaíocht atá ag mná i ról cheannaireachta sa chuideachta, seachas i ról oibríochtúla nó ról ina mbítear ag plé le custaiméirí. Is fir iad 90% dár bhfórsa saothair agus ní mná iad ach 4% de na daoine atá i ról ina mbítear ag plé le custaiméirí. Táimid fós dírithe ar dháileadh níos cothroime fear agus ban ar fud Bhus Éireann a bhaint amach agus tá athruithe dearfacha á gcur i bhfeidhm againn chuige sin.

Ag deireadh na bliana 2023, bhí 2,932 duine fostaithe ag Bus Éireann, agus bhí ár bhfórsa saothair comhdhéanta de dhaoine ó 51 tír (ardú ó 46 sa bhliain roimhe sin). Is mian leis an gcuideachta go mbeadh ár bhfórsa saothair ionadaíoch ar ár gcustaiméirí agus ar an tsochaí, agus inár suirbhé bliantúil ar na fostaithe, d'fhreagair 87% acu go gcuireann Bus Éireann fáilte roimh dhaoine ó chúlraí éagsúla agus go mbíonn meas aige orthu. Anuraidh, 4.8% de na fostaithe a dúirt linn go rabhadar faoi mhíchumas.

Bhí Bus Éireann sásta an Comhartha Cré-umha um Infheisteoirí san Éagsúlacht a bhaint amach, rud a léirigh go bhfuil beartais chuí éagsúlachta agus chuimsithe i bhfeidhm ag an gcuideachta, go bhfuil na beartais curtha in iúl ar bhealach éifeachtach don fhoireann ar fad agus gur cuireadh oiliúint ar ár gceannairí faoin éagsúlacht agus faoin gcuimsiú.

Chun ár gclár oibre éagsúlachta agus cuimsithe a chur chun cinn arís eile, cuireadh grúpa stiúrtha ar bun in 2023 chun feidhmiú ár Straitéise Éagsúlachta agus Cuimsithe a bhreithniú agus faireachán a dhéanamh uirthi ar bhonn ráithiúil, chomh maith le hathbhreithniú bliantúil a dhéanamh. Ceapadh roinnt seaimpíní éagsúlachta agus cuimsithe ar fud na heagraíochta chun an clár oibre a chur chun cinn mar phríomhbhealach don chuideachta chun dul chun cinn a dhéanamh ar bhealach inbhuanaithe.

Ina theannta sin, tá straitéis earcaíochta cuimsithí glactha ag Bus Éireann, agus muid ag bogadh ar shiúl ó cháilíochtaí seanbhunaithe oideachais agus ag earcú ar bhonn scileanna.

Forbraíodh ceithre bheartas nua chun tacú le fostaithe: beartas maidir le drochíde sa teaghlach; beartas comhionannais inscne; beartas maidir le cóireálacha torthúlachta agus atáirgeadh daonna cuidithe; agus beartas maidir leis an sos míostraithe.

Bhí Bus Éireann i gceannas ar Lá Idirnáisiúnta na mBan ar fud ghrúpa cuideachtaí CIÉ in 2023. An téama #comhionannas a bhí againn agus is muid a bhainistigh na himeachtaí. Ina theannta sin, chuireamar tús lenár gcomhpháirtíocht le I WISH nuair a thugamar daltaí ó gach cearn den tír chuig an RDS i mBaile Átha Cliath i gcomhpháirtíocht le hIarnród Éireann, chun féachaint chuige nach bhfágfar cailín ar bith inár ndiaidh.

I réimse an oideachais, leanamar ag obair le *Business in the Community* agus le scoileanna DEIS ar a gclár 'Saol na hOibre' agus 'Todhchaí na hOibre', chun píblínte tallainne a chothú agus lena chinntiú go mbeidh na gairmeacha beatha i mBus Éireann oscailte do chách.

Mar aitheantas ar chumhacht an oideachais i dtaobh cur i gcoinne réamhchlaonta, rinne Bus Éireann infheistíocht i dtionscnaimh atá dírithe ar fheasacht agus tuiscint a chur chun cinn. Ghlac gach duine dár bpríomhoifigigh, ár gceannairí, ár n-ardbhainisteoirí, ár mbainisteoirí agus ár speisialtóirí páirt in oiliúint maidir le ceannaireacht chuimsitheach in 2023. Tá oiliúint faoi chlaonadh neamh-chomhfhiosach ar siúl dár maoirseoirí agus dár mbaill foirne chléireachais, agus tá tús curtha le clár oiliúna 30 nóiméad ar líne do thiománaithe.

In 2023, bhí an-áthas ar Bhus Éireann ceithre ghradam a bhuachan lenar tugadh aitheantas dár gcuid oibre maidir le tallann agus éagsúlacht:

- Na Gradaim Náisiúnta Éagsúlachta agus Chuimsithe – Gradam maidir le Tionscnamh Éagsúlachta Sármhaith
- Gradam 'Tionchar Gnó Inbhuanaithe' de chuid Chambers Ireland – Earcaíocht Chuimsitheach
- Gradam CIPD 2023 (Ardmholadh) – Tiománaithe Bus a mhealladh, agus aird ar an Éagsúlacht
- Gradam Curaidh Acmhainní Daonna na hÉireann – Earcú Daoine Tréitheacha 2023

Bhí baint ghníomhach ag Bus Éireann le paráidí na Féile Bróid ar fud na hÉireann chun tacú leis an bpobal LADTA+, agus rinneamar urraíocht ar imeachtaí, tionscnaimh agus eagraíochtaí éagsúla LADTA+. Léiríonn ár bhfeachtais earcaíochta an chaoi a gcuimsímid an éagsúlacht, rud a chreidimid atá ina gné thábhachtach dár gcur chuige i leith freagracht shóisialta chorpóraideach.

Bus Éireann Tuarascáil Bhliantúil 2023

In 2023, d'ainmnigh na fostaithe os cionn 1,200 duine den fhoireann i gcomhair na ngradam 'Go the Extra Mile'. Bronnadh gradam ar 18 bhfostaí ag ócáid na nGradam Náisiúnta GEM, agus rinneamar ceiliúradh freisin ar an méid a bhí baint amach ag 155 fostaí ag ócáid na ngradam réigiúnach. Bronnadh an gradam foriomlán 'Foireann na Bliana' ar fhoireann Sheirbhís Bhaile Cheatharlach, agus ghnóthaigh Iosta Bhaile Átha Luain an gradam 'Iosta na Bliana' as ucht an tionscadail pleanála agus feidhmíthe i ndáil leis an tSeirbhís Feithiclí Leictreacha.

Bhí ról tábhachtach fós ag BÉ Online, ár gcainéal cumarsáide inmheánaí, ó thaobh na rannpháirtíochta lenár 3,000 fostaí. Is bealach é chun eolas a roinnt leo agus a chur ar a gcumas dóibh a gcuid scéalta agus tuairimí a roinnt lena gcomhghleacaithe ar fud na tíre. Leibhéil ard rannpháirtíochta a bhí ann agus rinneadh breis agus 3,200 postáil ar BÉ Online, postálacha ar breathnaíodh orthu 8 milliún uair san iomlán. Is comhpháirtithe iad ár bhfostaithe sa ghnó agus cuidíonn an t-aiseolas agus an fhaisnéis a fhaightear trí BÉ Online leis an bpleanáil agus leis an gcinnteoireacht. Is amhlaidh atá freisin i gcás moltaí a fhaightear trínár scéim 'Bright Ideas' agus déanann an chuideachta na moltaí sin a mheas.

Nuálaíocht

Is téama mór do Bhus Éireann í an nuálaíocht trí chlaochlú digiteach agus muid ag iarraidh leas a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus bealaí nua oibre chun cabhrú linn feabhas leanúnach a chur ar an soláthar seirbhíse, ar an luach a fhaigheann na custaiméirí agus ar eispéireas na gcustaiméirí ar ár seirbhísí go léir.

In 2023, rinneamar dul chun cinn le roinnt tionscadail mhóra a bhí dírithe ar ár mbainistíocht iompair a threisiú, lena n-áirítear cur i bhfeidhm Córais Chinnteoireachta i dtaobh Fheidhmíocht an Ghréasáin. Cuireann an córas nua ar ár gcumas dúinn sonraí fíor-ama a bhaillú ó chórais éagsúla lena n-áirítear ó thicéadú, córais teileamaitice agus Wi-Fi chun deaiseanna feabhsaithe agus sonraí inghníomhaithe a sholáthar. Is bealach é sin chun bainistíocht fíor-ama a dhéanamh ar an soláthar seirbhíse agus ar an sreabhadh faisnéise dár gcustaiméirí. Ina theannta sin, is féidir linn an córas a úsáid chun cuidiú linn faireachán a dhéanamh ar phoncúlacht fíor-ama na seirbhísí agus ar fheidhmíocht seirbhíse ar leibhéal an ghréasáin, na mbealaí agus na stadanna, rud a chuireann leis an soláthar seirbhíse do chustaiméirí.

Mar chuid dár n-iarrachtaí leanúnacha chun eispéireas an chustaiméara a fheabhsú, rinneamar infheistíocht i gcomharthaí taispeána agus bothanna nua ag ár gcuid stáisiún i rith na bliana, agus muid ag baint úsáid as



Ionadaíocht a mhéadú le Laethanta Oscailte chun Mná a Earcú

réiteach nua néalbhunaithe AWS atá bunaithe ar lárchóras bainistíochta inneachair chun faisnéis fíor-ama faoi imeacht agus teacht na mbusanna a thaispeáint, chomh maith le fógraí faoi na seirbhísí. Is féidir leis an gcóras sonraí a chomhtháthú thar chomhéadain ríomhchláraithe feidhmchlár ónár gcórais bainistíochta fíor-ama lena chinntiú go bhfeicfidh na custaiméirí an fhaisnéis is nuaí agus is cruinne.

Ina theannta sin, i mí na Samhna chríochnaíomar an t-uasghrádú ar chóras ticéadaithe Expressway, ionas go bhféadfaí Ticéid do Dhaoine Fásta Óga a cheannach ar an mbus le cárta dochair nó cárta creidmheasa, nó leis an gCárta Leap. Bhí sé i gceist againn é a fhágáil níos áisiúla fós ag na daoine óga sin, ar deighleog thábhachtach custaiméirí iad, leas a bhaint as rátaí cuid mhaith níos ísle.

I rith 2023, agus an brú tráchta ag dul in olcas agus líon na gcarranna ar na bóithre ag dul i méid, bhí fadhbanna ag an gcuideachta maidir le poncúlacht ar roinnt dár gcuid seirbhísí. Mar fhreagra air sin, tá roinnt beart glactha againn lena n-áirítear leas a bhaint as teicneolaíocht nua chun cuidiú linn an phoncúlacht a fheabhsú. Thángthas ar chomhaontú le soláthraí maidir le bogearraí a bhfuil cumas intleachta saorga iontu, rud a chuideodh go mór linn feabhas a chur ar an luas agus ar an gcruinneas lena dtugaimid na tráthchláir cothrom le dáta ar bhonn na gcúinsí oibriúcháin.

Ina theannta sin, d'éirigh linn cistiú a fháil do roinnt tionscadail nuálacha teicneolaíochta, amhail an treoirhionscadal maidir le ticéadú cliste do na scoileanna. Fuarthas an-léargas ón treoirhionscadal agus chuir sé sin bonn eolais faoin idirphlé atá tosaithe anois leis an Roinn Oideachais maidir le haon fheidhmiú a dhéanfar ar an teicneolaíocht sin amach anseo, rud a rachaidh chun sochair do na daltaí go léir a bhaineann leas as an scéim iompair scoile.



Inbhuanaitheacht

I rith na bliana, chuaigh Bus Éireann chun cinn go dtí an dara atriall dár straitéis inbhuanaitheachta, 'Athrú á Spreagadh 2024-2030', ina leagtar amach ár straitéis nuashonraithe agus ár bpleananna chun soghluaisteacht inbhuanaithe a chur i bhfeidhm dár gcustaiméirí agus chun ár sprioc a bhaint amach maidir le bheith ar an gcuideachta iompair is inbhuanaithe in Éirinn.



Tá borradh leanúnach faoi ghnó Bhus Éireann faoi láthair, agus rinne paisinéirí níos mó aistear ná riamh linn in 2023. Is é an dúshlán agus an deis is mó atá againn fós an fás sin a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe. Dúshlán a bheidh ann ár n-astaíochtaí a laghdú agus ár seirbhísí á leathnú an tráth céanna le flít feithiclí a bhfuil cinn díosail a astaíonn carbón fós ina measc, chomh maith le feithiclí hibrideacha agus feithiclí ceallra-leictreacha. Ach beidh an deis againn freisin cabhrú le haistriú córa iompair a bhaint amach, rud atá ina bheartas ag an Stát agus é ag iarraidh níos mó daoine a spreagadh chun leas a bhaint as seirbhísí iompar poiblí trí roghanna inmharthana eile a thairiscint seachas an carr príobháideach.

Feictear sa straitéis nua freisin go bhfuil dlús á chur lenár n-iarraichtaí chun cúrsaí inbhuanaitheachta agus gnéithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais (CSR) a leabú ar fud ár ngnó.

Mar chuid den phróiseas claochlaithe sin, tháinig coiste inbhuanaitheachta an Bhoird le chéile cúig huaire i rith na bliana chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna, lena n-áirítear cruinniú ar an láthair i Luimneach chun féachaint ar an dul chun cinn ag Stáisiún Colbert agus i mBaile an Róistigh.

In 2023, rinne Bus Éireann an-obair ar fheidhmiú a chláir oibre inbhuanaitheachta, lena n-áirítear garsprioc mhór a bhaint amach nuair a bhronn *Business in the Community* Ireland an comhartha inbhuanaitheachta 'Business Working Responsibly' air. Ba é an t-aon chuideachta bus in Éirinn a fuair an comhartha sin. Rinne an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann iniúchadh neamhspleách ar an gcuideachta sular bronnadh an gradam sin air.

An t-aon chuideachta bus in Éirinn ar bronnadh an comhartha inbhuanaitheachta *Business Working Responsibly* uirthi





Is sprioc thábhachtach ó thaobh na gníomhaithe ar son na haeráide é caighdeáin idirnáisiúnta a chomhlíonadh, agus rinneadh iniúchtaí Deimhniúcháin Comhshaoil nua faoi ISO 14001 sa Chloch Leathan agus i Luimneach. Moladh go ndéanfaí deimhniúchán ar an dá láthair. Tá cúig láthair atá creidiúnaithe i leith ISO 14001 againn anois, agus beidh níos mó le teacht in 2024. Anuas air sin, coinníodh creidiúnú bainistíochta fuinnimh ISO 50001 don Chloch Leathan. I gcomhar le Grúpa CIÉ, bhain Bus Éireann amach rátáil A- ón Tionscadal um Nochtadh Carbóin i leith an ghníomhaithe ar son na haeráide.

I mí an Mhárta, d'fhoilsigh an chuideachta a dara Tuarascáil Inbhuanaitheachta, ina ndearnadh athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta lenár straitéis agus lenár bpleananna inbhuanaitheachta. Cuireadh tuarascáil faoin gCreat um Ghníomhú ar son na hAeráide faoi bhráid NewEra faoi dhó in 2023.

Is príomhábhar fócais againn é an éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus in 2023 d'éirigh linn feabhas 23% a bhaint amach i gcomparáid leis an mbonnbhlain. Áiríodh leis na hiarrachtaí sin trealamh téimh níos tíosaí ar fhuinneamh a shuiteáil i gceithre láthair agus córas iomlán soilse LED a chur isteach in dhá iosta eile. Chuireamar tús le tionscadal pólótach faoinar suiteáladh córais faisnéise bainistíochta fuinnimh i gcomhpháirtíocht le ResourceKraft, speisialtóirí fuinnimh, ag trí láthair – An Chloch Leathan, Tobar an Chaipín agus Luimneach. Mar chuid d'iarachtaí níos fairsinge chun cultúr inbhuanaitheachta a chur chun cinn, chuireamar feachtas fuinnimh 'Laghdaigh d'úsáid' ar bun dár mbaill foirne.

I rith na bliana, tháinig 57 feithicil nua isteach inár bhflít, lena n-áirítear 11 feithicil cheallra-leictreach do Bhaile Átha Luain. Ba sa bhaile sin i mí Eanáir, tar éis tréimhse fhada ullmhúcháin, a sheolamar an chéad seirbhís bus uile-leictreach sa tír seo, gan astaíochtaí ar bith ón sceithphíopa. Chuir na custaiméirí fáilte mhór roimh an tseirbhís nua, agus tháinig méadú 25% ar líon na n-aistear paisinéara ar na bealaí sin. Chuir na páirtithe leasmhara an-fháilte roimh an tseirbhís nua freisin.

I mí na Samhna, bronnadh gradam mór le rá de chuid SEAI ar Bhus Éireann sa chatagóir iompair i leith tionscadail feithiclí leictreacha Bhaile Átha Luain, agus d'éirigh leis an gcuideachta freisin an Grand Prix a bhuachan as an dul chun cinn atá déanta againn go dtí seo maidir lenár gclár oibre inbhuanaitheachta a bhaint amach.

Táimid fós ar an mbóthar ceart chun cloí le sprioc na bliana 2030 maidir lenár n-astaíochtaí CO₂ a laghdú, ach tá sé sin ag brath ar dhlús a chur le dícharbónú an fhlíit feithiclí idir seo agus sin. Tá dúshlán mhóra romhainn fós maidir le cóistí a thiontú ina bhfeithiclí ísealcharbóin agus ina bhfeithiclí saor ó charbón, go háirithe maidir le cistiú a dhéanamh ar an obair sin i gcás na bhfeithiclí scoile agus busanna Expressway.

Agus muid ag iarraidh ár lorg carbóin a laghdú, baineadh úsáid as bithbhreosla B7 ar fud an fhlíit go léir in 2023 den chéad uair, agus bronnadh tairiscint le haghaidh triail a bhaint as bithbhreosla HVO i mBéal an Átha. Leanadh ar aghaidh i rith na bliana leis an triail atáimid ag baint as trí bhus hidrigine agus forbraíodh dhá chomhpháirtíocht breosla mhalartaigh chun foghlaim faoi chineálacha nua breosla.

Áirítear ar na hiarrachtaí níos fairsinge sin leas a bhaint as fuinneamh in-athnuaite nuair is féidir é. Sa Sciobairín, rinneadh córas pólótach painéal gréine PV a cheannach, a shuiteáil agus a choimisiúnú agus d'fhéadfadh sé freastal ar 70% de riachtanais chumhachta an tsuimh. Ar an iomlán, tá sé cinn eile de láithreacha roghnaithe againn ina bhfuil sé beartaithe réiteach den sórt céanna a chur i bhfeidhm.

Ó thaobh dul i ngleic le dramhaíl, ullmhaíodh agus faomhadh ár bplean bainistíochta dramhaíola, lena ndéantar nuashonrú ar ár bPlean Geilleagair Chiorclaigh, i Ráithe 2 2023. Tháinig feabhas ar ár bhfeidhmíocht i leith athchúrsaíl dramhaíola go 25.5% i rith na bliana. Tharla eachtra inar doirteadh díosal i bPort Láirge ag deireadh mhí Lúnasa, agus déileáladh ar bhealach éifeachtach leis.

Cuireadh tús freisin le cláir oiliúna inbhuanaitheachta agus rannpháirtíochta, arna gcistiú faoi Chiste Inbhuanaitheachta nua CIÉ – faoinar tugadh tacaíocht freisin do thionscadail fuinnimh agus chomhshaoil i rith na bliana.

Réadmhaoin

In 2023, rinne Bus Éireann dul chun cinn nach beag lena lán tionscadal a bhí dírithe ar ár bpunann réadmhaoine a dhéanamh níos inbhuanaithe. San iomlán, cuireadh i bhfeidhm 54 tionscadal feabhsúcháin caipitil réadmhaoine agus 27 tionscadal cothabhála foirgneamh in 2023, lena n-áirítear feabhsuithe ar shaoráidí d'fhostaithe agus do chustaiméirí agus tionscadail a bhaineann leis an inbhuanaitheacht.

Tar éis sheoladh na seirbhíse leictrí i mBaile Átha Luain, leanadh den aistriú chuig feithiclí saor ó astaíochtaí nuair a rinneadh oibreacha fairsinge ag iosta Luimnigh i mBaile an Róistigh agus muid ag ullmhú chun 34 feithicil leictreach dhá urlár a chur ar an mbóthar i gcathair Luimnigh ó mhí an Mhárta 2024 ar aghaidh. Is é an tÚdarás Náisiúnta Iompair atá ag cistiú an tionscadail sin agus beidh sé ar an gcéad sheirbhís leictreach i gcathair réigiúnach sa tír. Réitíodh an bealach dó trí chur le hacmhainneacht chumhachta an iosta i gcomhar le ESB Networks.

I Luimneach freisin i rith na bliana, críochnaíodh cuid mhaith den tionscadal faoina bhfuil athfhorbairt á déanamh ar stáisiún bus Colbert. Tá sé sin ar cheann de na tionscadail is mó dá leithéid ó bunaíodh an chuideachta agus ba chomhthionscadal é idir Bus Éireann agus Iarnród Éireann, arna chistiú ag an Údarás Náisiúnta Iompair.

I nGaillimh, dámhadh conradh i leith na hoibre forbartha ag busáras agus stáisiún iarnróid Cheannt anuraidh agus táthar le tosú ar an obair thógála i mí Feabhra 2024 agus é i gceist í a bheith críochnaithe in 2025. I gCorcaigh, thug Comhairle Cathrach Chorcaí cead pleanála i mí na Samhna chun an dara iosta nua a thógáil do Bhus Éireann i gCorcaigh ag Tivoli. Cuirfear tús leis an obair thógála in 2024 agus táthar ag súil go mbeidh an iosta críochnaithe in 2025.

I measc na bhforbairtí eile i rith na bliana bhí siad seo a leanas: cuireadh i gcrích an obair ar dhá stáisiún bus inrochtana sa Mhuileann gCearr agus in Inis; bhíothas ag pleanáil le haghaidh mórchlár feabhsaithe inrochtaineachta sna stáisiúin bhus mar chuid de chlár cúig bliana arna chistiú ag an Údarás Náisiúnta Iompair; agus cuireadh tús leis an gcéim dheartha thosaigh chun aistriú chuig feithiclí leictreacha i nDún Dealgan, san Uaimh agus i Sligeach.

Comhoibriú

Inár ról mar chuideachta náisiúnta bus na hÉireann, tá Bus Éireann tiomanta do bheith ina shaoránach corparáideach maith, rannpháirtíocht fhairsing a dhéanamh agus caidreamh láidir a chothú.

Comhoibrímid le raon comhpháirtithe agus tá dlúthchaidreamh cothaithe againn le príomhpháirtithe leasmhara mar an Roinn Iompair, lena n-áirítear trínár mballraíocht ar an gCoiste Stiúrtha Fuinnimh. Bímid ag obair i ndlúthpháirt leis an Roinn Oideachais ar an Scéim Iompair Scoile, a d'iompair níos mó daltaí ná riamh in 2023.

Trínár gcomhpháirtíocht láidir leis an Údarás Náisiúnta Iompair, bímid ag obair ar na tionscnaimh 'Éire á Nascadh' agus BusConnects a chur i bhfeidhm chun nascacht réigiúnach agus uirbeach a fheabhsú, chomh maith leis an mBeartas Soghluaisteachta Inbhuanaithe Náisiúnta a chur i bhfeidhm.

Is fochuideachta de chuid CIÉ muid agus dá bhrí sin téimid i gcomhairle leis an gcuideachta sealbhaíochta agus glacaimid páirt i gcruinnithe an Ghrúpa Stiúrtha agus na gCoistí, ag comhoibriú le Bus Átha Cliath agus Iarnród Éireann chun dul chun cinn a dhéanamh i dtaobh iompar inbhuanaithe, gníomhú ar son na haeráide agus an chomhshaoil, soláthar glas agus gnéithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais (CSR). Is mór againn ár gcomhlachtaí ionadaíochta fostaithe, ár nGrúpa Úsáideoirí faoi Mhíchumas, agus na grúpaí pobail agus eagraíochtaí poiblí éagsúla a chuidíonn linn ár seirbhísí a sholáthar ar bhealach sábháilte, éifeachtach.

De réir mar a leanann Bus Éireann ag cur lena oibríochtaí agus le scála a chuid seirbhísí, leagaimid tábhacht ar leith ar bheith ag obair i ndlúthpháirt lenár soláthraithe, go háirithe agus ár mbeartas soláthair ghlais á chur i bhfeidhm againn.

Táimid buíoch as an dlúthchomhar a fhaighimid ón nGarda Síochána, ó na húdaráis áitiúla agus ón ESB, agus muid ag obair i ndlúthpháirt leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus le *Business in the Community* chun ár gclár oibre um shábháilteacht ar bhóithre agus ár gclár oibre i leith na hinbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm.



Tacaíonn Bus Éireann le himeachtaí Bróid ar fud na hÉireann

Gnólacht Freagrach/Gnéithe Pobail agus Gnéithe Sóisialta

Chun ár misean a chomhlíonadh i dtaobh daoine agus pobail a nascadh ar bhealach inbhuanaithe, agus chun cabhrú linn an saol a fheabhsú, ní hé amháin go gcaithimid seirbhísí iompair phoiblí inbhuanaithe den scoth a chur ar fáil, ach caithimid páirt ghníomhach a bheith againn sna pobail ina mbímid ag obair.

In 2023, ghlac Bus Éireann páirt ina lán babhtaí rannpháirtíochta leis an bpobal agus lenár bpobail féin. Ina measc sin, rinne Expressway urraíocht ar an tsiúlóid bhliantúil *Grow Mental Health* a reáchtáladh ar ghrianstad an tsamhraidh (an 21 Meitheamh) – an lá is gile agus is faide den bhliain. Ag an tsiúlóid Bhuí, iarrtar ar rannpháirtithe ar fud na tíre éadaí buí a chaitheamh agus iad ag siúl, ag rith, ag rothaíocht, ag snámh nó ag fánaíocht ar feadh 30 nóiméad. Trí chomhpháirtíocht Expressway le *Grow Mental Health*, déantar athdhearbhú ar ár dtiomantas do mheabhairshláinte mhaith a chur chun cinn, agus thug baill foirne de chuid *Grow* cuairt ar ár n-iostaí ag an mBusáras, Corcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge i rith na bliana.

Cúis bhróid ag Bus Éireann a bhí ann freisin urraíocht a dhéanamh ar Imeachtaí na Féile Bróid in áiteanna éagsúla in Éirinn, lena n-áirítear an Clár, Corcaigh, Droichead Átha, Luimneach, an Muileann gCearr, an Uaimh, Sligeach agus Cill Mhantáin. Tá ár dtacaíocht don Fhéile Bhróid ina gné dár ndúthracht i leith éagsúlacht, cuimsiú agus comhionannas a cheiliúradh, agus ár n-iarrachtaí a neartú chun spásanna sábháilte fáilteacha a chothú do gach duine den phobal LADTA+.

I mí an Mheithimh, chuaigh Bus Éireann i bpáirt le cuideachtaí iompair phoiblí eile agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun tacú le tionscnamh nua, 'Prepare Me AsIam for Public Transport', chun cabhrú le pobal an uathachais agus a dteaghlaigh an deis chéanna a bheith acu a bheith lánpháirteach i saol na hÉireann trí chuimsitheacht san iompar poiblí.

I mí na Nollag, chuamar i gcomhpháirtíocht le Pobal Shíomóin an Iarthair Láir don fheachtas Nollag 'Fill a Bus' i Luimneach. Thacaigh an feachtas sin le hachainí bhliantúil na carthanachta aimsir na Nollag, chun acmhainní agus cúnamh a chur ar fáil do dhaoine gan dídean agus dóibh siúd atá i mbaol a bheith gan dídean i Luimneach, sa Chlár agus i dTiobraid Árann Thuaidh.



Busáras ag ceiliúradh 70 bliain ar an bhfód

Is ceist í an easpa dídine a ardáitear go minic ag ár ngnáth-thionscnaimh for-rochtana pobail. I rith na bliana, thacaigh Bus Éireann le tionscnaimh éagsúla agus Ionad Lae na gCaipísíneach, *Cork Penny Dinners* agus Béilí ar Rothaí Dhún Dealgán ina measc. I measc na dtionscnamh eile thugamar síntiús um Nollaig d'Fhoras Sláinte na Leanaí ag Sráid Temple faoin gclár *Delight the Customer*.

I Muineachán, bhí an-áthas orainn comhoibriú le Cumann Bailte Slachtmhara Mhuineacháin agus le hlarsmalann an Chontae chun múrmhaisiú bríomhar a chur ar bhalla tosaigh Stáisiún Bus Mhuineacháin, agus an bhithéagsúlacht á ceiliúradh againn. Ní hé amháin go gcuireann an saothar ealaíne sin slacht ar an stáisiún, ach is bealach é chun feasacht chomhshaoil agus rannpháirtíocht an phobail a chur chun cinn freisin.

Bhí baint ag an gcuideachta le tionscnaimh éagsúla inbhuanaitheachta in 2023 lena n-áirítear an feachtas 'Grow It yourself – Get Ireland Growing'. Thug Bus Éireann boscaí fáis d'fhostaithe, agus chuaigh sé i bpáirt le *Green Spaces for Health* i gCorcaigh ar thionscnaimh a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach.

In 2023, ba chúis bhróid ag Bus Éireann é a cheiliúradh go raibh Busáras, príomhstáisiún bus agus cóiste na hÉireann, 70 bliain ar an bhfód. Tá an foirgneamh íocónach sin, a bhfuil an iomaí gradam bronnta air, ag croílár an iompair phoiblí na hÉireann ó osclaíodh a dhoirse ar an 19 Deireadh Fómhair 1953. Freastalaíonn sé ar bhreis agus aon mhilliún paisinéir in aghaidh na bliana anois, agus imíonn bus uaidh 1,400 uair in aghaidh na seachtaine de réir an scéil. Cuid lárnach d'athfhorbairt

an fhoirgnimh a bheidh ann a stair a chaomhnú agus fíis athnuaite do bhonneagar iompair phoiblí na hÉireann a fhorbairt don tréimhse 70 bliain atá romhainn.

Oifig na Gaeilge

Leanadh ar aghaidh le feidhmiú na n-oibleagáidí agus na ndualgas atá orainn faoi Scéim Teanga Bhus Éireann. I measc eile, cuireadh comhairle ar na baill foirne faoi chomhlíonadh cheanglais Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus na rialachán gaolmhar go léir agus rinneadh faireachán air sin.

I gcomhréir le reachtaíocht nua faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, thosaigh Bus Éireann ag déanamh faireachán ar a chaiteachas ar fhógraíocht i nGaeilge in 2023. Cé gur i nGaeilge a bhí 23% dár n-ábhar fógraíochta iomlán, 1.4% dár gcaiteachas ar an nGaeilge a bhí sna meáin Ghaeilge. D'fhoghlaimíomar an-chuid le linn an phróisis sin in 2023 agus déanfaimid ár ndícheall cur lenár gcaiteachas sna meáin Ghaeilge amach anseo chun an sprioc 5% a chomhlíonadh.

Fuaireamar 37 teachtaireacht i nGaeilge tríd an Rannóg Cúraim Custaiméirí agus phróiseáladar 60 aistriúchán Béarla/Gaeilge i rith na bliana. Ar an meán, 15 scéala Gaeilge a d'fhoilsíomar ar na meáin shóisialta in aghaidh na míosa.

Mar chuid dár dtionscadal um chlaochlú digiteach, leanadh leis an obair in 2023 chun comharthaí digiteacha dátheangacha nua a chrochadh in 10 stáisiún ar fud na tíre.



Athbhreithniú Airgeadais

Feidhmíocht Airgeadais

In 2023, rinne Bus Éireann caillteanas €0.7m tar éis míreanna eisceachtúla. Sin i gcomparáid le caillteanas €1.5m tar éis míreanna eisceachtúla i leith 2022. B'ionann an Tuilleamh roimh Ús, Cánacha, Dímhéas agus Amúchadh (TRÚCDA) agus €1.5m (2022: €2.9m). Is ionann glansócmhainní an chláir comhardaithe agus €30.9m amhail an 31 Nollaig 2023 i gcomparáid le €31.6m in 2022, agus glansócmhainní reatha €66.7m atá againn (2022: €63.3m).

Áirítear leis na glansócmhainní reatha dliteanais neamhairgid €22.3m (2022: €16.8m) a bhaineann le hioncam reatha iarchurtha agus ioncam iarchurtha i leith deontais chaipitil agus ioncaim. Ní bhíonn ceangaltas airgid i gceist le deontais chaipitil agus úsáidtear iad i gcomhréir le dímhéas na sócmhainne. Dá bhrí sin, gan na míreanna neamhairgid sin san áireamh, tá glansócmhainní reatha €89.0m (2022: €80.1m) ag an gcuideachta.

Tháinig méadú ar chostais phárolla agus costais ghaolmhara go dtí €167.3m in 2023, tráth a raibh 2,932 fostaí againn ar an meán, i gcomparáid le €154.3m in 2022 agus meánlíon fostaíthe 2,827.

Tháinig feabhas ar an ioncam ó bhoscaí táillí le linn 2023, agus bhí líon na n-aistear paisinéara ag teannadh le leibhéal 2019 faoi dheireadh na bliana. Leanadh ar aghaidh le tionscnamh na dTicéad do Dhaoine Fásta Óga ar na seirbhísí tráchtála in 2023.

Tháinig ardú 10% ar an bhFóirdheontas OSP iomlán faoin gconradh dírdhámhachtana in 2023, cé gur baineadh bealaí Chonair Chomaitéireachta an Oirthir as an áireamh ó mhí na Bealtaine 2023 ar aghaidh, nuair a tosaíodh á bhfeidhmiú faoi chonradh um Oscailt an Mhargaidh Bus. Ba é bunú seirbhísí nua de réir a chéile faoin tionscnamh 'Éire á Nascadh' ba chúis leis an méadú sin den chuid is mó in 2023.

Tháinig méadú 17.8% ar an ioncam ón tSeirbhís Iompair Scoile in 2023 i gcomhréir leis na costais, mar gheall ar an méadú mór a tháinig ar líon na bpáistí a bhaineann leas as na seirbhísí sin ar na cúiseanna seo a leanas:

- Bhí méadú nach bhfacthas a leithéid roimhe seo ar an éileamh ar sheirbhísí príomhshrutha mar thoradh ar bheart an Rialtais maidir le costais mhaireachtála, faoina ndearnadh táillí iompair scoile a tharscaoileadh don scoilbhliain 2023/24.
- Rinneadh méadú leanúnach ar sheirbhísí iompair scoile do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Bhí seirbhísí iompair scoile fós á soláthar do pháistí ón Úcráin.

B'ionann an caiteachas caipitiúil agus €21.09m in 2023 (2022: €13.2m) lena n-áirítear €5.85m ar Réadmhaoin, €5.26m ar Theicneolaíocht agus Feithiclí Leictreacha agus €9.97m ar Threalamh Garáiste. In 2023 fuair an chuideachta cistiú caipitiúil €14.0m (2022: €8.1m) i leith seirbhísí OSP ón Údarás Náisiúnta Iompair, lena n-áirítear deontais €1.57m (2022: €5.5m) i leith na talún agus na bhfoirgneamh atá i seilbh CIÉ, rud a chuir ar a cumas don chuideachta infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí feabhsaithe dá custaiméirí.

Bliain	An tSeirbhís Scoile agus Seirbhísí Tráchtála	OSP	Roimh Mhíreanna Eisceachtúla	Míreanna Eisceachtúla	Brabús/ (Caillteanas)
	€M	€M	€M	€M	€M
2023	(0.7)	(0.0)	(0.7)	0.06	(0.7)
2022	(2.0)	0.5	(1.5)	(0.00)	(1.5)



Seirbhís Expressway i gCorcaigh

Ionchas Airgeadais

Meastar gur bliain dhúshlánach eile a bheidh ann in 2024. Cé nach bhfuil líon na bpaistínirí ar sheirbhísí Expressway ar ais fós chuig na leibhéil a bhíodh ann roimh COVID-19, tá an bhearna sin fós ag cúngú. Beidh sé tábhachtach an Conradh leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus na conarthaí nua um Oscailt an Mhargaidh Bus a chur i bhfeidhm ar an mbealach is éifeachtaí agus is féidir chomh maith lena chinntiú go ndéanfar lánchistiú ar an gConradh Dírdhámhachtana nua, a mheastar a thiocfaidh i bhfeidhm ag deireadh 2024. Bhí brúnna costais le sonrú san uile réimse agus beidh dúshlán fós le sárú ag an ngnólacht dá mbarr.

Bainistíocht Rioscaí

Áirítear le cur chuige Bhus Éireann maidir le bainistíocht rioscaí féachaint cé na rioscaí nua, na rioscaí atá ag teacht chun cinn agus na rioscaí atá ag athrú a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar chuspóirí straitéiseacha na cuideachta, measúnú a dhéanamh ar rioscaí chun déine na n-éifeachtaí ar chuspóirí straitéiseacha a thuiscint, rioscaí a chur in ord tosaíochta chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht i dtaobh freagraí ar rioscaí, agus freagraí orthu a chur i bhfeidhm ó thaobh glacadh le rioscaí, iad a sheachaint, a leanúint, a laghdú nó a chomhroinnt ar bhonn tosaíochta.

Soláthraíonn Bord Bhus Éireann maoirseacht agus úinéireacht ar an bpróiseas bainistíochta rioscaí le tacaíocht ón gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca, agus bíonn an obair sin aillínithe leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Faigheann an Bord tuairiscí riosca tráthrialta ón bhfoireann bainistíochta ar phríomhrioscaí agus rioscaí straitéiseacha atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear rioscaí agus deiseanna a bhaineann le hinbhuanaitheacht nó le gnéithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais.

Déanann an Bord faomhadh ar an Ráiteas Inghlacthachta Riosca, ar an gCreat Bainistíochta Riosca, ar an bPlean Bainistíochta Riosca agus ar an gClár Rioscaí ar bhonn bliantúil. Is éard atá i gceist leis an gcreatphróiseas ná cur i bhfeidhm córasach na mbeartas, na nósanna imeachta agus na gcleachtas maidir le rioscaí a chur in iúl, a gcomhthéacs a thuiscint, measúnú a dhéanamh orthu, iad a láimhseáil, faireachán, athbhreithniú agus taifeadadh a dhéanamh orthu agus iad a thuairisciú, lena n-áirítear rioscaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus le gnéithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais.

Mar chuid dá phróiseas pleanála straitéisí, cinntíonn Bus Éireann go bhfuil sé ag dul in oiriúint do na tionchair, na rioscaí agus na deiseanna a eascraíonn as athruithe ar an timpeallacht oibriúcháin don iompar poiblí in Éirinn, lena n-áirítear teacht chun cinn an bheartais phoiblí i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide atá ag an Rialtas. Léirítear sa tábla thíos na príomhrioscaí straitéiseacha atá le sárú ag an gcuideachta agus cur chuige na cuideachta maidir leis na rioscaí sin a mhaolú:

Bus Éireann – Rioscaí agus Deiseanna Straitéiseacha

		Forbairtí Riosca san Eoraip 2024 (féach Baraiméadar Rioscaí Allianz)	Tionchar ar Choluín Straitéiseacha Bhus Éireann	Neamhchosaint ar Rioscaí i gcás Bhus Éireann	Maolú Riosca agus Rialuithe Inmheánacha
1		Cásanna Cibearionsaithe (e.g. Bogearraí Éirice a mbíonn an córas as feidhm tamall dá mbarr nó is cúis le Sárú Sonraí, Fineálacha agus Pionóis)	• Custaiméirí • Daoine agus Cultúr • Inbhuanaitheacht ó thaobh Airgeadais de • Inbhuanaitheacht / Gnéithe Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais	• Bagairtí Cibearshlándála • Cistiú / Infheistíocht i gCórais agus Teicneolaíocht Slándála	• Infheistíocht sna Córais agus sna Próisis • Bainistíocht Leanúnachais Gnó • Beartais / Nósanna Imeachta Athbheithnithe • Feasacht agus Oiliúint
2		Cur isteach ar an nGnó (e.g. Cur isteach ar an Slabhra Soláthair)	• Custaiméirí • Inbhuanaitheacht ó thaobh Airgeadais de • Inbhuanaitheacht / Gnéithe Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais	• Éiginnteacht i dtaobh na Geopholaitíochta de • Cúrsaí Pinsin agus Árachais	• Bainistíocht an tSlabhra Soláthair • Éifeachtúlacht agus Rialuithe Costais
3		Tubaistí Nádúrtha (e.g. Tuile Stoirme, Crith Talún, Falscaí, Babhtáí Adhaimsire)	• Inbhuanaitheacht / Gnéithe Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais • Custaiméirí • Daoine agus Cultúr	• Baol Tuile / Damáiste de bharr Stoirme / Briseadh Cumhachta • Arduithe ar Phraghas Fuinnimh/Breosla	• Beartais maidir le Fálú Breosla • Córais Sábháilteachta / Bainistíochta Éigeandála • Measúnachtaí ar an mBaol Tuile • Suirbhéanna ar Shláine Struchtúrach Foirgneamh
4		Athruithe ar Reachtaíocht agus ar Rialacháin (e.g. Cogai Trádála agus Taraifí, Smachtbhannaí Geilleagracha, Caomhnaitheacht, Titim an Limistéir Euro ó Chéile)	• Soláthar Seirbhíse • Inbhuanaitheacht ó thaobh Airgeadais de • Inbhuanaitheacht / Gnéithe Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais	• Comhlíonadh RGCS / na Reachtaíochta Cosanta Sonraí • Breosla Malartach / HVO a Úsáid • Caighdeáin Chomhshaoil / Tuairiscíú Corparáideach agus Caighdeáin Inbhuanaitheachta Chorporáideacha	• Faireachán Rialála • Beartais agus Nósanna Imeachta Athbheithnithe • Feasacht agus Oiliúint
5		Forbairtí Maicreacnamaíocha (e.g. Boilsciú, Díbhoilsciú, Beartais Airgeadaíochta, Méaduithe ar Phraghsanna Tráchtearraí)	• Inbhuanaitheacht ó thaobh Airgeadais de • Inbhuanaitheacht / Gnéithe Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais	• Boilsciú Costas – Fachtóirí lonchuir • Riosca Cistithe Caipitil agus Oibriúcháin	• Éifeachtúlacht agus Rialuithe Costais • Pleanáil Chun Cinn • Nósanna Imeachta maidir le Formheas Caipitil
6		Dóiteán, Pléascadh	• Daoine agus Cultúr • Custaiméirí • Soláthar Seirbhíse	• Drochthimpiste Bóthair • Mórdhóiteán / Mór-Phléascadh Gáis	• Córais Sábháilteachta / Bainistíochta Éigeandála • Feasacht agus Oiliúint
7		An tAthrú Aeráide (e.g. Rioscaí Fisiceacha, Rioscaí Oibriúcháin agus Rioscaí Airgeadais mar gheall ar an Téamh Domhanda)	• Inbhuanaitheacht / Gnéithe Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais • Soláthar Seirbhíse • Inbhuanaitheacht ó thaobh Airgeadais de	• Cumas i dtaobh Spriocanna Fuinnimh agus Aeráide a Bhaint Amach • Riosca Cistiúcháin – Feithiclí agus Réadmhaoin • Oiriúnacht Córas agus Teicneolaíochta chun Riachtanais um Oiriúnú Aeráide a Chomhlíonadh	• Infheistíocht sa Fhlít Feithiclí agus i Réadmhaoin • Infheistíocht sna Córais agus sna Próisis • Oiliúint a chur ar na Fostaithe • Anailís ar Chásanna / Oiriúnú
8		Ganntanas Lucht Saothair Oile	• Daoine agus Cultúr • Soláthar Seirbhíse • Cultúr	• Dúshlán Earcaíochta – Ár nOibríochtaí Féin agus an Slabhra Luacha	• Plean Athbheithnithe maidir le hEarcaíocht agus Coinneáil • Bainistíocht Tinrimh • Athbheithniú ar Phá agus Coinníollacha
9		Géarchéim Fuinnimh (e.g. Ganntanas Soláthair / Briseadh Soláthair, Luaineacht i dtaobh Praghsanna de)	• Custaiméirí • Inbhuanaitheacht ó thaobh Airgeadais de • Inbhuanaitheacht / Gnéithe Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais	• Tionchar na Luaineachta i dtaobh Praghsanna Breosla / Fáil a bheith ar Bhreosla HVO	• Bainistíocht an tSlabhra Soláthair • Éiceathiomáint
10		Rioscaí Polaitíochta agus Foréigean (e.g. Éagobhsaíocht Pholaitiúil, an Cogadh san Úcráin, Sceimhlitheoireacht, Coup d'état, Neamhord Sibhialta, Círéibeacha, Creachadóireacht)	• Inbhuanaitheacht ó thaobh Airgeadais de • Inbhuanaitheacht / Gnéithe Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais • Custaiméirí / Soláthar Seirbhíse	• Tionchar an Chogaidh san Úcráin / Cogai Eile • Éileamh ar Iompar Paisinéirí (OSP, Seirbhísí Tráchtála agus Seirbhísí Scoile)	• Forbairtí Gréasáin • Rannpháirtíocht leis na Páirtithe Leasmhara

Maolú Riosca agus Rialuithe Inmheánacha

Féachann Bus Éireann lena chinntiú gur roghnaigh agus gur fhorbair sé na gníomhaíochtaí rialaithe atá riachtanach chun cuidiú leis rioscaí a mhaolú go leibhéil inghlactha maidir le baint amach a chuspóirí straitéiseacha. Bunaímid gníomhaíochtaí rialaithe trí bheartais agus nósanna imeachta lena leagtar síos an méid a mbítear ag súil leis ó fhostaithe, agus nósanna imeachta lena gcuirtear na beartais sin i ngníomh. Ina theannta sin, scrúdaíonn an chuideachta rioscaí atá ag teacht chun cinn agus na tionchair a d'fhéadfadh a bheith acu ar an eagraíocht. Cuireann Bus Éireann faisnéis in iúl go himmheánach, lena n-áirítear cuspóirí agus freagrachtaí as bearta rialaithe inmheánacha, chun tacú le feidhmiú an rialaithe inmheánaigh. Déanann Bus Éireann meastóireacht ar easnaimh rialaithe inmheánaigh agus cuireann sé in iúl go tráthúil iad do na páirtithe sin atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh, lena n-áirítear an lucht ardbhainistíochta, de réir mar is cuí.

I gcás na gceanglas a bhaineann le hiarmhairtí, rioscaí agus deiseanna i dtaobh na hinbhuanaitheachta de, nó le gnéithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais, déantar iad a

chomhtháthú i gcreat bainistíochta rioscaí na cuideachta. Leagtar amach i dTuarascáil Bhliantúil Inbhuanaitheachta 2023 Bhus Éireann an dul chun cinn atá déanta i dtaobh ailíniú le croíphrionsabail na gceanglas a chuirfear i bhfeidhm de réir a chéile faoin Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, faoi chóras rangaithe Tacsanomaíochta an Aontais agus faoin Tascfhórsa ar Nochtadh Airgeadais a Bhaineann leis an Aeráid, lena n-áirítear cur chuige na cuideachta i ndáil le rialachas, straitéis, bainistíocht riosca, agus méadracht agus spriocanna.


Faoin bPlean Rioscaí i leith 2023 a comhaontaíodh idir an Bord agus an lucht bainistíochta, dearbhaíodh go raibh measúnú á dhéanamh ar na príomhrioscaí go léir agus go raibh bearta maolaithe á ndéanamh chun an leibhéal neamhchosanta ar rioscaí a laghdú.

Príomhrioscaí

Shainaithin Bus Éireann na príomhrioscaí agus (nuair is cuí) na príomhdheiseanna a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar bhaint amach Phlean Straitéiseach na cuideachta, mar seo a leanas:

Bus Éireann – Teasléaráid Déine – Riosca agus Éifeachtúlacht na Rialuithe Inmheánacha

Réimse Príomhriosca	Catagóir Riosca
1 Iontaofacht Seirbhíse – an baol go ngearrfaí pionóis	Riosca Airgeadais
2 Inmharthanacht na Seirbhísí Tráchtála	Riosca Airgeadais/Straitéiseach
3 Inbhuanaitheacht na Seirbhíse Iompair Scoile	Riosca Airgeadais/Straitéiseach
4 Cibearshlándáil	Riosca Oibriúcháin/Teicneolaíoch
5 Athsholáthar Feithiclí – Seirbhísí Scoile agus Seirbhísí Tráchtála	Riosca Oibriúcháin/Straitéiseach
6 Infheistíocht i gCóras Soláthair	Riosca Oibriúcháin/Teicneolaíoch
7 Infheistíocht i gCóras Ticeadaithe	Riosca Oibriúcháin/Teicneolaíoch
8 Seachaint Táillí – an baol go ngearrfaí pionóis	Riosca Airgeadais
9 Infheistíocht i gCórais Chúloifige	Riosca Oibriúcháin/Teicneolaíoch
10 Comhlíonadh RGCS	Riosca maidir le Comhlíonadh



Faisnéis faoin gCuideachta

An Bord Stiúrthóirí

Miriam Hughes
Brian Bowden
Diarmuid Corry
David Fox
Stephen Hannan
Dermot Healy
Brendan Lenihan
Richard Manton (Ar scor an 31 Nollaig 2023)
Rhona Murphy

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Stephen Kent

Rúnaí agus Oifig Chláraithe

Tom Delaney
An Chloch Leathan
Baile Átha Cliath D07 X2AE

Uimhir Chláraithe

119570

Cuideachta faoi Theorainn Scaireanna

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe faoi Acht na gCuideachtaí, 2014

Iniúcháirí Neamhspleácha

Forvis Mazars
Bóthar Fhearchair
Baile Átha Cliath D02 A339

Láithreáin ghréasáin

buseireann.ie
expressway.ie

An Fhoireann Ardcheannaireachta



Stephen Kent, *Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

Ceapadh Stephen ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Bhus Éireann i mí na Samhna 2018, tar éis dó a bheith ina Phríomhfheidhmeannach Gníomhach ó fhómhar na bliana 2018 i leith. Thosaigh sé leis an gcuideachta mar Phríomhoifigeach Tráchtála in 2013. Roimhe sin bhí Stephen ina Stiúrthóir Díolacháin agus Margaíochta le C&C Group agus roimhe sin arís bhíodh sé ag obair i ról ard bhainistíochta éagsúla le Waterford Crystal agus Waterford Foods, atá ina chuid de Glanbia plc anois. Tá céim Baitsiléara sa Staidéar Gnó ag Stephen ó Ollscoil Luimnigh agus Máistreacht sa Riarachán Gnó ó Ollscoil Herriot Watt. Is céimí de chuid Institiúid Margaíochta na hÉireann é. Tá Teastas Bainistíochta Inbhuanaitheachta Gnó bainte amach aige le hOllscoil Cambridge. In 2023 rinneadh Comhalta d'Institiúid Cairte na Lóistíochta agus an Iompair de Stephen.



Tom Delaney, *Príomhoifigeach Airgeadais*

Thosaigh Tom le Bus Éireann mar Phríomhoifigeach Airgeadais agus Rúnaí Cuideachta in 2018, agus tá sé freagrach as soláthar, bainistíocht ábhar, riosca agus comhlíonadh. Tá taithí níos mó ná 25 bliain ar an ard bhainistíocht aige a fuair sé in Éirinn, in Oirthear na hEorpa agus sa Ríocht Aontaithe, agus bhí sé ag obair san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach le heagraíochtaí lena n-áirítear Coca Cola, Glanbia, Eir, NAMA, Forvis Mazars agus Banc Shasana. Is Cuntasóir Deimhniúithe Cairte é Tom agus tá Máistreacht aige sa Dlí agus sa Rialáil Airgeadais ó Ollscoil Queen Mary, Londain. Tá Teastas sa Bhainistíocht Inbhuanaitheachta Gnó aige ó Ollscoil Cambridge. Bhí sé ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar Chomhlachas Rialachais Chorporáidigh na hÉireann idir 2018-2022.



Eleanor Farrell, *Príomhoifigeach Tráchtála*

Thosaigh Eleanor le Bus Éireann mar Phríomhoifigeach Tráchtála in 2019 agus d'fhág sí an post o nDeireadh Fómhair 2023. Tá cuntas teiste láidir aici maidir le mór-athrú agus nuálaíocht atá dírithe ar na custaiméirí, chomh maith le forbairt straitéise agus sármhaitheas oibríochta. Roimhe sin, bhí ról ceannaireachta domhanda aici le Google mar Cheann Domhanda Oibríochtaí agus Straitéise a raibh custaiméirí nua faoina cúram, agus bhí sí ina Ceann um Bainistíocht Luacha Custaiméirí agus ina Ceann Straitéise agus Pleanála Tráchtála le Vodafone Ireland. Thosaigh sí ina comhairleoir bainistíochta le McKinsey. Tá Máistreacht sa Riarachán Gnó ag Eleanor ó UCD Smurfit, agus tá Máistreacht sa Ríomhaireacht agus Céim Baitsiléara san Eolaíocht Ríomhaireachta agus Staitisticí aici ó UCD. Tá sí ina Cathaoirleach ar na Samáraigh in Éirinn agus ina comhalta de Bhord Iontaobhaithe na Samarách sa Ríocht Aontaithe.



Miriam Flynn, *Príomhoifigeach na Scoileanna*

Tá Miriam i gceannas ar fheidhmiú na Scéime Iompair Scoile do Bhus Éireann thar ceann na Roinne Oideachais ó 2018 i leith. Roimhe sin bhí Miriam ina Bainisteoir Réigiúnach le freagracht iomlán uirthi as oibríochtaí Bhus Éireann san iardheisceart. Tá taithí aici freisin ar Sheirbhís do Chustaiméirí, Díolachán agus Margaíocht, agus Forbairt Gnó. Tá Baitsiléir Tráchtála ag Miriam ó Ollscoil na hÉireann Gaillimh, Díoplóma larchéime sa Mhargaíocht ó Scoil Ghnó Smurfit, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus tá clár Ceannaireachta Feidhmiúcháin Ghrúpa CIÉ tugtha chun críche aici in UCD freisin. Is comhalta í den Institiúid Cairte Lóistíochta agus Iompair in Éirinn agus tá Teastas Inniúlachta Gairmiúla aici in Oibríochtaí Iompair Náisiúnta agus Idirnáisiúnta ar Bóthar.



Rory Leahy, *Príomhoifigeach Sábháilteachta agus Inbhuanaitheachta*

Ceapadh Rory ina Phríomhoifigeach Riosca agus Sábháilteachta le Bus Éireann in 2018, agus cuireadh an Inbhuanaitheacht leis an ról sin in 2021. Tá sé freagrach as beartas agus straitéis sábháilteachta na cuideachta, as an straitéis agus an beartas inbhuanaitheachta, as bainistíocht rioscaí, as réadmhaoin agus as feidhmíocht fuinnimh. Chuir Rory tús lena ghairm bheatha ag Iarnród Éireann agus bhí poist aige i bhForbairt Gnó, Oibríochtaí agus Bainistíocht Réigiúnach le Bus Éireann. Tá céim ag Rory san Innealtóireacht Shibhialta ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, tá dioplóma iarchéime sa Bhainistíocht Comhshaoil aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus tá Máistreacht sa Bhainistíocht Oibríochtaí aige ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá Teastas Inniúlachta Gairmiúla aige sa Bhainistíocht Oibríochtaí i réimse an Iompair Paisinéirí ar Bóthar (Idirnáisiúnta) aige freisin.



Danny McCarthy, *Príomhoifigeach Faisnéise*

Ceapadh Danny ina Phríomhoifigeach Faisnéise i mí Dheireadh Fómhair 2022. Ba in 2003 a thosaigh sé ag obair le Bus Éireann. Tá sé freagrach as córais faisnéise, as an gclaochlú digiteach agus as straitéis dhigiteach Bhus Éireann ar fud an fhiontair a threorú. Roimhe sin, bhí Danny ina Ceann Teicneolaíochta Faisnéise agus Claochlaithe le Bus Éireann. Agus taithí beagnach 20 bliain aige in iompar poiblí, tá an-eolas ag Danny ar chur i bhfeidhm na teicneolaíochta nua a threorú, ar thionscadail chlaohlaithe a chur i bhfeidhm agus ar thionscnaimh athraithe a threorú. Roimh sin, bhí Danny ag obair le Citibank agus le Kindle Banking Systems. Tá Céim Baitsiléara sa Staidéar Gnó ag Danny ó Ollscoil Luimnigh, dioplóma iarchéime i Logánú Bogearraí ó Ollscoil Luimnigh agus Dioplóma i Straitéis agus Nuálaíocht ó Institiúid Bainistíochta na hÉireann.



Jean O'Sullivan, *Príomhoifigeach Daoine*

Thosaigh Jean le Bus Éireann mar Phríomhoifigeach Daoine le linn 2022. Roimhe sin, bhí Jean ina Ceann ar Fhorbairt Eagrúcháin le Fiontraíocht Éireann, agus í freagrach as comhlíonadh na gcuspóirí straitéiseacha chun oibríochtaí ar mhórsála a chur i bhfeidhm agus leathnú a dhéanamh ar raon feidhme cuideachtaí Éireannacha i margaí domhanda. Le linn a gairme 20 bliain le Fiontraíocht Éireann, bhí ról straitéiseacha ag Jean lena n-áirítear Ceann Acmhainní Daonna Domhanda, maoirsiú a dhéanamh ar bhainistíocht tallainne agus acmhainní a leithdháileadh ar straitéisí chun tacú le fórsa saothair sofheagrúil domhanda. Tá an-taithí ag Jean freisin ar an bhforbairt gnó ar fud earnálacha tionscail. D'fhorbair agus d'fheidhmigh sí an chéad straitéis fiontraíochta ban de chuid Fhiontraíocht Éireann agus tacaíonn sí go mór le tionscnaimh chun éagsúlacht a chothú san ionad oibre. Is céimí de chuid Ollscoil Napier Dhún Éideann í Jean, agus tá bunchéim aici sa Bhainistíocht Margaíochta agus Máistreacht sa Staidéar Gnó i Straitéisí Straitéiseacha Acmhainní Daonna ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.



Allen Parker, *Príomhoifigeach Custaiméirí*

Thosaigh Allen le Bus Éireann sa ról nua seo in 2018. Tá 30 bliain taithí aige ar iompar bus in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Bhí sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Aircoach, fochuideachta de chuid First Group plc, agus ar Citylink. Thosaigh sé a ghairm bheatha le Bus Éireann sna 1990idí, ansin chuaigh sé ar aghaidh go dtí Comfort Delgro agus uaidh sin go First Group plc áit a raibh ríocht ról shinsearach aige. I mBus Éireann, tá Allen freagrach as gach gné de sholáthar seirbhíse agus as feabhas leanúnach a chur ar eispéireas na gcustaiméirí. Cuimsítear leis sin feidhmíocht agus planáil, oibríochtaí, innealtóireacht, faisnéis do chustaiméirí agus inrochtaineacht. Tá Céim Baitsiléara san Eolaíocht (Onóracha) i dTeicneolaíocht an Iompair ag Allen ó Ollscoil Uladh.

An Bord Stiúrthóirí



Miriam Hughes, Cathaoirleach

Ceapadh Miriam ar Bhord Bhus Éireann in 2019 agus ghlac sí ról an Chathaoirligh i mí Feabhra 2022. Tá sí ina comhalta den Choiste Tráchtála agus Nuálaíochta agus den Choiste Luacha Saothair, agus tá sí ar bhord CIÉ chomh maith. Is Stiúrthóir Cairte de chuid Institiúid na Stiúrthóirí í Miriam, is comhairleoir gnó straitéiseach neamhspleách í agus is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin í do Eir, Carechoice faoi láthair agus is cathaoirleach Pluto agus an ASAI í. Bhíodh sí ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar cheann de na grúpaí cumarsáide is mó in Éirinn – DDFH&B. Le linn a seal 17 mbliana ansin, bhainistigh sí éadálacha iomadúla, samhlacha nua gnó agus cumaisc gnó. Bhíodh sí ina Stiúrthóir Margaíochta le Nestlé, ina Ceann Cumarsáide le Banc na hÉireann agus bhí ról mhargaíochta eile aici le Smith & Nephew agus le AIB. Is céimí de chuid an Cholaíste Ollscoile, Baile Átha Cliath í Miriam, agus tá Céim Baitsiléara sa Tráchtáil agus Máistreacht sa Staidéar Gnó i réimse na Margaíochta aici. Is iar-uachtarán í ar Institiúid Margaíochta na hÉireann, iarchathaoirleach ar Chumann Fógróirí na hÉireann, comhalta de chomhairle Chumann Tráchtála Bhaile Átha Cliath, comhalta de bhord Foras Ospice na hÉireann agus tá sí ina iarchomhalta comhairle de chuid Institiúid Margaíochta na hÉireann.



Brian Bowden

Thosaigh Brian ag obair ar Bhord Bhus Éireann in 2022. Tá sé ina Chathaoirleach ar an gCoiste Luacha Saothair agus ina chomhalta den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus den Choiste Tráchtála agus Nuálaíochta. Is Cleachtóir agus Comhairleoir Neamhspleách Acmhainní Daonna é Brian a bhí ina Phríomhoifigeach Daoine le Aer Lingus ó 2016 go 2023. Sa ról sin bhí sé i gceannas ar an bhfeidhm acmhainní daonna don 4,800 duine atá ag obair san aerlíne, agus é freagrach as earcaíocht, forbairt tallainne, bainistíocht athraithe agus caidreamh tionsclaíoch. Bhí sé ag obair roimhe seo i bpoist ardbhainistíochta éagsúla agus é ag plé le hacmhainní daonna le Aer Lingus agus le cuideachtaí eile. Bhí ról shinsearach ag Brian freisin i réimse na n-oibríochtaí, agus é freagrach as pleanáil, uainchláir agus as sceidil na gcriúna, agus sa réimse pleanála tráchtála, agus é freagrach as gréasán bealaí agus sceidil na haerlíne a fhorbairt. Tá Máistreacht Ealaíon ag Brian sa Stair ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus tá Máistreacht sa Staidéar Gnó i Straitéis Acmhainní Daonna aige ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.



Diarmuid Corry

Ceapadh Diarmuid Corry ar Bhord Bhus Éireann in 2018 agus athcheapadh é in 2021. Tá Diarmuid ina Chathaoirleach ar an gCoiste Tráchtála agus Nuálaíochta agus ina chomhalta den Choiste Inbhuanaitheachta agus den Choiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta. Is comhairleoir é Diarmuid a bhíonn ag plé le dearadh córas leictreonach, agus go háirithe le haerárthaí agus spásárthaí. Bhunaigh sé ACRA Control Ltd., soláthraí uirlisí tástála eitilte don tionscal aerospáis, agus bhíodh sé ina stiúrthóir ar an gcuideachta sin go dtí gur ceannaíodh í in 2011. Faoi láthair tá sé ina Phríomhoifigeach Teicneolaíochta le Réaltra Space Engineering, rannán de chuid Realtime Technologies Ltd. Tá Máistreacht ag Diarmuid san Innealtóireacht Leictreonach ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus tá Máistreacht sa Riarachán Gnó bainte amach aige chomh maith.



David Fox

Is feidhmeannach sinsearach teicneolaíochta faisnéise agus stiúrthóir clár é David, agus ceapadh ar Bhord Bhus Éireann é in 2022. Tá sé ina Chathaoirleach ar an Choiste Inbhuanaitheachta agus ina chomhalta den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus den Choiste Tráchtála agus Nuálaíochta. Chomh maith le bheith ina Phríomhoifigeach Faisnéise do roinnt eagraíochtaí in Éirinn agus thar lear, bhí sé i gceannas ar an iomaí clár claochlaithe gnó ar éirigh go geal leo, lena n-áirítear an chéad chlár leathanbhanda a rith Eir (Eircom mar a bhíodh). Sa ról a bhí aige mar stiúrthóir cleachtais chomhairliúcháin ag Oracle, bhí David freagrach as cláir bhilleála teileachumarsáide a chur i bhfeidhm i gcomhair cliant san Eoraip agus sa Mheánoirthear. Faoi láthair tá sé ar Choiste Iniúcháireachta agus Riosca na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Tá Máistreacht ag David sa Riarachán Gnó ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Dioplóma Iarchéime sa Chuntasáocht ó Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte agus Baitsiléir Eolaíochta san Eolaíocht Ríomhaireachta ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.



Stephen Hannan

Ceapadh Stephen Hannan ar Bhord Bhus Éireann in 2017 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Athcheapadh Stephen in 2021 agus is comhalta é den Choiste Inbhuanaitheachta agus den Choiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta. Tiománaí bus le Bus Éireann is ea é agus bíonn sé ag obair i nGaráiste na Rinne. Tá sé in SIPTU agus bhí réimse leathan post aige sa cheardchumann sin le 30 bliain anuas. Bhíodh sé ina Uachtarán ar Choiste na dTiománaithe Bus, ina Leas-Chathaoirleach ar Choiste na hEarnála Iompair agus ar an gCoiste Rannán, agus ina Ionadaí losta. Tá Stephen ina chomhalta boird de chuid CIÉ agus tá sé ina stiúrthóir ar Bhus Átha Cliath freisin.



Dermot Healy

Ceapadh Dermot Healy chuig Bord Bhus Éireann ar an 1 Nollaig 2021 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Is comhalta é den Choiste Inbhuanaitheachta agus den Choiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta. Tá sé ina thiománaí bus le Bus Éireann ag losta Bhaile an Róistigh i Luimneach. Thosaigh sé le CIÉ in 1983 agus bhí ról éagsúla aige lena n-áirítear Cúntóir Oifige agus Stiúrthóir Bus, sular ghlac sé leis an bpost atá aige faoi láthair mar thiománaí bus in 1991. Tá páirt ghníomhach aige i gCeardchumann Náisiúnta na nOibrithe Bus agus Iarnróid (NBRU) ó 1997 nuair a toghadh ar dtús é ar choiste a chraobhe ceantair. D'fhóin sé mar Leas-Chathaoirleach agus Cathaoirleach ar Chraobh Luimnigh sular toghadh ar an gComhairle Feidhmiúcháin Náisiúnta é in 1999. Is comhalta é d'fhoireann náisiúnta caibidlíochta NBRU agus tá taithí fhairsing aige ar shaincheisteanna caidrimh thionsclaíoch lena n-áirítear roinnt babhtáí caibidlíochta leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus ag éisteachtaí de chuid na Cúirte Oibreachais.



Brendan Lenihan

Ceapadh Brendan Lenihan ina Chomhalta Boird de chuid Bhus Éireann in 2019. Tá Brendan ina Chathaoirleach ar Choiste Iniúcháireachta agus Riosca an Bhoird agus is comhalta é den Choiste Luacha Saothair agus den Choiste Inbhuanaitheachta. Tá Brendan ina Stiúrthóir Bainistíochta le Navigo Consulting, sainchomhairleoir i réimse na straitéise, na planála gnó agus na comhairleoireachta faoi chúrsaí rialachais. Roimhe sin, bhíodh sé ina Ghrúp-Stiúrthóir Airgeadais le cuideachta mhór réadmhaoine agus ina pháirtí le Andersen, a mbíodh sé ag obair leo in Éirinn agus sna Stáit Aontaithe. Is stiúrthóir neamhspleách neamhfheidhmiúcháin é ar roinnt cuideachtaí príobháideacha, roinnt carthanas agus ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Bhíodh Brendan ina Uachtarán ar Chuntasóirí Cairte Éireann. Tá céim Baitsiléara sa Tráchtáil ag Brendan ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus Diplóma Iarchéime sa Chuntasaíocht Ghairmiúil ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Is Cuntasóir Cairte é a bhfuil taithí iarcháilíochta níos mó ná 25 bliain aige agus tá Diplóma Gairmiúil sa Rialachas Corparáideach aige ó Scoil Ghnó Smurfit, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.



Richard Manton (D'éirigh as 31 Nollaig 2023)

Ceapadh Richard Manton ar Bhord Bhus Éireann in 2019 agus d'éirigh sé as 31 Nollaig 2023 le post a ghlacadhmar Stiúthóir Inbhuanaitheachta ag Ollscoil na Gaillimhe. Tá sé ina Chathaoirleach ar an gCoiste Inbhuanaitheachta agus ina chomhalta den Choiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta. Is Innealtóir Cairte é Richard le hInnealtóirí Éireann agus leis an Institiúid Cairte um Mórbhealaí agus Iompar. Tá PhD aige san innealtóireacht shibhialta, i réimse an iompair inbhuanaithe. Tá Bus Éireann buíoch de Ristead as an méid a chuir sé le hobair an Bhoird le linn a thréimhse mar Chathaoirleach ar an gCoiste Inbhuanaitheachta, agus go háirithe as an méid a rinne sé mar Chathaoirleach ar an gCoiste Inbhuanaitheachta.



Rhona Murphy

Ceapadh Rhona ar Bhord Bhus Éireann í in 2022 agus feidhmíonn sí mar Chathaoirleach ar an gCoiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta agus is comhalta den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca í. Bhíodh Rhona ag cónaí agus ag obair roimhe seo i Nua-Eabhrac, Londain agus i Singeapór. Bhí sí ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin le *The Daily Beast* agus ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin eatramhach le *Newsweek*. Roimhe sin bhí sí ina foilsitheoir domhanda le *Newsweek*, agus bhí sí ag obair le Dow Jones agus leis an *Wall Street Journal*. Tá sí ina Cathaoirleach faoi láthair ar an gCuibhreannas Idirnáisiúnta d'Iriseoirí Imscrúdaitheacha (ICIJ) átaí lonnaithe i Washington DC. Tá sí ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar The Irish Times DAC chomh maith agus ina stiúrthóir boird ag Comhairle Dearaidh agus Ceardaíochta na hÉireann. Is Stiúrthóir Cairte í ó Institiúid na Stiúrthóirí. Chuir Rhona tús lena gairm sna meáin i Londain ag *The Times* agus *The Sunday Times* tar éis di céim a bhaint amach i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Tá a dtuarascáil bhliantúil á cur i láthair ag na Stiúrthóirí i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 agus faoin Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986, i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2023.

Príomhghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú ar an nGnó

Is é Bus Éireann comhlacht náisiúnta bus na hÉireann agus cabhraíonn sé le daoine ar fud na tíre os cionn 107 milliún turas a dhéanamh gach bliain. Is é an cuspóir atá againn daoine a nascadh le cé agus cad atá tábhachtach dóibh, ag cabhrú leis an saol a dhéanamh níos fearr. Is ionann os cionn 2,900 duine agus teaghlach Bhus Éireann agus maireann siad ár luachanna sábháilteachta agus an custaiméir a chur ar dtús. Déanaimid ár ndícheall seirbhís iompair den chaighdeán is airde agus is féidir a chur ar fáil le fócas ar cháilíocht agus ar shábháilteacht.

Tá traidisiún bródúil seirbhíse faighte le hoidhreacht ag Bus Éireann a théann siar beagnach go dtí bunús an Stáit.

Sa bhliain 1926, bunaíodh Cuideachta Omnibus na hÉireann chun líonra seirbhísí bus ar fud na tíre a fhorbairt faoi chonradh le Mórghóthre Iarainn an Deiscirt. Thar na blianta, d'athraigh agus tháinig forbairt ar an gcomhlacht, agus rinneadh Rannán Paisinéirí Bóthair CIÉ dóibh sa deireadh. Nuair a atheagraíodh CIÉ i 1987, rinneadh fochomhlacht ar leith de sheirbhísí bus lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, agus bunaíodh Bus Éireann.

Athbhreithniú ar Fheidhmíocht Oibríochtúil, Airgeadais agus Innealtóireachta

Déanann stiúrthóirí agus lucht bainistíochta Bhus Éireann faireachán ar fheidhmíocht na cuideachta ar bhonn leanúnach, ag baint úsáid as raon príomhtháscairí feidhmíochta oibriúcháin agus airgeadais.

In 2023, thaifead Bus Éireann caillteanas €7m don bhliain tar éis eisceachtúil. Tá sé seo i gcomparáid le caillteanas 2022 de €1.5m tar éis eisceachtúil. Ba é €1.5m (2022: €2.9m) an tuilleamh roimh Ús, Dímhéas agus Amúchadh (EBITDA) don bhliain. Is ionann glansócmhainní an chláir chomhardaithe agus €30.9m amhail an 31 Nollaig 2023 i gcomparáid le €31.6m in 2022 agus glansócmhainní reatha €66.7m (2022: €63.3m). Tháinig méadú 19% go 107m ar líon na bpaisinéirí in 2023.

Díbhinní

Ní dhearnadh aon díbhinní a mholadh, a dhearbhu ná a íoc i rith na bliana 2023 (2022: €nialas).

Cúlchistí

B'ionann na caillteanais charntha ag deireadh 2023 agus €63.3m i gcomparáid le €62.6m in 2022.

Príomhríoscaí agus Príomhábhair Neamhchinnteachta

Tá córais cuimsitheacha i bhfeidhm at Bus Éireann le riosca a bhainistiú. Déantar na príomhríoscaí agus na príomhábhair neamhchinnteachta a shainaithint agus ullmhaítear pleananna gníomhaíochta chun na ríoscaí sin a mhaolú. Tá clár ríoscaí againn a thugtar cothrom le dáta ar bhonn leanúnach lena athbhreithniú ag na Stiúrthóirí agus ag an bhfoireann ardbhainistíochta. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) athbhreithniú ar na príomhríoscaí ar bhonn leanúnach, agus tuairiscíonn an Coiste sin don Bhord. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú agus faireachán ar ríoscaí rialaithe inmheánaigh agus ríoscaí iniúchóireachta freisin.

Bíonn dea-dhálaí inmharthana margaidh ag teastáil ón gCuideachta chun a seirbhísí a choinneáil ar bun. Bhí an Chuideachta fós ag déanamh dlúthfhaireachán ar a hioncam agus costais ar feadh 2022.

Cuirtear an fhaisnéis is nuaí faoi ríoscaí agus deiseanna airgeadais agus geilleagracha faoi bhráid CIR agus Bhord Bhus Éireann ar bhonn rialta. Bíonn an chuideachta ag brath freisin ar chistiú leanúnach do sheirbhísí poiblí agus do sheirbhísí bus scoile ón Údarás Náisiúnta Iompair agus ón Roinn Oideachais faoi seach. Ceanglaítear ar an gCuideachta cloí le téarmaí agus coinníollacha an chonartha seirbhíse poiblí dírdhámhachtana leis an Údarás Náisiúnta Iompair, le conarthaí ar bhonn tairiscint iomaíoch agus conarthaí ar bith eile a bhronntar.

Déantar bainistiú daingean ar an leachtacht ar fud Ghrúpa CIÉ. Tá foireann ar leith againn a dhéanann comhordú ó lá go lá ar bhainistiú airgid agus cisteáin, mar aon le pleanáil bhliantúil agus ilbhliantúil agus cistiú corparáideach a fháil ó bhainc ar leor é ionas gur féidir le Grúpa CIÉ leanúint ar aghaidh ag feidhmiú.

Infheistíocht Chaipitiúil

B'ionann an caiteachas caipitiúil agus €21.09m in 2023 (2022: €13.2m) lena n-áirítear €5.85m i Réadmhaoín, €5.26m sa Teicneolaíocht agus Feithicil Leictreach agus Trealamh Garáiste dar luach €9.97m. In 2023, fuair an chuideachta cistiú caipitiúil €14.0m (2022: €8.1m) i leith seirbhísí OSP ón Údarás Náisiúnta Iompair, lena n-áirítear deontais €1.57m (2022: €5.5m) i leith na talún agus na bhfoirgneamh atá i seilbh CIÉ, rud a chuir ar a cumas don chuideachta infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí feabhsaithe dá custaiméirí.

Scairchaipiteal agus Cúlchistí

Tá sonraí i dtaobh scairchaipiteal na Cuideachta leagtha amach i nóta 15.

Níl fochuideachta ar bith ag an gCuideachta ná níl infheistíocht ar bith aici i gcuideachtaí eile agus sin mar a bhí amhlaidh an bhliain roimhe seo.

Suim €63.3m atá sna cúlchistí ioncaim (caillteanais charntha) anois ag deireadh 2023 (2022: €62.6m).

Cruinnithe na Scairshealbhóirí

Déantar cruinniú ginearálta bliantúil na Cuideachta a thionól de ghnáth uair amháin gach bliain féilire, agus ní bheidh aon chás ann ina dtionólfar é níos mó ná 15 mhí tar éis an chruinnithe ghinearálta bhliantúil roimhe sin. Féadfar an cruinniú a thionól cibé tráth agus cibé áit a fhorordóidh na Stiúrthóirí. Féadfaidh na Stiúrthóirí cruinniú ginearálta urghnách den Chuideachta a thionól aon uair a mheasann siad gur cuí sin nó ar iarraidh ó Chóras Iompair Éireann. Bhí cruinniú ginearálta bliantúil ann ar an 12 Aibreán 2023.

An Bord

Rialaítear an Chuideachta trína Bord Stiúrthóirí. Tháinig an Bord le chéile 8 n-uair le linn 2023, lena n-áirítear seisiún straitéise speisialta (tháinig sé le chéile 12 uair in 2022). Sheas an stiúrthóir Richard Manton síos ag deireadh na bliana chun post eile a ghlacadh agus ba mhaith le Bus Éireann aitheantas a thabhairt dá chion, agus go háirithe dá shaineolas i réimse na hinbhuanaitheachta le linn a thréimhse.

Sroichfidh an stiúrthóir Brendan Lenihan deireadh a théarma Aibreán 2024.

Tá sceideal ábhar ag an mBord atá forchoimeáda dá chinneadh agus Cód Iompair a gcomhaontaíonn Stiúrthóirí é a chomhlíonadh. Níl ar an mBord reatha ach Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin, beirt a bhí ina Stiúrthóirí Oibrithe ag deireadh na bliana. Níl aon Stiúrthóirí Feidhmiúcháin ar an mBord. Athcheapadh an Cathaoirleach reatha Miriam Hughes mar Chathaoirleach/Stiúrthóir Bhus Éireann an 6 Aibreán 2022.

Éagsúlacht, Comhionannas agus Uilechuimsitheacht

Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí beirt bhan (25%) agus seisear fear (75%) mar Stiúrthóirí ag Bord Bhus Éireann, mar gheall ar éirí as Richard Manton ar an dáta sin. Tá Bus Éireann tiomanta i gcónaí d'éagsúlacht a mhéadú laistigh den chuideachta ag gach leibhéal, agus do bhallraíocht an Bhoird a leathnú chun éagsúlacht shochaí nua-aimseartha na hÉireann ina bhfeidhmíonn an chuideachta a léiriú.

Freastal ar Chruinnithe Boird agus ar Chruinnithe na gCoistí

Anseo thíos tá sonraí maidir le tinreamh na stiúrthóirí ag cruinnithe Boird/Coiste a réachtáladh in 2023:

Ainm an Stiúrthóra	An Bord	An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca	An Coiste Tráchtála agus Nuálaíochta	An Coiste Inbhuanaitheachta	An Coiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta	An Coiste Luacha Saothair
Miriam Hughes	8/8		6/6			3/3
Brendan Lenihan	8/8	8/8		5/5		3/3
Diarmuid Corry	7/8	–	6/6	4/5	2/4	
Stephen Hannon	8/8	–		5/5	4/4	
Dermot Healy	8/8	–		5/5	4/4	
Brian Bowden	8/8	8/8	6/6			3/3
Richard Manton*	7/8	–	6/6	5/5		
Rhona Murphy	7/8	8/8			4/4	
David Fox	8/8	7/8	5/6			

* Déirigh Richard Manton as mar Stiúrthóir ar 31 Nollaig 2023.

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR)

Cinntíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca go dtugtar cosaint chuí do leasanna na scairsealbhóirí agus na ngeallsealbhóirí eile maidir le maoirseacht ar thuairisciú airgeadais, rialú inmheánach, agus iniúchadh inmheánach agus seachtrach. Ina theannta sin, déanann sé athbhreithniú ar riosca agus rialachas corparáideach chomh maith le córais lena chinntiú go ndéantar calaois agus éagóir fhéideartha a imscrúdú. Gníomhaíonn sé go neamhspléach ón Fheidhmiúcháin.

Pléann CIR cineál agus raon feidhme an iniúchta agus a chuid torthaí leis an iniúchóir seachtrach. Déanann an Coiste monatóireacht ar shláine na ráiteas airgeadais arna n-ullmhú ag an gcuideachta. Déanann sé faireachán ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha agus chórais bhainistíochta rioscaí na Cuideachta tríd an eolas is déanaí a fháil ó rannóg Iniúcháireachta Inmheánaí an Ghrúpa agus ón bhfoireann ardbhainistíochta.

Tar éis dó gach caidreamh idir an chuideachta agus an gnólacht iniúcháireachta seachtraí a mheas, ní dóigh le CIR go ndéanann an caidreamh sin dochar do bhreithiúnas ná neamhspléachas an iniúcháir.

Tháinig CIR le chéile ocht n-uair le linn 2023 (ocht n-uair in 2022).

Bhí na Stiúrthóirí seo a leanas ar an gCoiste in 2023:

Brendan Lenihan (Cathaoirleach)

Brian Bowden

David Fox

An Coiste Inbhuanaitheachta

Tá athbhreithniú a dhéanamh ar straitéis inbhuanaitheachta Bhus Éireann san áireamh i sainchúram an Choiste seo, príomhtháscairí feidhmíochta inbhuanaitheachta agus tuairisciú ina leith, buiséid charbóin, cur le hinbhuanaitheacht an fhlíth feithiclí agus an bhonneagair, chomh maith le comhpháirtíochtaí agus cistiú. Tá inbhuanaitheacht ina príomhchuid de phleananna Bhus Éireann amach anseo – rinne an coiste athbhreithniú ar Straitéis Inbhuanaitheachta nua na cuideachta i mí na Nollag 2023 agus d'fhaomh an Bord í ina dhiaidh sin.

Tháinig an Coiste le chéile cúig huaire in 2023 (ceithre huaire in 2022).

Bhí na Stiúrthóirí seo a leanas ar an gCoiste in 2023:

Richard Manton (Cathaoirleach go dtí 31 Nollaig 2023)

Brendan Lenihan

Diarmuid Corry

Dermot Healy

Stephen Hannon

An Coiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta

Áirítear leis an sainchúram atá ar Choiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta Bhus Éireann beartais sábháilteachta a fhorbairt, córais bainistíochta sábháilteachta, maoirseacht a dhéanamh ar thuairisciú tionóiscí agus teagmhas, pleananna sábháilteachta a choinneáil cothrom le dáta, plean oibre don straitéis inrochtaineachta agus príomhtháscairí feidhmíochta, agus comhoibriú le gníomhaireachtaí sábháilteachta agus inrochtaineachta.

Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire in 2023 (ceithre huaire in 2022).

Bhí na Stiúrthóirí seo a leanas ar an gCoiste le linn na bliana:

Rhona Murphy (Cathaoirleach an Choiste)

Diarmuid Corry

Stephen Hannan

Dermot Healy

An Coiste Tráchtála agus Nuálaíochta

Bunaíodh an Coiste Tráchtála agus Nuálaíochta i 2022.

De réir Théarmaí Tagartha an Choiste, is iad na príomhdhualgaí agus na príomhchúraimí atá air:

- Maoirseacht phleanála cúig bliana agus straitéis infheistíochta níos fadtéarmaí
- Feidhmíocht oibriúcháin
- Custaiméirí agus cultúr
- Bainistíocht geallsealbhóirí agus clú
- Straitéis nuálaíochta agus teicneolaíochta faisnéise
- Straitéis, feidhmíocht agus inmharthanacht tráchtála.

Tháinig an Coiste le chéile sé huair in 2023 agus bhí na Stiúrthóirí seo a leanas air:

Diarmuid Corry (Cathaoirleach an Choiste)
Miriam Hughes
Richard Manton (D'éirigh as 31 Nollaig 2023)
Brian Bowden
David Fox

An Coiste Luacha Saothair

Bunaíodh an Coiste Luach Saothair in 2022 agus tháinig sé le chéile trí huair in rith na bliana.

De réir a Théarmaí Tagartha, cuimsítear le sainchúram an Choiste:

- Luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin
- Luach saothair an lucht ardbhainistíochta
- Pleanáil comharbais agus forbairt ceannaireachta
- Beartas luacha saothair na cuideachta
- Ceiseanna pinsean
- Íocaíochtaí foirceanta i gcás daoine den lucht ardbhainistíochta
- Éagsúlacht agus uilechuimsitheacht

Bhí na Stiúrthóirí seo a leanas ar an gCoiste Luacha Saothair in 2023:

Brian Bowden (Cathaoirleach an Choiste)
Miriam Hughes
Brendan Lenihan

Sláinte agus Sábháilteacht

Oibríonn Bus Éireann go leanúnach chun ionad oibre sábháilte a choinneáil agus chun folláine gach fostaí a chosaint trí chleachtais oibre shláintiúla a chur chun cinn. Cuireann sé seisiúin eolais fholláine rialta ar ábhair éagsúla ar fáil do gach ball foirne i rith na bliana. Ina theannta sin, comhlíonann sé gach reachtaíocht fostaíochta ábhartha lena n-áirítear an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005. Déantar monatóireacht ar rialachas cúrsaí sláinte agus sábháilteachta i mBus Éireann trí Choiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta an Bhoird.

Cleachtais Íocaíochta

Aithníonn an Chuideachta an fhreagracht atá uirthi i dtaobh féachaint chuige go gcomhlíonfar forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2013, arna leasú, i ngach ponc ábhartha. Is é beartas íocaíochta na Cuideachta é ceangaltais an Rialacháin a chomhlíonadh.

Taifid Chuntasaíochta

Tá Bus Éireann ar an eolas faoina oibleagáid atá air taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil de réir Ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Chun na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, úsáideann sé córais agus nósanna imeachta cuí, agus fostaíonn sé daoine inniúla chun na córais sin a riar agus a bhainistiú. Is ag oifigí Bhus Éireann i mBaile Átha Cliath 7 atá na taifid chuntais á gcoimeád.

Leasanna Stiúrthóirí agus an Rúnaí

Is é an tAire Iompair, Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a cheapann Stiúrthóirí na Cuideachta. Seo thíos ainmneacha na ndaoine a bhí ina Stiúrthóirí i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2022.

Miriam Hughes (Cathaoirleach)
Diarmuid Corry
Brendan Lenihan
Richard Manton (athcheapadh é ar an 5 Aibreán 2022. d'éirigh as 31 Nollag 2023)
Rhona Murphy
Brian Bowden
David Fox
Dermot Healy
Stephen Hannan

Is é Tom Delaney an Rúnaí Cuideachta. Ní raibh aon leas ag na Stiúrthóirí ná na rúnaithe a d'fhóin i rith na bliana in aon scair ná binitíur de chuid na Cuideachta, dá cuideachta sealbhaíochta ná dá comh-fhochuideachtaí tráth ar bith le linn na bliana.

Ní raibh aon chonradh ná sócrú a rinneadh i gcaitheamh na bliana ina raibh leas ábhartha ag Stiúrthóirí i dtaca le gnó na Cuideachta.

An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá an Bord lántiomanta do chloí leis na ceanglais atá air faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Is é tuairim an Bhoird é, le tacaíocht ó obair an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca, go raibh rialuithe imleora i bhfeidhm ag Bus Éireann in 2023 chun na rioscaí a bhain le cuspóirí straitéiseacha na cuideachta a bhainistiú, agus go raibh na rialuithe sin á gcur chun feidhme. Sa chás inar aithníodh easnaimh maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh, rinne lucht bainistíochta Bhus Éireann na bearta ba ghá chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sin.

Tá deimhniú réasúnta faighte ag Bord Bhus Éireann, ag CIR agus ag na Coistí Boird eile in 2023:

- gur roghnaigh agus gur fhorbair Bus Éireann na gníomhaíochtaí rialaithe riachtanacha a chuidíonn leis rioscaí a mhaolú go leibhéil inghlactha maidir le baint amach a chuspóirí.
- gur roghnaigh agus gur fhorbair Bus Éireann gníomhaíochtaí rialaithe ginearálta chun tacú le baint amach cuspóirí.
- gur bhunaigh Bus Éireann gníomhaíochtaí rialaithe trí bheartais agus nósanna imeachta lena leagtar síos an méid a mbítear ag súil leis ó fhostaithe agus nósanna imeachta lena gcuirtear beartais i ngníomh.
- go bhfuair nó gur thiomsaigh Bus Éireann faisnéis ardchaighdeán ábhartha chun tacú le feidhmiú an rialaithe inmheánaigh agus gur bhain sé leas as an bhfaisnéis sin.
- gur chuir Bus Éireann faisnéis in iúl go hinmheánach, lena n-áirítear cuspóirí agus freagrachtaí as rialú inmheánach, ar cinn a bhfuil gá leo chun tacú le feidhmiú an rialaithe inmheánaigh.
- go raibh Bus Éireann i dteagmháil le páirtithe seachtracha (lena n-áirítear iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha) maidir le hábhair a bhfuil tionchar acu ar fheidhmiú an rialaithe inmheánaigh.
- gur roghnaigh, gur fhorbair agus go ndearna Bus Éireann meastóireacht leanúnach agus/nó meastóireacht ar leithligh lena fháil amach an ann do chomhpháirteanna an rialaithe inmheánaigh agus an bhfuil siad ag feidhmiú.
- go ndearna Bus Éireann meastóireacht ar easnaimh rialaithe inmheánaigh agus gur chuir sé in iúl go tráthúil iad do na páirtithe sin atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh, lena n-áirítear an lucht ardbhainistíochta agus an Bord Stiúrthóirí, de réir mar ba chuí.

Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Raon Feidhme na Freagrachta

Admhaíonn Bord Bhus Éireann agus an Cathaoirleach go bhfuil an Bord freagrach as córas rialaithe inmheánaigh Bhus Éireann. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Tugann an Bord ar aird freisin nach féidir le córas dá leithéid ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt nach dtarlódh earráid ábhartha.

Tuairisc ar na Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Deimhníonn Bord Bhus Éireann go ndearnadh athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh idir mí Dheireadh Fómhair agus mí na Nollag 2023. D'fhormheas Bord Bhus Éireann an t-athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh ar an 2 Feabhra 2024. Ar iarraidh ó Bhord Bhus Éireann, tá príomhnósanna imeachta rialaithe curtha i bhfeidhm lena léirítear méid agus castacht Bhus Éireann.

Ní raibh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais a d'fhág gurbh ann do chaillteanais, teagmhais nó ábhair neamhchinnteachta ábhartha ar ghá iad a nochtadh i Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2022 ná i dTuarascáil an Iniúcháora.

Ba cheart na hábhair neamhchomhlíontacha seo a leanas a thabhairt faoi deara:

- Bhí caiteachas neamhchomhlíontach €3.29m ag Bus Éireann in 2023 arb ionann é agus 0.8% den chaiteachas incháilithe ar sholáthar (€3m nó 0.8% in 2022).
- Sa chás inar aimsíodh saincheisteanna comhlíonta tríd an bpróiseas dearbhaithe cáilíochta i rith 2023, chuir an lucht bainistíochta ina gceart iad.

Rinneadh athbhreithniú an Bhoird ar an Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach lena chinntiú gur léiriú cruinn é ar an gcóras rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe i leith 2023.

Rinne Forvis Mazars, na hiniúcháirí seachtracha, athbhreithniú ar an Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh chomh maith lena dheimhniú go léirítear ann comhlíonadh cheanglais an Chóid Cleachtais (ailt 1.20 agus 2.7) agus go bhfuil sé ag teacht leis an méid atá ar eolas acu óna n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Murab amhlaidh atá, ba cheart don iniúcháir seachtrach tuairisc a thabhairt air sin sa tuarascáil iniúcháora ar an ráiteas airgeadais ábhartha.

Ba iad seo a leanas na céimeanna a glacadh chun timpeallacht rialaithe chuá a chinntiú i mBus Éireann agus na nósanna imeachta a cuireadh i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh:

- **Struchtúr eagraíochtúil** atá sainithe go soiléir a ghlacadh, ar struchtúr é lena ngabhann teorainneacha údaráis i scríbhinn, leithscaradh cuí dualgas agus modhanna tuairiscithe do lucht bainistíochta Bhus Éireann, do Bhord Bhus Éireann agus do Choistí an Bhoird agus do Bhord agus Coistí Boird CIÉ.
- **Córas cuimsitheach buiséadaithe agus pleanála** ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhrí i gcomparáid leis an mbuiséad formheasta ag deireadh gach tréimhse airgeadais agus ina ndéantar imscrúdú ar aon treochtaí nó éagsúlachtaí suntasacha. Scaiptear na tuarascálacha sin ar gach cruinniú de chuid Bhord Bhus Éireann agus ar Choistí an Bhoird lena n-athbhreithniú. Tacaítear leis an bpróiseas sin trí nósanna imeachta chun aghaidh a thabhairt ar impleachtaí airgeadais na mór-rioscaí gnó.
- Treoirlínte soiléire chun an **caiteachas caipitiúil** a fhorghas agus a rialú **de réir an Chód Caiteachais Phoiblí**. Áirítear leo sin: ullmhú na mbuiséad bliantúil caipitiúil a dhéanann an Bord a fhorghas i gcomhairle le CIÉ, leis an Roinn Iompair agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair, staidéir mhionsonraithe indéantachta agus breithmheasanna ar mhórhionscadail chaipitiúla aonair sula ndéanann an leibhéal cuí údaráis iad a fhorghas (lena n-áirítear an Roinn Iompair agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair i gcás tionscadail mhóra) agus ullmhú tuairiscí rialta ar an dul chun cinn lena gcur faoi bhráid an lucht bainistíochta. Ní mór páipéar clabhsúir foirmiúil a chur i gcrích i leith gach mórhionscadail chaipitiúil. Déanann Grúpa Stiúrtha Caipitiúil i mBus Éireann an próiseas Caiteachais Chaipitiúil a mhaoirsiú.
- **Athbhreithniú córasach a dhéanann Feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí Ghrúpa CIÉ ar rialuithe inmheánacha**, mar thríú líne chosanta, lena n-áirítear iniúchadh a dhéanamh ar an Ráiteas um Chomhlíonadh ó na Stiúirthóirí.
- **Creat Bainistíochta Riosca agus Córas Bainistíochta Riosca** a chur chun feidhme arb é an dara líne chosanta é agus lena soláthraítear ardán iniúchta chun rioscaí a thaifeadadh agus a thuairisciú. Ansin déanann an lucht bainistíochta measúnú agus athbhreithniú orthu ar bhonn míosúil. Cuirtear na príomhrioscaí agus na bearta chun déileáil leo faoi bhráid an Bhoird gach ráithe tar éis do CIR iad a mheas.

- Nósanna imeachta chun déileáil le **Comhlíonadh ó thaobh Soláthair de** i gcomhréir le Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le Soláthar, rialacha agus treoirlínte soláthair atá i bhfeidhm faoi láthair arna leagan amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais, Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair Ghrúpa CIÉ agus Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair Bhus Éireann.
- Tabhairt chun críche an **Iniúchta Airgeadais Sheachtraigh** (Forvis Mazars) lena n-áirítear athbhreithniú ar an ráiteas ar na córais rialaithe inmheánaigh. Thuairiscigh Forvis Mazars nach meastar gur moltaí bunúsacha iad aon cheann dá gcuid moltaí maidir leis an rialú inmheánach. Is é an sainmhíniú atá ag na hiniúcháirí ar rialú bunúsach ná ceann atá riachtanach chun timpeallacht láidir rialaithe a choinneáil ar bun sa Chuideachta.
- **Creat Comhlíontachta agus Rialála** ae an dara líne chosanta laistigh de Bhus Éireann chun cabhrú leis an gcosaint ar an gcéad líne maidir le faireachán ar chomhlíonadh agus athbhreithnithe dearbhaithe cáilíochta. Eisítear tuairisc chomhlíontachta chuig an mBord gach ráithe tar éis do CIR breithniú a dhéanamh uirthi.
- Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar na córais inmheánacha rialú in 2023, lena n-áirítear:
 - ▶ Creat nua um beartas agus rialachas comhlíontachta a glacadh leis i Ráithe 1 2023.
 - ▶ Treoirlínte maidir le hIniúchtaí Inmheánacha a chur i gcrích a glacadh leo i Ráithe 1 2023.
 - ▶ Plean Dearbhaithe Comhlíonta ESG Inbhuanaitheachta a glacadh leis i Ráithe 2 2023.
 - ▶ Clár cuimsitheach um Dhearbhú Cáilíochta (QA) a sheachadadh go dtí 2023.
 - ▶ Nuashonrú ar athbhreithniú seachtrach ar Chúrsaí Rialachais Chorpóraidigh a rinne Rialachas Éireann in 2022.
 - ▶ Tionchar, Riosca agus Deiseanna Tosaigh (IRO) agus Measúnú Ábhartha Dúbailte a chur i gcrích in 2023 i gcomhréir le ceanglais CSRD/ESRS.
 - ▶ Athbhreithniú comhthéacs beartais nuashonraithe agus measúnú riosca straitéiseach chun aillíniú le plean straitéiseach nua agus plean airgeadais agus gnó rollach nuashonraithe.
 - ▶ Próiseas Príomhtháscairí Riosca (KRI) a thabhairt isteach mar chuid den chóras bainistíochta riosca.
 - ▶ Creat Bainistíochta Riosca Athbhreithnithe do 2024 chun aillíniú le ceanglais CSRD/ESRS.

Rinne Bord Bhus Éireann, le tacaíocht ó CIR agus ó choistí Boird eile, athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh a bhaineann le Bus Éireann i leith 2023 trí:

- Athbhreithniú agus formheas ar chlár na hiniúcháireachta inmheánaí i leith 2023 (arna ullmhú tar éis an phróisis um measúnú riosca iniúcháireachta) agus breithniú ar na mórtorthaí.
- Breithniú ar mhórtorthaí aon imscrúduithe inmheánacha.
- Athbhreithniú ar an tuarascáil ó na hiniúcháirí seachtracha, ina bhfuil sonraí ar aon saincheistanna rialaithe ábhartha a d'eascair as an iniúchadh a rinne siad ar na ráitis airgeadais.
- Measúnú leanúnach ar thuarascálacha rialta ó Fheidhm Iniúcháireachta Inmheánaí an Ghrúpa, a thug tuairisc rialta freisin ar stádas na saincheistanna a ardaíodh roimhe seo óna thuarascálacha féin.
- Athbhreithniú ar na Príomhrioscaí a sainaithníodh sa Chreat Bainistíochta Rioscaí agus sa Chóras Bainistíochta Riosca lena soláthraítear ardán iniúchta chun rioscaí a thaifeadadh agus a thuairisciú. Ansin déanann an lucht Bainistíochta measúnú agus athbhreithniú orthu ar bhonn míosúil. Cuirtear na príomhrioscaí agus na bearta chun déileáil leo faoi bhráid an Bhoird gach ráithe.
- Tuairiscítear na príomhrioscaí dóibh seo a leanas: an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca, Bord Bhus Éireann, Coiste Iniúcháireachta agus Riosca Bhord ClÉ agus Bord ClÉ.
- Athbhreithniú Bliantúil ar Thuarascálacha Mionsonraithe maidir le Rioscaí.
- Athbhreithniú ar na hathbhreithnithe um Dhearbhú Cáilíochta ar mhaithe le rialú inmheánach, a rinneadh mar chuid den Athbhreithniú Bliantúil ar Éifeachtacht an Rialaithe Inmheánaigh.

Ní raibh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais a d'fhág gurbh ann do chaillteanais, teagmhais nó ábhair neamhchinnteachta ábhartha ar ghá iad a nochtadh i Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2023 ná i dTuarascáil an Iniúcháir.

Tá an Bord deimhin de go bhfuil an chuideachta ag forbairt agus ag feabhsú a córais rialaithe inmheánaigh. Is í an aidhm fhoriomlán atá leis sin ná dearbhú éifeachtúlachta níos fearr a sholáthar maidir le comhlíonadh, riosca, agus rialachas corparáideach, chun tacú le gníomhaíochtaí rialaithe agus bainistíochta rioscaí ar an gcéad agus an dara líne chosanta sa chuideachta.

Rinneadh anailís ar na réimsí seo a leanas maidir le dearbhú cáilíochta in 2023, agus cuireadh pleananna ceartúcháin i bhfeidhm sa chás ina raibh gá leo:

- **Cód Cleachtais Comhlíonta:** Thug GIA faoi raon iniúchtaí inmheánacha agus thacaigh athbhreithnithe inmheánacha QA agus tuarascálacha ar stádas comhlíonta leo.
- **Athbhreithniú ar Bhainistíocht Riosca:** Cuireadh tús le hathbhreithniú QA ar an gcreat bainistíochta riosca agus ar a oiriúnacht don CSRD/ESRS atá ag teacht chun cinn de réir threoirlínte COSO.
- **Comhlíonadh PCI DSS:** Rinne Worldpay Fianú Comhlíontachta PCI DSS Bhus Éireann i leith 2023 a athbhailíochtú i mí Iúil 2023.
- **Oibleagáidí faoin gCód Caiteachais Phoiblí:** Tá nósanna imeachta nua á nglacadh ag Bus Éireann chun cloí leis an gCód Caiteachais Phoiblí athbhreithnithe ar mhaithe le feabhas a chur ar chomhlíonadh an Chóid.
- **Comhlíonadh RGCS:** Chun tacú le cur i bhfeidhm mholtaí an iniúchta GIA, cuireadh tús le hathbhreithniú QA leathbhliantúil go dtí 2024.
- **Próiseas Dearbhaithe Comhlíonta ESG Inbhuanaitheachta:** Cuireadh tús le próiseas dearbhaithe comhlíonta chun Bus Éireann a ullmhú do riachtanais tuairiscithe chorparáideacha CSRD/ESRS atá ag teacht chun cinn.
- **Oibleagáidí i leith na Gaeilge i gcomhréir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla:** Leasaíodh Acht na dTeangacha Oifigiúla sa bhliain 2022. Beidh Scéim Gaeilge Bhus Éireann i bhfeidhm go dtí go ndéanfar lánachtú ar an mBille leasaithe agus forbrófar beartais agus nósanna imeachta le cur in ionad na Scéime in 2023.
- **Athbhreithniú Seachtrach ar Éifeachtacht an Bhoird:** Rinneadh athbhreithniú seachtrach ar Éifeachtacht an Bhoird in 2023, de réir riachtanais an Chóid Chleachtais.

Measann Bord Bhus Éireann, ar bhonn obair an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus obair Coistí Boird eile, go raibh rialuithe imleora i bhfeidhm ag Bus Éireann in 2023 chun na rioscaí a bhain le cuspóirí straitéiseacha na cuideachta a bhainistiú, agus go raibh na rialuithe sin á gcur chun feidhme. Sa chás inar aithníodh easnaimh nó bearta feabhsúcháin maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh, bhí na bearta ba ghá á ndéanamh ag lucht bainistíochta Bhus Éireann chun aghaidh a thabhairt orthu.

Tá creat tuairiscithe Thascfhórsa an Aontais Eorpaigh glactha ag Bus Éireann agus is féidir linn dul chun cinn a léiriú i ndáil lena chroíphrionsabail, lena n-áirítear rialachas, straitéis, bainistíocht rioscaí agus méadracht agus spriocanna i gcomhréir leis na ceanglais a leagfar síos faoin Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach agus na Caighdeáin Eorpacha um Thuairisciú Inbhuanaitheachta (ESRS).

Ráiteas um Chomhlíonadh ó na Stiúrthóirí

Chun críocha Alt 225 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 ('an tAcht'), déanaimid, na Stiúrthóirí, an méid seo a leanas:

1. Admhaímid go bhfuilimid freagrach as a chinntiú go bhfuil an chuideachta ag comhlíonadh a cuid oibleagáidí iomchuí mar a shainítear iad in alt 225 (1) den Acht ('na hoibleagáidí iomchuí'); agus
2. Deimhnímid:
 - (i) Gur ullmhaíodh ráiteas um chomhlíonadh (mar a shainmhínítear é in alt 225 (3) (a) den Acht) ina leagtar amach beartais na Cuideachta (a mheasaimid atá iomchuí don Chuideachta) maidir le comhlíonadh a cuid oibleagáidí iomchuí ag an gCuideachta.
 - (ii) Gur cuireadh i bhfeidhm socruithe cuí nó struchtúir chuí, a mheasaimid atá ceaptha lena chinntiú go gcomhlíonfar go hábhartha oibleagáidí cuí na Cuideachta; agus
 - (iii) Go ndearnadh athbhreithniú ar na socruithe nó na struchtúir dá dtagraítear i mír (ii) thuas le linn na bliana airgeadais lena mbaineann an tuarascáil seo.

Thug Bus Éireann agus cuideachtaí eile de chuid Ghrúpa CIÉ faoi phróiseas mionsonraithe dearbhairthe cáilíochta ionas go mbeidís ag cloí go hiomlán le ceanglais Acht na gCuideachtaí, 2014 i ndáil leis an Ráiteas um Chomhlíonadh ó na Stiúrthóirí. Choimisiúnaigh Grúpa CIÉ an t-athbhreithniú sin thar ceann na gcuideachtaí oibríochas go léir atá ann agus is í Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí Ghrúpa CIÉ a bhí ina bhun. Eisíodh tuarascáil chuimsitheach agus rinne Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Bhus Éireann athbhreithniú mionsonraithe uirthi. Dearbhaíodh sa tuarascáil go raibh Bus Éireann ag cloí go hiomlán leis na ceanglais a bhaineann leis an Ráiteas um Chomhlíonadh ó na Stiúrthóirí i leith 2023.

Stádas na Cuideachta

Cláraíodh an Chuideachta mar Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe, mar a cheanglaítear faoi Acht na gCuideachtaí 2014, ar an 1 Feabhra 2016.

Saoráil Faisnéise

Síníodh an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014 ina dhlí in 2014. An bhliain dár gcionn, tháinig codanna áirithe de ghnó Bhus Éireann faoi fhorálacha an Achta sin den chéad uair. Leathnaíodh an tAcht ionas go gclúdófaí faoi na gníomhaíochtaí riaracháin arna ndéanamh ag rannóga de chuid na Cuideachta. Baineann na gníomhaíochtaí sin le soláthar seirbhísí iompair scoile don Roinn Oideachais. Faoin Acht, tá Bus Éireann faoi réir ag iarrataí Saorála Faisnéise tríd an Roinn Oideachais maidir le taifid arna gcruthú ón 21 Aibreán 2008.

Gnóthas Leantach

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Bhus Éireann i leith na bliana 2023 ar bhonn gnóthas leantach. Le bonn gnóthais leantaigh, glactar leis go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an gCuideachta chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú ar feadh ar a laghad 12 mhí ón dáta ar ar formheasadh na ráitis airgeadais seo. Measann Stiúrthóirí Bhus Éireann gur iomchuí bunús an ghnóthais leantaigh a ghlacadh agus na ráitis airgeadais i leith 2023 á n-ullmhú.

Leagtar amach tuilleadh sonraí i Nóta 2 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Teagmhais Iarchláir Comhardaithe

Níl aon teagmhais thábhachtacha iarchláir comhardaithe le tuairisciú lena n-éilítear coigeartú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais.

Iniúcháirí

Tar éis próiseas soláthair, roghnaíodh Forvis Mazars, na cuntasóirí cairte agus gnólacht iniúchóireachta reachtúla, mar iniúcháirí seachtracha nua do Ghrúpa CIÉ in 2019 le cead ón Aire Iompair. Rinne na hiniúcháirí, Forvis Mazars, an t-iniúchadh i leith 2023 le toiliú an Aire Iompair de réir Alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

Nochtadh Faisnéise do na hIniúcháirí

A mhéid is eol do gach duine de na Stiúrthóirí a bhí in oifig ar an dáta ar a ndearnadh na ráitis airgeadais a fhormheas:

- níl aon fhaisnéis iniúcháireachta ábhartha nach bhfuil iniúcháirí na Cuideachta ar an eolas fúithi; agus
- tá gach beart déanta ag na Stiúrthóirí ar cheart dóibh a bheith déanta acu i gcáil Stiúrthóirí chun iad féin a chur ar an eolas faoi fhaisnéis iniúcháireachta ábhartha ar bith agus lena chinntiú go bhfuil iniúcháirí na Cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Thar ceann an Bhoird



Miriam Hughes
Cathaoirleach



Brian Bowden
Stiúrthóir

6 Meitheamh 2024

Ráiteas um Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na Stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

Faoi dhlí na gcuideachtaí in Éirinn, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú i leith gach bliana airgeadais. Faoi dhlí sin, chinn na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann ('an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha'). Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní fhéadfaidh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a cheadú mura bhfuil siad deimhin go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta amháil deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús agus caillteanas na Cuideachta i leith na bliana airgeadais, agus go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí, 2014 i ngach slí eile.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú i gcomhair ráitis airgeadais na Cuideachta agus iad a chur chun feidhme go comhsheasmhach ansin
- Bbreithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- A shonrú cibé ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme agus na caighdeáin sin atá i gceist a shainaithint, agus aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin a thabhairt ar aird agus a mhíniú;
agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh an Chuideachta i mbun gnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an chuideachta, nó go gcuireann sí faoi deara go gcoinneofaí, taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ina ndéantar idirbhearta na Cuideachta a mhíniú agus a thaifeadadh go cruinn, a fhágann gur féidir, tráth ar bith, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús agus caillteanas na Cuideachta a chinneadh go réasúnta cruinn, a chuireann ar a gcumas dóibh a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí ag cloí le hAcht na gCuideachtaí, 2014 agus a fhágann gur féidir na ráitis airgeadais a iniúchadh.

Chomh maith leis sin, tá siad freagrach as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá na Stiúrthóirí freagrach as féachaint chuige go gcomhlíonfaidh an Chuideachta an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Ní gá gurb ionann an reachtaíocht in Éirinn maidir le hullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht atá i bhfeidhm i ndlínsí eile. Tá na Stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin na Cuideachta.

Tuarascáil na n-iniúcháirí neamhspleácha do chomhaltaí Bhus Éireann

Tuarascáil ar iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Tuairim

Tá ráitis airgeadais Bhus Éireann (an Chuideachta) iniúchta againn a chuimsíonn an Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas um Athruithe ar Chothromas, an Ráiteas faoi Shreabha Airgid agus nótaí na ráitis airgeadais, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha mar a leagtar amach i nóta 1. Is é an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a cuireadh chun feidhme agus iad á n-ullmhú ná dlí na hÉireann agus FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann eisithe sa Ríocht Aontaithe ag an Comhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRS 102).

Is é ár dtuairim é maidir leis na ráitis airgeadais leanas:

- go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais na Cuideachta amháin an 31 Nollaig 2023 agus ar an easnamh don bhliain airgeadais dar chríoch ar an dáta sin; agus
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir an chreata tuairiscithe airgeadais ábhartha agus,
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

Bunús leis an tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Éire) agus de réir an dlí is infheidhme. Déantar níos mó cur síos ar an bhfreagracht atá orainn faoi na caighdeáin sin thíos sa chuid 'Na Freagrachtaí atá ar an Iniúcháirí as an Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais' den tuarascáil uainn.

Táimid neamhspleách ar an gCuideachta de réir na gceanglas eitice is ábhartha maidir leis an iniúchadh a dhéanaimid ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil do Iniúcháirí arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúcháireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus chomhlíonamar na freagrachtaí eiticiúla eile atá orainn de réir na gceanglas sin.

Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuairamar chun bunús a thabhairt leis an tuairim uainn.

Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh againn, tháinig muid ar an gconclúid gur iomchuí úsáid na stiúrthóirí ar bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Bunaithe ar an obair a rinneamar, níor shainaithníomar aon neamhchinnteachtaí ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh, ina n-aonair nó i dteannta a chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an HFA leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta nuair a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo.

Faisnéis eile

Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as an bhfaisnéis eile. Cuimsítear leis an bhfaisnéis eile an fhaisnéis atá san áireamh sa tuarascáil bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais agus tuairisciúil an iniúchára uainn ina leith. Ní chuimsítear sa tuairim uainn ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, ach amháin sa mhéid a luaitear a mhalairt go sainráite sa tuarascáil uainn, ní léirímid aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

Is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuairamar le linn an iniúchadh, nó ar cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Má aithnímid neamhréireacht ábhartha den sórt sin nó ráiteas a ndealraíonn sé gur míráiteas ábhartha é, ní mór dúinn a chinneadh an bhfuil aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó an ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile. Más rud é, ar bhonn na hoibre a rinneamar, go gcinnimid go ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile sin, ní mór dúinn an méid sin a thuairisciú.

Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis sin.

Tuairimí ar ábhair eile a fhorordaítear le hAcht na gCuideachtaí 2014

Is é ár dtuairim, bunaithe ar an obair a rinneadh le linn an iniúchta, go dtuairiscimid:

- tá an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí don bhliain airgeadais a n-ullmhaítear na ráitis airgeadais ina leith ag teacht leis na ráitis airgeadais;
- ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí de réir na gceanglas dlí is infheidhme;
- ba leor taifid chuntasaíochta na Cuideachta chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart; agus
- réitíonn na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe uile atá riachtanach, chun an eolais agus an chreidimh atá againn, chun críocha ár n-iniúchta.

Nithe a gceanglaítear orainn tuairisciú orthu trí eisceacht

Bunaithe ar eolas agus tuiscint na Cuideachta agus a timpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níl aon mhíríteas ábhartha aitheanta againn i dtuarascáil na stiúrthóirí.

Ceanglaítear le hAcht na gCuideachtaí 2014 orainn tuairisc a thabhairt duit más rud é, inár dtuairim, nach gcomhlíonann an Chuideachta ceanglais aon cheann d'Ailt 305 go 312 den Acht, a bhaineann le nochtadh luach saothair agus idirbhearta stiúrthóirí. Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith seo.

Faoi gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (Lúnasa 2016) (an "Cód Cleachtais"), éilítear orainn tuairisc a thabhairt duit má tá an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh a éilítear faoi gCód Cleachtais mar atá san áireamh sa Ráiteas Rialachais Chorporáidigh i dtuarascáil na Stiúrthóirí nach léiríonn comhlíonadh na gcuideachtaí le mír 1.9 (iv) den Chód Cleachtais nó mura bhfuil sé ag teacht leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn ónár gcuid oibre iniúchta ar na ráitis airgeadais.

Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith seo.

Freagrachtaí Faoi Seach

Freagrachtaí atá ar na Stiúrthóirí as na Ráitis Airgeadais

Mar a dtugtar míniú níos iomláine air sa ráitis ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí, is iad na stiúrthóirí atá freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais de réir an creatlach tuairiscithe airgeadais infheidhme a thugann léargas fíor agus cóir agus as cibé rialú inmheánach a chinneadh an bhainistíocht is gá ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó de bharr earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na Stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, as nochtadh a dhéanamh, mar is infheidhme, ar nithe a bhaineann le gnóthas leantach agus as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid mura bhfuil sé i gceist ag bainistíocht an Chuideachta a leachtú ná deireadh a chur leis na hoibríochtaí, nó nach bhfuil aon rogha réalaióch acu ach é sin a dhéanamh.

Na Freagrachtaí atá ar an n-iúchóir as an iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais

Is iad na cuspóirí atá againn dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúchára a eisiúint ina bhfuil an tuairim uainn. Ardleibhéal dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní hionann é agus ráthaíocht go n-aimseofar i gcónaí in iniúchadh arna dhéanamh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Éire) míráiteas ábhartha más ann dó. Is féidir go n-eascródh míráitis as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, astu féin nó le chéile, go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach leis go mbeadh tionchar acu ar chinntí geilleagracha na n-úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí as iniúchadh na ráiteas airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin Údarás Maoirseachta Iniúcháireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann ag: http://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf. Tá an tuairisc seo mar chuid de thuarascáil ár n-iniúchára.

Aidhm ár gcuid oibre iniúchta agus a bhfuil ár bhfreagrachtaí dlite dúinn

Tá ár dtuarascáil á cur faoi bhráid chomhaltaí na Cuideachta, mar chomhlacht, agus faoina mbráid siúd amháin de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Cuireadh i gcrích ár n-obair iniúcháireachta ionas go bhféadfaimis a lua le comhaltaí na Cuideachta na nithe sin a cheanglaítear orainn a lua leo i dtuarascáil iniúcháir a chun na críche sin amháin. Sa mhéid is mó a cheadaítear le dlí, ní ghlacaimid freagracht d'aon duine seachas an Chuideachta agus comhaltaí na Cuideachta mar chomhlacht as ár n-obair iniúcháireachta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí ar ar thángthamar.



Tommy Doherty

Ar son agus thar ceann Forvis Mazars
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht
Iniúcháireachta Reachtúla
Ionad Fhearchair, Bloc 3
Bóthar Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

Dáta: 6 Meitheamh 2024

Cuntas Brabúis agus Cailteanais

Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
Ioncam			
Láimhdeachas oibriúcháin		403,619	338,003
Deontais ioncaim	14(e)	40	8,565
Fáltais ó na conarthaí Dírdhámhachtana Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus Oibritheoirí Bus Trachtála		180,043	163,926
Ioncam iomlán	3	583,702	510,494
Costais			
An párolla agus costais ghaolmhara	4(a)	(167,304)	(154,285)
Costais ábhar agus seirbhíse	5(a)	(414,908)	(353,321)
Iomlán na gcostas		(582,212)	(507,606)
TRÚCDA roimh chostais agus ioncaim eisceachtúla		1,490	2,888
Costais oibriúcháin agus ioncaim eisceachtúla	5(c)	60	79
Dímheas agus amúchadh (glan)	5(e)	(4,174)	(4,280)
(Easnamh) roimh ús agus cháin		(2,624)	(1,313)
Ús agus muirir dá shamhail	6	1,829	(196)
Easnamh don bhliain roimh cháin		(795)	(1,509)
Cáin ar an easnamh i leith na bliana	7	111	-
Easnamh don bhliain tar éis cánach		(684)	(1,509)

Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach

Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
Easnamh tar éis cánach don bhliain		(684)	(1,509)
Ioncam cuimsitheach eile don bhliain		–	–
Caillteanas cuimsitheach iomlán don bhliain		(684)	(1,509)

Clár Comhardaithe

ag 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní seasta doláimhsithe	8	10,415	7,342
Sócmhainní seasta inláimhsithe	9	48,125	47,713
		58,540	55,055
Sócmhainní reatha			
Stoic	10	5,232	4,727
Féichiúnaithe	11	170,706	188,016
Airgead agus coibhéisí airgid		1,673	897
		177,611	193,640
Creidiúnaithe (suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)	12	(110,892)	(130,373)
Glan sócmhainní reatha		66,719	63,267
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		125,259	118,322
Dliteanais neamhreatha			
Soláthairtí in aghaidh dliteanas	13	(63,715)	(62,214)
Ioncam iarchurtha	14(a)	(30,602)	(24,482)
		(94,317)	(86,696)
Glan sócmhainní		30,942	31,626
Caipiteal agus cúlchistí			
Scairchaipiteal glaoite	15	94,212	94,212
Cuntas brabúis agus caillteanais – iarmhéid tosaigh	15	(62,586)	(61,077)
Easnamh don bhliain		(684)	(1,509)
Caipiteal gnáthscaireanna iomlán		30,942	31,626

Thar Ceann an Bhoird



Miriam Hughes
Cathaoirleach



Brian Bowden
Stiúrthóir

6 Meitheamh 2024

Ráiteas um Athruithe ar an gCaipiteal Gnáthscaireanna

Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

Nótaí	Scair- chaipiteal glaoite €'000	Cuntas brabúis agus caillteanais €'000	Iomlán €'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2022	94,212	(61,077)	33,135
Caillteanas cuimsitheach iomlán don bhliain	–	(1,509)	(1,509)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2022	94,212	(62,586)	31,626
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2023	94,212	(62,586)	31,626
Caillteanas cuimsitheach iomlán don bhliain	–	(684)	(684)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023	94,212	(63,270)	30,942

Ráiteas um Shreabhadh Airgid

Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
Airgead glan (úsáidte i) ginte ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	16	(17,705)	42,271
Cánachas		111	–
Airgead glan (úsáidte i) ginte ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		(17,594)	42,271
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Breiseanna leis na sócmhainní seasta doláimhsithe	8	(4,247)	(3,470)
Breiseanna leis na sócmhainní seasta inláimhsithe	9	(10,996)	(1,572)
Deontais chaipitil a fuarthas	14c	15,553	8,272
Deontais chaipitil aistrithe go CIÉ	14c	(1,575)	(5,577)
Glanshreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		(1,265)	(2,347)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe			
Laghdú/(méadú) ar chomhardú leis an máthair chuideachta	11	17,806	(39,548)
Ús a fuair/a d'íoc an mháthair chuideachta agus a ghearr sí		1,829	(196)
Airgead glan ginte ó/(úsáidte i) ngníomhaíochtaí maoinithe		19,635	(39,744)
Glan méadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana		776	180
		897	717
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana		1,673	897

Áirítear le hairgead tirim agus coibhéisí airgid thirim méideanna atá dlite don NTA ó oibriú an Chonartha Ollchostais de réir Nóta 1(e)

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta

Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na uideachta ar bhonn gnóthas leantach de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, agus de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

Gníomhaíochtaí agus Úinéireacht

Is é CIÉ, ar fochuideachta de é Bus Éireann, údarás reachtúil náisiúnta na hÉireann a chuireann seirbhísí iompair phoiblí de thalamh ar fáil in Éirinn. Tá CIÉ ar lánúinéireacht ag Rialtas na hÉireann agus tuairiscíonn sé don Aire Iompair.

Is Cuideachta bainistíochta iompair é Bus Éireann, arb iad a phríomhghníomhaíochtaí bainistíocht agus pleanáil a dhéanamh ar ghréasán comhtháite seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí bus scoile a sholáthar, trí úsáid a bhaint as a acmhainní féin agus acmhainní fochonraitheoirí.

Is Cuideachta Tráchtála Stáit é Bus Éireann, an Chuideachta, agus tá sé ina chuid de Ghrúpa Cuideachtaí CIÉ. Athchláraíodh an Chuideachta mar Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe le feidhm ón 1 Feabhra 2016, faoi Acht na gCuideachtaí 2014. Is 119570 uimhir cláraithe an Cuideachta agus tá sé cláraithe i mBaile Átha Cliath le hoifigí cláraithe ar an Chloch Leathan, Baile Átha Cliath 7.

Baineann ráitis airgeadais na Cuideachta le gníomhaíochtaí Bhus Éireann agus leo sin amháin.

Achoimre ar Bheartais Shuntasacha Chuntasaíochta

Leagtar amach ar na leathanaigh seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Tá na beartais sin curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis na blianta go léir atá curtha i láthair, mura luaitear a mhalairt.

De réir mar a cheadaítear faoi Acht na gCuideachtaí 2014, tá leagan amach forordaithe an chuntais brabúis agus caillteanais oiriúnaithe ag na Stiúrthóirí ar bhealach is cuí do chineál ghnó na Cuideachta. Is ionann TRÚCDA agus tuilleamh cuideachta roimh choigeartú d'ús agus cánacha, dímheas ar shócmhainní seasta agus amúchadh na ndeontas caipitil arna bhfáil.

(a) Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS 102, ní mór leas a bhaint as boinn tuisceana thábhachtacha áirithe i leith na todhchaí, agus foinsí tábhachtacha eile neamhchinnteachta meastacháin ag an dáta tuairiscithe. Éilíonn sé freisin go ndéanfaidh Stiúrthóirí breithiúnas agus beartais chuntasaíochta na Cuideachta á gcur i bhfeidhm acu. Leagtar amach ag (v) thíos na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist, nó na réimsí ina bhfuil baol nach beag go ndéanfaidh boinn tuisceana agus meastacháin choigeartú ábhartha ar shuim ghlánluacha na sócmhainní agus na ndliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

Faoi FRS 102, cheadaítear díolúintí áirithe ó nochtadh d'eintitis incháilithe. Eintiteas incháilithe is ea an Chuideachta ach níor bhain sí leas as aon díolúine ó nochtadh atá ar fáil le haghaidh eintitis incháilithe.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

(b) Gnóthas leantach

Tá súil réasúnach ag na Stiúrthóirí go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an gCuideachta chun leanúint i mbun gnó oibríochtúil go ceann i bhfad. Déantar an deimhniú tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht trádála sa todhchaí, pleananna caiteachais caipitil agus infhaighteacht leachtachta. Bhreithnigh na stiúrthóirí rioscaí agus neamhchinnteachtaí sa ghnó chomh maith leis an bhfaisnéis phoiblí a bhí ar fáil. Dá bhrí sin, ullmhaíodh ráitis airgeadais seo an eintitis ar bhonn gnóthas leantach. Tá tuilleadh faisnéise i nóta 2.

(c) Airgeadra eachtrach

(i) Airgeadra feidhmiúil agus airgeadra tuairiscithe

Mura luaitear a mhalairt, is é an euro airgeadra feidhmiúil agus airgeadra tuairiscithe na Cuideachta, arna ainmniú ag an tsiombail '€'. Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair ina mílte ('000).

(ii) Idirbhearta agus iarmhéideanna

Déantar idirbhearta atá ainmnithe san airgeadra eachtrach a aistriú chuig an airgeadra feidhmiúil ar bhonn na rátaí malairte ar an láthair ar dháta na n-idirbheart.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar míreanna airgeadaíochta in airgeadra eachtrach a aistriú ina euro ar an ráta reatha. Déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a gcostas stairiúil a aistriú ar bhonn an ráta malairte ar dháta an idirbhirt agus déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a luach cóir a thomhas ar bhonn an ráta malairte nuair a cinneadh an luach cóir.

Is sa chuntas brabúis agus caillteanais a aithnítear gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh a eascraíonn as socraíocht idirbheart agus ón aistriú ag rátaí malairte ag deireadh na bliana airgeadais ar shócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha.

Cuirtear i láthair gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh a bhaineann le hiasachtaí agus airgead tirim agus coibhéisí airgid sa chuntas brabúis agus caillteanais faoi 'ús infhaighte agus ioncam dá shamhail' nó 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail' mar is cuí. Cuirtear gach gnóthachan agus caillteanas airgid eachtraigh eile i láthair sa chuntas brabúis agus caillteanais lastigh de chostais 'ábhair agus seirbhísí'.

(d) Láimhdeachas

Cuimsíonn an láimhdeachas luach comhlán na seirbhísí arna soláthar. Déantar an láimhdeachas a thomhas ar luach cóir na comaoine a fhaightear nó is infhála agus is ionann é agus an méid is infhála i leith seirbhísí a soláthraíodh.

Aithnítear láimhdeachas sa tréimhse ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil. Déantar cur síos thíos ar na príomhshruthanna ioncaim mar aon le cur síos ar an mbeartas aitheantais ioncaim le haghaidh gach srutha ioncaim:

Aithnítear ioncam airgid ar bhus agus ioncam ón gcóras ticéadaithe chomhtháite an lá a soláthraítear an tseirbhís. Tugtar anonn sna dliteanais na fáлтаis ó dhíol ticéad bliantúil agus táirgí eile le dáta sa todhchaí agus aithnítear iad sa ráiteas ioncaim thar thréimhse an táirge ábhartha.

Aithnítear ioncam eile sa tréimhse lena mbaineann sé.

(e) Íocaíochtaí agus deontais na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí**(i) Íocaíochtaí conarthaí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP) agus Dírdhámhachtana Oibritheoirí Bus Trachtála (CBO DAC)**

Déileáiltear le híocaíochtaí OSP agus CBO DAC arna bhfáil agus na cinn is infhála i rith na bliana sa chuntas brabúis agus caillteanais sa tréimhse ina mbíonn siad infhála.

Taifeadann Bus Éireann ioncam a ghintear faoin gconradh dámhachtana dírí OSP ar bhonn ollchostais. Íoctar luach saothair le Bus Éireann bunaithe ar chostas na seirbhísí a sholáthraítear. Déantar gach bosca táillí agus ioncam eile paisinéirí (ar nós Tax saver agus ioncam DSP) a fhaightear ón bpaisinéir iompair phoiblí a dháileadh ar an NTA agus ní aithnítear é a thuilleadh i gcuntas brabúis agus caillteanais Bhus Éireann. Cuireann Bus Éireann sonrasc isteach ar bhonn tréimhsiúil chun seirbhísí a sholáthar faoin gconradh OSP a íoctar leis an gCuideachta ar feadh tréimhse amháin i riaráiste.

(ii) Deontais ón Aontas Eorpach agus ón Státchiste

Déantar deontais ón Aontas Eorpach (AE) agus ón Státchiste a bhaineann le caiteachas caipitiúil a chur chun sochair don ioncam iarchurtha nuair a bhíonn siad infhála. Déanann Bus Éireann taifead ar dheontais faoin tSamhail Fabhráithe de réir mhír 24 de FRS102. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna ar a ndéanfar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

Aithnítear deontais i leith caiteachais sa chuntas brabúis agus caillteanais ag an am céanna is a thabhaítear an caiteachas gaolmhar a bhfuil an deontas beartaithe lena chúiteamh.

(iii) Scéim Fóirdheontais Pá Fostóra (EWSS)

Is éard a bhí sa Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (EWSS) ná tacaíocht fiontraíochta ar fud an gheilleagair do ghnólachtaí incháilithe i leith fostaithe incháilithe. Bhain Bus Éireann leas as an tacaíocht seo go dtí Aibreán 2022 agus d'aithin sé fóirdheontas a fuarthas laistigh de dheontais ioncaim i Nóta 14(e).

(iv) An Scéim Shealadach Tacaíochta Fuinnimh do Ghnóthaí (TBESS)

Tugadh an TBESS isteach chun tacú le gnólachtaí le méaduithe ar a gcostais leictreachais nó gáis nádúrtha (fuinneamh). Bhain Bus Éireann leas as seo le linn 2023 agus fuair sé fóirdheontas aitheanta laistigh de dheontais ioncaim i Nóta 14(e).

(f) (f) Costais ábhar agus seirbhísí

Cuimsítear le costais ábhar agus seirbhísí, a dtugtar costais oibriúcháin orthu freisin, na costais go léir a bhaineann le hoibríochtaí Bhus Éireann ó lá go lá, seachas costais dímhéasa, amúchta agus phárolla a ndéantar iad a nochtadh go leithleach sa chuntas brabúis agus caillteanais, agus tá siad leagtha amach ar shlí níos mionsonraithe i nóta 5 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

(g) (g) Ús infhála/ús iníoctha

Aithnítear ioncam úis nó costas úis faoi mhodh an ghlanráta úis.

(h) (h) Costais eisceachtúla

I gcuntas brabúis agus caillteanais Bhus Éireann, aithnítear torthaí ar leithligh roimh mhíreanna sonracha. Is iad na míreanna sonracha iad siúd a measaimid nach mór iad a nochtadh go leithleach mar gheall ar a méid, a gcineál nó a minicíocht. Creideann an Chuideachta go soláthraíonn an cur i láthair sin anailís bhreise toisc go ndírítear aird ar mhíreanna eisceachtúla dá bharr. Áirítear le nithe den sórt sin costais shuntasacha a bhaineann le hathstruchtúrú gnó.

Maidir leis an gcinneadh i dtaobh céard is brí le 'suntasach' sa sainmhíniú atá againn air, úsáideann an Chuideachta idir bhreithiúnas cáilíochtúil agus bhreithiúnas cainníochtúil agus measúnú á dhéanamh ar na míreanna áirithe arb amhlaidh ina leith, de bhua a méid agus a gcineál, go nochtar i gcuntas brabúis agus caillteanais na Cuideachta agus sna nótaí gaolmhara iad mar mhíreanna eisceachtúla.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

(i) Cáin

Cuimsíonn costas na cánach ioncaim don bhliain cáin reatha agus cáin iarchurtha arna n-aithint sa bhliain airgeadais. Cuirtear costas cánach ioncaim i láthair sa chomhpháirt chéanna den ioncam cuimsitheach iomlán (cuntas brabúis agus caillteanais nó ioncam cuimsitheach eile) nó den chaipiteal gnáthscaireanna leis an idirbheart nó an teagmhas eile as ar eascair an costas cánach ioncaim.

Ní dhéantar lascainiú ar shócmhainní agus dliteanais cánachais reatha ná cánachais iarchurtha.

(i) Cáin reatha

Is ionann cáin reatha agus an méid cánach ioncaim is iníoctha i leith an bhrabúis inchánaigh don bhliain airgeadais nó do bhlianta airgeadais roimhe sin. Déantar an cháin reatha a thomhas de réir mhéid na cánach reatha a mheastar a bheidh le híoc de réir rátaí cánach agus dlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go substaintiúil faoi dheireadh na bliana airgeadais.

(ii) Cáin iarchurtha

Aithnítear cáin iarchurtha maidir leis na difríochtaí uainiúcháin, arb iad na difríochtaí idir brabúis inchánacha agus ioncam cuimsitheach iomlán mar atá luaite sna ráitis airgeadais. Eascraíonn na difríochtaí uainiúcháin ó chuimsiú ioncaim agus caiteachais sna measúnachtaí cánach i mblianta airgeadais seachas na cinn ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha ar na difríochtaí uainiúcháin ag deireadh gach bliana airgeadais faoi réir eisceachtaí áirithe. Ní aithnítear caillteanais chánach neamhfhaoisimh agus sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair is dócha go ndéanfar iad a aisghabháil i gcoinne aisiompú dliteanas cánach iarchurtha nó brabúis eile inchánacha sa todhchaí.

(j) Idirbhearta páirtithe gaolmhara

Fochuideachta de chuid Ghrúpa CIÉ is ea Bus Éireann. Nochtann Bus Éireann idirbhearta le páirtithe gaolmhara nach bhfuil ar lánúinéireacht laistigh den ghrúpa. Ní nochtann sé idirbhearta le baill den ghrúpa céanna atá ar lánúinéireacht.

I ngnáthchúrsa an ghnó, ceannaíonn an Chuideachta earraí agus seirbhísí ó eintitis arna rialú ag Rialtas na hÉireann. Ar na heintitis is tábhachtaí díobh sin tá An Post, agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair. Tá na Stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil cainníocht na gceannachán sin ábhartha i ndáil le gnó na Cuideachta.

(k) Sócmhainní seasta doláimhsithe

Tugtar bogearraí ríomhaire anonn ar an gcostas lúide amúchadh carntha agus caillteanais lagaithe charntha. Déantar bogearraí a amúchadh thar a saol úsáideach tuartha, idir trí bliana agus cúig bliana, ar mhodh an mhéid chothroim. Ní mheastar go bhfuil luach iarmharach ag bogearraí. Sa chás ina dtugtar le fios de bharr tosca amhail dul chun cinn na teicneolaíochta nó athruithe ar phraghsanna margaidh go bhfuil athrú tagtha ar shaol úsáideach na mbogearraí, déantar an saol úsáideach a leasú ar bhonn ionchasach chun na cúinsí nua a chur san áireamh. Déantar athbhreithniú i ndáil le lagú ar shócmhainní seasta doláimhsithe má tá aon rud ann a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn sheasta dholáimhsithe a bheith lagaithe.

(I) Sócmhainní seasta inláimhsithe

Déantar sócmhainní seasta inláimhsithe a thabhairt anonn ar a gcostas, lúide dímheas carntha agus caillteanais lagaithe charntha. Áirítear sa chostas an praghas ceannaigh bunaidh, costais arna dtabhú ar bhonn díreach i dtaobh an tsócmhainn a thabhairt chuig an láthair agus a chur sa riocht is gá don úsáid atá ceaptha di, agus costais díchoimisiúnaithe is infheidhme.

Is iad seo a leanas boinn ríofa an dímheasa:

(i) *Dímheas agus luachanna iarmharacha*

Feithiclí paisinéirí bóthair

Déantar dímheas ar chostas stairiúil na bhfeithiclí paisinéirí bóthair, seachas busanna scoile, thar a saol úsáideach tuartha, ar bhonn céatadáin laghdaithe a léiríonn úsáid na bhfeithiclí ar feadh a saoil. Déantar dímheas ar chostas stairiúil na mbusanna scoile i dtráthchodanna cothroma thar a saol úsáideach tuartha.

Tosaíonn an dímheas ar na sócmhainní sin nuair a chuirtear chun seirbhíse iad sa fhlít den chéad uair. Tar éis mionathbhreithniú le linn 2023 rinneadh cinne nach raibh sé riachtanach muirear bearnúcháin a gearradh ar luach fhlít le linn 2023.

Gléasra agus innealra

Déantar gléasra agus innealra a dhímheas, trí thráthchodanna cothroma bliantúla, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a saol úsáideach tuartha. Tar éis mionathbhreithniú rinneadh cinne nach raibh sé riachtanach muirear bearnúcháin a gearradh ar luach ghléasra agus innealra le linn 2023.

Tá sonraí i dtaobh shaol úsáideach tuartha na gcineálacha éagsúla sócmhainní chun críocha dímheasa sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Déantar athbhreithniú ar luachanna iarmharacha na sócmhainní agus a saol úsáideach, agus déantar iad a choigeartú, más iomchuí, ag deireadh gach bliana airgeadais. Cuirtear éifeacht aon athraithe ar luachanna iarmharacha nó ar shaol úsáideach san áireamh sna cuntais ar bhonn ionchasach.

(ii) *Breiseanna agus comhpháirteanna móra iardain*

Ní dhéantar costais iardain, lena n-áirítear costais maidir le comhpháirteanna arna n-athsholáthar, a áireamh i suim ghlanluacha na sócmhainne ná a aithint mar shócmhainn ar leithligh, de réir mar is iomchuí, ach amháin nuair is dócha go mbeidh sochair eacnamaíocha a bhaineann leis an mír i ndán don Chuideachta agus gur féidir an costas a thomhas ar bhonn iontaofa.

Caitear le comhpháirteanna móra mar shócmhainní ar leithligh sa chás ina mbaineann patrúin dhifriúla tomhaltais leo i dtaobh sochair eacnamaíocha agus déantar dímheas orthu go leithleach thar a saol úsáideach.

Cuirtear costais síos i leith deisiúcháin agus cothabhála de réir mar a thabhaítear iad.

(iii) *Dí-aithint*

Déantar sócmhainní inláimhsithe a dhí-aithint ar a ndiúscairt nó nuair nach bhfuiltear ag súil le haon sochar eacnamaíoch sa todhchaí. Tráth na diúscairthe, déantar an difríocht idir an glanfháltas diúscairthe agus an tsuim ghlanluacha a aithint sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

(m) Sócmhainní léasaithe

(i) Léasanna oibriúcháin

Faoi léasanna oibriúcháin, ní aistrítear iomlán an riosca agus luach saothair a ghabhann le húinéireacht chuig an léasaí. Aithnítear íocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin sa chuntas brabúis agus caillteanais ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa.

(ii) Dreasachtaí léasa

Déantar dreasachtaí a fuarthas chun dul i mbun léas oibriúcháin a aithint mar laghdú ar chostas an léasa oibriúcháin ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa.

(iii) Sócmhainní ar Léas an NTA

Aithnítear dreasachtaí a fuarthas chun dul isteach i léas oibríochta mar laghdú ar chostas an léasa oibriúcháin ar bhonn líne dhíreach thar thréimhse an léasa.

(n) (n) Lagú na sócmhainní neamhairgeadais

Ag deireadh gach bliana airgeadais déantar measúnú ar shócmhainní neamhairgeadais nach dtugtar anonn ar a luach cóir lena chinneadh cibé an bhfuil aon rud a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) a bheith lagaithe. Má thugtar a leithéid le fios déantar meastachán ar mhéid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne).

Is ionann méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) agus a luach cóir lúide costais díolacháin nó an luach úsáide, cibé acu is airde. Is ionann an luach úsáide agus luach láithreach na sreafaí airgid amach anseo a mheastar a eascróidh as úsáid leanúnach na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) agus óna diúscairt deiridh.

Agus an luach úsáide á thomhas, déantar sreafaí airgid roimh cháin agus ús a lascainiú ar ráta lascaine réamhchánach a léiríonn an ráta margaidh reatha saor ó riosca agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn nach bhfuil na meastacháin ar shreabhadh airgid sa todhchaí coigeartaithe ina leith.

Más lú méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) ná suim ghlanluacha na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid), laghdaítear an tsuim ghlanluacha chuig a méid in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas lagaithe sa chuntas brabús nó caillteanais.

(o) Stoc

Cuimsítear sna stoic ábhair chothabhála, páirteanna breise agus breosla agus míreanna eile éagsúla stoic. Déantar stoic ábhar agus páirteanna breise a luacháil ar a meánchostas ualaithe nó a nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Cuimsítear sa chostas an luach ceannaigh, lena n-áirítear cánacha agus dleachtanna agus iompar agus láimhseáil atá inchurtha go díreach i leith an stoc a thabhairt chuig a láthair reatha agus a chur ina riocht reatha.

Amhail dáta an chláir comhardaithe, díscríobhtar na stoic arb eol go bhfuil siad imithe i léig agus déantar caillteanas a thaifeadadh i ndáil le stoic a meastar atá lagaithe.

(p) Airgead tirim agus coibhéisí airgid

Áirítear le hairgead tirim agus coibhéisí airgid airgead ar láimh, taiscí faoi ghlaoch le bainc, infheistíochtaí an-leachtach gearrthréimhseacha eile le haibíocht bhunaidh trí mhí nó níos lú, agus rótharraingtí bainc. Taispeántar rótharraingtí bainc leis na hiasachtaí sna dlíteanais reatha.

(q) Ionstraimí airgeadais

Roghnaigh an Chuideachta forálacha Alt 11 agus Alt 12 de FRS 102 a chur chun feidhme maidir le cuntas a thabhairt i leith gach ceann dá cuid ionstraimí airgeadais.

(i) Sócmhainní airgeadais

Tá roinnt sócmhainní airgeadais bunúsacha ag an gCuideachta lena n-áirítear féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile, méideanna atá dlite ó ghrúp Chuideachtaí agus airgead tirim agus coibhéisí airgid, atá tar taifead leis na sócmhainní reatha mar chinn atá dlite laistigh de bhliain amháin.

Aithnítear sócmhainní airgeadais bunúsacha den chéad uair ar an bpraghas idirbhirt (lena n-áirítear costais an idirbhirt), mura rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú. Más rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú, déantar an tsócmhainn airgeadais a thig as sin a thomhas ar dtús ar luach láithreach na bhfáltais sa todhchaí arna lascainiú ar ráta margaidh úis i gcomhair ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile, airgead tirim agus coibhéisí airgid, agus sócmhainní airgeadais ó shocruithe ar idirbhearta maoinithe iad a thomhas ina dhiaidh sin ar chostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar sócmhainní airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta a mheasúnú i leith fianaise oibiachtúil ar lagú. Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil lagú tagtha ar shócmhainn airgeadais arna tomhas ar chostas amúchta, aithnítear caillteanas lagaithe sa chuntas brabús nó caillteanais. Is ionann an caillteanas lagaithe agus an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne airgeadais agus luach láithreach shreafaí airgid measta na sócmhainne airgeadais arna lascainiú ag glanráta úis bunaidh na sócmhainne.

Más rud é, i mbliain airgeadais ina dhiaidh sin, go laghdóidh méid an chaillteanais lagaithe agus gur féidir an laghdú a cheangal go hoibiachtúil le teagmhas a tharla tar éis gur aithníodh an lagú, déantar an caillteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin a aisiompú. Déantar an t-aisiompú sa chaoi is nach sáróidh an tsuim ghlanluacha láithreach luach na suime glanluacha dá mba rud é nár aithníodh an caillteanas lagaithe roimhe sin. Aithnítear aisiompú an lagaithe sa chuntas brabúis agus caillteanais.

(ii) Dliteanais airgeadais

Ar an gcaoi chéanna, déantar roinnt ionstraimí airgeadais bunúsacha atá san áireamh sna dliteanais reatha, lena n-áirítear creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí bainc agus rótharraingtí agus iasachtaí ó ghrúp Chuideachtaí eile, a aithint den chéad uair ar phraghas an idirbhirt, mura rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú. Más rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú, déantar an dliteanas airgeadais a thig as sin a thomhas ar dtús ar luach láithreach na n-íocaíochtaí sa todhchaí arna lascainiú ar ráta margaidh úis i gcomhair ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí ó ghrúp Chuideachtaí eile, agus dliteanais airgeadais ó shocruithe ar idirbhearta maoinithe iad a thabhairt anonn ina dhiaidh sin ar chostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Is ionann creidiúnaithe trádála agus oibleagáidí i leith íoc as earraí nó seirbhísí atá faighte i ngnáthchúrsa an ghnó ó sholáthraithe. Déantar creidiúnaithe trádála a aicmiú mar chinn atá dlite laistigh de bhliain amháin má bhíonn íocaíocht dlite laistigh de bhliain amháin nó níos lú. I gcás ar bith eile, cuirtear i láthair iad mar shuimeanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin. Aithnítear creidiúnaithe trádála ar dtús ar phraghas an idirbhirt agus déantar iad a thomhais ina dhiaidh sin iad ar a gcostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

(r) Soláthairtí

s ionann soláthairtí agus dliteanais atá neamhchinnte ó thaobh ama nó méid. Aithnítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe reatha ar an gCuideachta de thoradh teagmhais a tharla roimhe seo; nuair is dócha go mbeidh aistriú sochar geilleagar de dhíth chun an oibleagáid a ghlanadh; agus nuair is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

Déantar soláthairtí a thomhas mar luach reatha an mheastacháin is fearr ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh ag baint úsáid as ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe reatha an mhargaidh ar amluach airgid agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an dliteanas. Déantar athbhreithniú ar sholáthairtí ag deireadh gach bliana airgeadais agus déantar iad a choigeartú chun an meastachán reatha is fearr a thabhairt ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais sa chuntas brabúis agus caillteanais, arna chur i láthair faoi 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail' sa bhliain airgeadais ina dtagann sé i gceist.

Sa chás ina bhfuil roinnt oibleagáidí dá samhail ann, cinntear an dóchúlacht go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ag teastáil chun iad a ghlanadh trí bhreathnú ar aicme na n-oibleagáidí ina hiomláine.

Aithnítear soláthairtí i ndáil le hathstruchtúrú nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe ar an gCuideachta ag deireadh na bliana airgeadais i dtaobh an t-athstruchtúrú a chur i gcrích. Tá oibleagáid inchiallaithe ar an gCuideachta athstruchtúrú a dhéanamh nuair is ann do phlean mionsonraithe foirmiúil don athstruchtúrú sin agus nuair a chruthaigh an Chuideachta ionchas bailí i measc na ndaoine dá ndéanann sé difear, trí thosú ar an bplean a chur chun feidhme nó trí phríomhghnéithe an phlean a fhógairt dóibh siúd dá ndéanann sé difear.

Déantar soláthar do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ag dáta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don Chuideachta fós.

Cuimsítear sna soláthairtí eile soláthairtí a bhaineann le hoibriú na seirbhísí bus, soláthairtí a bhaineann le pá, soláthairtí comhshaoil, éilimh dlí agus soláthairtí a bhaineann le pinsin. Ní dhéantar soláthar i gcoinne caillteanais oibriúcháin sa todhchaí.

(s) Dliteanais agus sócmhainní teagmhasacha

I gcás dliteanais theagmhasacha, a eascraíonn de thoradh nithe a tharla roimhe seo, ní aithnítear mar dhliteanas iad toisc nach dócha go mbeidh ar an gCuideachta sochair eacnamaíocha a aistriú chun an oibleagáid a ghlanadh nó toisc nach féidir an méid a thomhas go hiontaofa ag deireadh na bliana airgeadais. Ní aithnítear oibleagáidí féideartha neamhchinnte mar dhliteanais ach is dliteanais theagmhasacha iad. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin mura dócha in aon chor go dtarlóidh eis-sreabhadh acmhainní.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go dtarlóidh insreabhadh sochar geilleagraich.

(t) Sochair d'fhostaithe

Cuireann an Chuideachta roinnt sochar ar fáil d'fhostaithe ag brath ar a ngrád, a sinsearachta agus ar oibleagáidí reachtúla. I measc na sochar tá íoc tuarastail nó pá agus íoc préimheanna le haghaidh obair bhreise arna déanamh.

Lena chois sin déantar ranníocaíochtaí fostóra maidir le pinsean, i gcás baill foirne inchailithe, isteach sna scéimeanna pinsin faoi seach.

Plean pinsin le sochar sainithe

Feidhmíonn Grúpa CIÉ dhá phlean le sochar sainithe (Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochar sainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951) d'fhostaithe ghrúpa CIÉ. Sainítear i bplean le sochar sainithe an sochar pinsin a gheobhaidh an fostaí ar dhul ar scor dó nó di, ag brath de ghnáth ar roinnt tosca lena n-áirítear aois, fad seirbhíse agus luach saothair. Is ionann plean le sochar sainithe agus sochar iarfhostaíochta seachas ranníocaíochtaí sainithe.

Tá cuntas tugtha ar na scéimeanna sin i ráitis airgeadais Ghrúpa CIÉ. Tomhaistear sócmhainní na scéime pinsin le sochar sainithe ar a luach cóir. Tomhaistear dliteanas na scéime pinsin le sochar sainithe ar bhonn achtúireach faoi mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Léirítear barrachas dhliteanas na scéimeanna ar shócmhainní na scéimeanna mar dhliteanas ar chlár comhardaithe CIÉ. Glacann na fochuideachtaí go léir, mar aon le CIÉ féin, páirt i Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochar sainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951. Ní shonraítear i rialacha na scéime conas ba chóir aon bharrachas nó easnamh a leithdháileadh i measc fostóirí rannpháirteacha agus níl aon chomhaontú conartha ná beartas luaite i dtaobh glanchostas sochar sainithe a leithdháileadh ar na grúpeintitis aonair. Dá réir sin, aithnítear glanchostas sochar sainithe na scéimeanna ina n-iomláine i ráitis airgeadais ar leithligh CIÉ toisc gurb amhlaidh, in éagmais socrú foirmiúil conartha a bheith i bhfeidhm, go gcreideann na stiúrthóirí gurb é an t-eintiteas sin atá freagrach as na scéimeanna faoin dlí. Aithníonn na heintitis rannpháirteacha eile, lena n-áirítear Bus Éireann, costas arb ionann é agus a ranníocaíocht i leith na tréimhse. Tá sonraí breise i dtaobh na scéimeanna sin leagtha amach i nóta 18.

(u) Caipiteal gnáthscaireanna

Déantar gnáth-scairchaipiteal glaoite agus cúlchistí ioncaim a aicmiú mar chaipiteal gnáthscaireanna agus atá siad leagtha amach i nóta 15 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

(v) Meastacháin agus boinn tuisceana ríthábhachtacha cuntasaíochta

Déantar athmheasúnú leanúnach ar mheastacháin agus breithiúnais arna ndéanamh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú agus tá siad bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile, lena n-áirítear meastacháin maidir le teagmhais amach anseo a mheastar a bheith réasúnach sna himthosca.

